**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0003/2024**

12.1.2024

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas
(COM(2023)0512 – C9-0328/2023 – 2023/0311(COD))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Ďuriš Nicholsonová Lucia

Rapóirtéir don tuairim ó choiste comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Erik Bergkvist, an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

PR_COD_1amCom
PR_COD_1amCom

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................... 4

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ....................................... 63

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ....................................... 65

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT ....................................... 66

LITIR ÓN GCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA ....................................... 120

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM CHEARTA NA MBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE ....................................... 126

LITIR ÓN GCOISTE UM ACHAINÍOCHA ....................................... 144

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ....................................... 147

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ...... 148

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas**
**(COM(2023)0512 – C9-0328/2023 – 2023/0311(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0512),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 53(1) agus d’Airteagal 62, d’Airteagal 91 agus d’Airteagal 21(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0328/2023),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an xx.xx. 2023[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an xx.xx. 2023[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus ón gCoiste um Achainíocha,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0003/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

---

[1] IO C xxx, xx.xx.xxxx, lch. x. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
[2] IO C xxx, xx.xx.xxxx, lch. x. / Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá an tAontas ***Eorpach*** fothaithe ar luachanna dhínit an duine, na saoirse, agus urramú chearta an duine agus tá sé tiomanta don idirdhealú a chomhrac, lena n-áirítear ar fhorais mhíchumais, mar a leagtar amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach, sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) ***agus*** i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt'). | (1) Tá an tAontas fothaithe ar luachanna dhínit an duine, na saoirse, ***an chomhionannais*** agus urramú chearta an duine agus ***tá*** sé tiomanta don idirdhealú a chomhrac, lena n-áirítear ar fhorais mhíchumais, mar a leagtar amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)***,*** i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt') ***mar aon le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD)[1a].***<br>_________________<br>***[1a] Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas i gcrích (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35).*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tá an ceart bunúsach ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus leis na bearta arna nglacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. | (3) Tá an ceart bunúsach ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus leis na bearta arna nglacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. ***Aithnítear in Airteagal 18 de UNCRPD freisin cearta daoine faoi mhíchumas chun saoirse gluaiseachta agus chun saoirse chun a n-áit chónaithe a roghnú ar bhonn comhionann le daoine eile.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) De réir Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá sé i gceist go mbeidh saoránacht an Aontais ina stádas bunúsach do náisiúnaigh na mBallstát agus an ceart chun gluaiseacht agus cónaí ar chríoch na mBallstát á fheidhmiú acu, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh siúd a mbíonn sa chás céanna leas a bhaint as an gcóir chéanna sa dlí , laistigh de raon feidhme ratione materiae CFAE, gan beann ar a náisiúntacht, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear go sainráite. | (4) De réir Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá sé i gceist go mbeidh saoránacht an Aontais ina stádas bunúsach do náisiúnaigh na mBallstát agus an ceart chun gluaiseacht agus cónaí ar chríoch na mBallstát á fheidhmiú acu, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh siúd a mbíonn sa chás céanna leas a bhaint as an gcóir chéanna sa dlí , laistigh de raon feidhme ratione materiae CFAE, gan beann ar a náisiúntacht, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear go sainráite. ***Ba cheart, ar mhaithe le cóir chomhionann, go mbeadh feidhm freisin ag an gceart chun saorghluaiseachta maidir le náisiúnaigh triú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil acu i mBallstát agus míchumas aitheanta orthu sa Bhallstát sin. Dá bhrí sin, tá an Treoir seo á comhlánú le gníomh dlí ar leithligh, atá chun an bhearna dhlíthiúil a dhúnadh i ndáil leis sin idir saoránaigh an Aontais Eorpaigh agus náisiúnaigh triú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil orthu san Aontas Eorpach agus atá chun foráil a dhéanamh do bhreis deimhneachta dlíthiúla.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Tá an tAontas ina Pháirtí ***i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas*** (UNCRPD)***[39]*** , agus tá sé faoi cheangal ag a fhorálacha ar cuid dhílis iad de dhlíchóras | (5) Tá an tAontas ina Pháirtí in UNCRPD, agus tá sé faoi cheangal ag a fhorálacha ar cuid dhílis iad de dhlíchóras an Aontais go feadh a inniúlachtaí. Tá na Ballstáit uile ina bPáirtithe in UNCRPD |

| | |
|---|---|
| an Aontais go feadh a inniúlachtaí. Tá na Ballstáit uile ina bPáirtithe in UNCRPD agus tá siad faoi cheangal aige freisin go feadh a n-inniúlachtaí. | agus tá siad faoi cheangal aige freisin go feadh a n-inniúlachtaí. ***Cé gur shínigh agus gur dhaingnigh an tAontas agus a Bhallstáit uile UNCRPD, tá difríochtaí suntasacha ann maidir lena chur chun feidhme. Is gá dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhionannas do dhaoine faoi mhíchumas san Aontas féin mar aon leis na Ballstáit uile, mar shampla trí infheistíochtaí i mbonneagar, fothú acmhainneachta, oiliúint agus feachtais ardaithe feasachta. Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit uile freisin an Prótacal Roghnach a ghabhann le UNCRPD a dhaingniú.*** |

***[39] Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas i gcrích, IO L 23, 27.1.2010, lch. 35.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is é is cuspóir do UNCRPD tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú, agus meas ar a ndínit bhunúsach a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin a rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile a áirithiú. Aithnítear le UNCRPD freisin an tábhacht a bhaineann leis an ngá atá le bearta iomchuí a dhéanamh chun inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú. | (6) ***Aithnítear faoi UNCRPD go n-áirítear ar dhaoine faoi mhíchumas daoine a bhfuil lagú fadtéarmach coirp, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu a bhféadfadh cóir idirdhealaitheach a bheith mar thoradh orthu nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla comhshaoil, riaracháin, teicneolaíochta agus sochaíocha Dá bhrí sin***, is é is cuspóir do UNCRPD tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú, agus meas ar a ndínit bhunúsach, ***neamhspleáchas an duine aonair, lena n-áirítear an tsaoirse chun a roghanna féin a dhéanamh, agus*** |

***neamhspleáchas daoine*** a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin a rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile a áirithiú. Aithnítear le UNCRPD freisin an tábhacht a bhaineann le ***hurraim a thabhairt d'éagsúlacht daoine faoi mhíchumas le go nglactar leo mar chuid den éagsúlacht dhaonna agus den chine daonna agus*** leis an ngá atá le bearta iomchuí a dhéanamh chun ***comhionannas deiseanna agus*** inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Aithnítear faoi UNCRPD freisin na dálaí deacra a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas atá faoi réir cineálacha iomadúla nó géaraithe idirdhealaithe ar bhonn cine, datha, gnéis, teanga, reiligiúin, tuairimí polaitiúla nó tuairimí eile, bunús náisiúnta, eitneach, dúchasach nó sóisialta, maoine, breithe, aoise nó stádais eile. Go háirithe, aithnítear ann prionsabal an chomhionnais inscne, gur minic gurb iad mná agus cailíní faoi mhíchumas is mó atá i mbaol agus faoi réir idirdhealú iomadúil agus trasnach, agus gur cheart do na Stáit is Páirtithe bearta leormhaithe a dhéanamh chun a áirithiú go mbainfidh siad tairbhe iomlán agus chomhionann as cearta uile an duine agus as na saoirsí bunúsacha uile. Dá bhrí sin, ní mór gné shoiléir comhionannais inscne a bheith ag an gCárta Míchumais Eorpach agus ag an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas agus rannchuidiú le feabhas a chur ar an tsaorghluaiseacht, go háirithe do mhná agus cailíní faoi mhíchumas. Ba cheart don Choinbhinsiún chun Foréigean in*** |

***aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac, ar páirtí ann an tAontas, treoir a thabhairt freisin maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach a bhunú do dhaoine faoi mhíchumas sa chomhthéacs sin.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Foráiltear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, agus an Coimisiún Eorpach in Göteborg an 17 Samhain 2017[40] , go bhfuil ceart chun córa comhionainne agus chun deiseanna comhionanna ag gach duine, inter alia, gan beann ar mhíchumas, a mhéid a bhaineann le fostaíocht, cosaint shóisialta, oideachas, agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal (prionsabal 3). Ina theannta sin, aithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag daoine faoi mhíchumas chun seirbhísí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh páirt a ghlacadh sa tsochaí (prionsabal 17). | (7) Foráiltear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, agus an Coimisiún Eorpach in Göteborg an 17 Samhain 2017[40] , go bhfuil ceart chun córa comhionainne agus chun deiseanna comhionanna ag gach duine, inter alia, gan beann ar mhíchumas, a mhéid a bhaineann le ***fostaíocht, cosaint shóisialta, oideachas, agus*** rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal ***agus go gcothófar comhionannas deiseanna na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht*** (prionsabal 3). Ina theannta sin, aithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag daoine faoi mhíchumas chun ***tacaíocht ioncaim a fháil lena n-áirithítear go mbeidh saol le dínit acu,*** chun seirbhísí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh páirt a ghlacadh sa tsochaí ***agus i dtimpeallacht oibre atá oiriúnaithe dá riachtanais*** (prionsabal 17). |
| [40] An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, IO C 428, 13.12.2017, lch. 10. | [40] An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, IO C 428, 13.12.2017, lch. 10. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Tá sé beartaithe le Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 dul i ngleic leis na dúshláin éagsúla a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas agus dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí uile de UNCRPD, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Mar gheall ar an easpa aitheantais maidir le stádas míchumais idir na Ballstáit, ***d'fhéadfadh*** deacrachtaí sonracha a bheith ag daoine faoi mhíchumas agus a gcearta bunúsacha chun saorghluaiseachta á bhfeidhmiú acu. | (10) Mar gheall ar an easpa aitheantas ***frithpháirteach*** maidir le stádas míchumais idir na Ballstáit, ***is minic*** a bhíonn deacrachtaí ***agus bacainní*** sonracha ***agus suntasacha*** roimh dhaoine faoi mhíchumas agus a gcearta bunúsacha chun ***córa comhionainne,*** chun ***neamh-idirdhealú agus*** chun saorghluaiseachta á bhfeidhmiú acu. ***Aithnítear le samhail shóisialta an mhíchumais go n-eascraíonn idirdhealú agus eisiamh sóisialta a bhíonn ar dhaoine faoi mhíchumas as na bacainní comhshaoil, sistéamacha agus dearcaidh sa tsochaí, seachas a lagú, mar a shainmhínítear in UNCRPD agus sa Treoir seo. Moltar do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a nósanna imeachta náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar stádas míchumais i gcomhréir le forálacha UNCRPD.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Daoine faoi mhíchumas ***a bhogann*** ar feadh tréimhsí níos faide go Ballstáit eile chun críocha ***fostaíochta***, staidéar a dhéanamh nó ***críocha eile, cé is moite den chás ina bhforáiltear a mhalairt le dlí nó i gcás ina ndearnadh comhaontú i measc na mBallstát, féadfaidh*** na húdaráis inniúla sa Bhallstát eile a stádas míchumais ***a mheasúnú agus a aithint go foirmiúil agus féadfaidh*** siad deimhniú míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear a stádas míchumais a fháil i gcomhréir le rialacha infheidhme an Bhallstáit sin. | (11) ***I gcás go mbogann*** daoine faoi mhíchumas ar feadh tréimhsí níos faide go Ballstáit eile chun ***obair*** nó staidéar a dhéanamh nó ***i gcomhthéacs rannpháirtíocht i gclár soghluaisteachta AE amhail ERASMUS+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, ba cheart bhfeidhmeodh an Cárta Míchumais Eorpach mar aitheantas sealadach ar*** a stádas míchumais ***go dtí go mbeidh cinneadh foirmiúil maidir le measúnú agus aitheantas foirmiúil ar an stádas glactha*** ag na húdaráis inniúla sa Bhallstát eile***, trí bhíthin*** deimhniú míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear a stádas míchumais i gcomhréir le rialacha infheidhme an Bhallstáit sin. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Mar sin féin, daoine a bhfuil stádas míchumais aitheanta acu agus iad ag taisteal go Ballstát nó ag tabhairt cuairt ar ***Bhallstát*** seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu ar feadh tréimhse ghairid, ***d'fhéadfadh*** deacrachtaí suntasacha a bheith acu mura n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát a dtaistealaíonn siad chuige nó a thugann siad cuairt air agus mura bhfuil deimhniú, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile ina seilbh acu lena n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát aíochta, chun leas a bhaint as coinníollacha speisialta agus/nó as cóir fhabhrach a chuirtear ar fáil ansin. | (12) Mar sin féin, daoine a bhfuil stádas míchumais aitheanta acu agus iad ag taisteal go Ballstát nó ag tabhairt cuairt ar ***Bhallstát*** seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu ar feadh tréimhse ghairid, ***is minic*** deacrachtaí suntasacha acu ***agus bacainní*** rompu, mura n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát a dtaistealaíonn siad chuige nó a thugann siad cuairt air agus mura bhfuil deimhniú, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile ina seilbh acu lena n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát aíochta, chun leas a bhaint as coinníollacha speisialta agus/nó as cóir fhabhrach a chuirtear ar fáil ansin. ***Is minic a bhíonn deacrachtaí sonracha ag daoine faoi mhíchumas dofheicthe nuair a iarrtar orthu a míchumas a*** |

***chruthú agus iad ag taisteal.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Sa chás sin, cuirtear daoine faoi mhíchumas a thaistealaíonn chuig Ballstát eile nó a thugann cuairt ar Bhallstát eile faoi mhíbhuntáiste agus a gcearta saorghluaiseachta á bhfeidhmiú acu i gcomparáid le daoine faoi mhíchumas a bhfuil deimhniú míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile acu lena n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát a bhfuil siad ag taisteal chuige nó a bhfuil siad ag tabhairt cuairt air. | (13) Sa chás sin, cuirtear daoine faoi mhíchumas a thaistealaíonn chuig Ballstát eile nó a thugann cuairt ar Bhallstát eile faoi mhíbhuntáiste ***trom*** agus a gcearta saorghluaiseachta á bhfeidhmiú acu i gcomparáid le ***daoine nach bhfuil faoi mhíchumas chomh maith le*** daoine faoi mhíchumas a bhfuil deimhniú míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile acu lena n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát a bhfuil siad ag taisteal chuige nó a bhfuil siad ag tabhairt cuairt air. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Léirítear i roinnt achainíocha arna seachadadh chuig Parlaimint na hEorpa agus arna dtarchur chuig an gCoimisiún go bhfuil imní ar shaoránaigh an Aontais maidir le Cárta Míchumais Eorpach agus Cárta Páirceála Eorpach a thabhairt isteach a aithnítear ar fud an Aontais mar aon le haitheantas frithpháirteach ar mhíchumas ar fud na mBallstát[1a].*** |

***[1a] Achainí 0756-2019 ó P.T. (Gearmánach), maidir le cárta míchumais uile-Aontais, Achainí 1124-2019 ó R.Z. (Gearmánach), thar ceann an ghrúpa féinchabhrach 'Amputee - what next?',***

***arna síniú ag duine amháin eile, maidir leis an gcárta míchumais sa Ghearmáin, Achainí 1342/2021 ó Rufino Casares Durán (Spáinneach), ar a bhfuil síniú amháin eile, maidir le haitheantas comhionann maidir leis an leibhéal míchumais san Aontas Eorpach, Achainí 0822/2022 ó Maria Pindado Galan (Spáinneach), thar ceann Confederación Autismo España, ag iarraidh go ndéanfaí machnamh ar chearta daoine a bhfuil uathachas orthu sa Reacht Eorpach um Míchumas***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ina theannta sin, murab eol an aithneofaí a stádas míchumais agus a ndoiciméid fhoirmiúla lena n-aithnítear an stádas sin, agus má aithnítear, a mhéid a d'fhéadfaí é aithint agus iad ag taisteal go Ballstát eile nó ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile, cruthaítear éiginnteacht dóibh. Ar deireadh, d'fhéadfaí daoine faoi mhíchumas a dhíspreagadh óna gcearta chun saorghluaiseachta a fheidhmiú. | (14) Ina theannta sin, murab eol an aithneofaí a stádas míchumais agus a ndoiciméid fhoirmiúla lena n-aithnítear an stádas sin, agus má aithnítear, a mhéid a d'fhéadfaí é aithint agus iad ag taisteal go Ballstát eile nó ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile, cruthaítear éiginnteacht ***mhór*** dóibh. ***Thairis sin, mar thoradh ar a theoranta a bhíonn faisnéis ar líne maidir lena gcearta sonracha agus na buntáistí atá ar fáil, is amhlaidh a dhéantar an fhadhb sin níos measa.*** Ar deireadh, d'fhéadfaí daoine faoi mhíchumas a dhíspreagadh óna gcearta chun saorghluaiseachta a fheidhmiú ***agus ó rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán agus éifeachtach sa tsochaí***. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(14a) I bhfianaise na n-athruithe déimeagrafacha agus an ghá atá ann soghluaisteacht daoine faoi mhíchumas a éascú, ba cheart do na Ballstáit bearta a mhéadú arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar inrochtaineacht spásanna poiblí agus bonneagair phoiblí, go háirithe iompar poiblí, agus iad a chur in oiriúint do riachtanais daoine faoi mhíchumas.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (15) Mar aon le bacainní fisiceacha agus bacainní eile maidir le rochtain a fháil ar spásanna poiblí agus príobháideacha araon, príomhthoisc is ea na speansais arda lena ndíspreagtar go leor daoine faoi mhíchumas ó thaisteal[48] , toisc go bhfuil riachtanais shonracha acu agus go bhféadfadh sé go mbeadh duine nó daoine de dhíth orthu chun dul in éineacht leo nó cuidiú leo, lena n-áirítear na daoine a aithnítear mar chúntóir nó mar chúntóirí pearsanta i gcomhréir leis an reachtaíocht nó leis na cleachtais náisiúnta, rud a fhágann go mbeidh a gcostais taistil níos airde ná mar a ghearrtar i gcás daoine nach bhfuil faoi mhíchumas[49] . D’fhéadfadh an easpa aitheantais maidir le stádas míchumais i mBallstáit eile teorainn a chur lena rochtain ar choinníollacha speisialta, amhail saor-rochtain nó taraifí laghdaithe, nó cóir fhabhrach agus d’fhéadfadh sé tionchar a imirt ar a gcostais taistil, ar a saol ***agus*** ar a ***roghanna***. | (15) Mar aon le bacainní ***éagsúla infheicthe agus dofheicthe,*** bacainní fisiceacha***, sóisialta*** agus bacainní eile maidir le rochtain a fháil ar spásanna poiblí agus príobháideacha ***agus ar sheirbhísí*** araon, príomhthoisc is ea na speansais arda lena ndíspreagtar go leor daoine faoi mhíchumas ó thaisteal[48] , toisc go bhfuil riachtanais shonracha acu ***a mbíonn costais bhreise a bhaineann lena míchumas mar thoradh orthu*** agus go bhféadfadh sé go mbeadh duine nó daoine de dhíth orthu chun dul in éineacht leo nó cuidiú leo, lena n-áirítear na daoine a aithnítear mar chúntóir nó mar chúntóirí pearsanta i gcomhréir leis an reachtaíocht nó leis na cleachtais náisiúnta, rud a fhágann go mbeidh a gcostais taistil níos airde ná mar a ghearrtar i gcás daoine nach bhfuil faoi mhíchumas [49] . D’fhéadfadh an easpa aitheantais maidir le stádas míchumais i mBallstáit eile teorainn a chur lena rochtain ar choinníollacha speisialta, amhail saor-rochtain nó taraifí laghdaithe, ***suíocháin tosaíochta ar iompar poiblí, nó spásanna páirceála coinnithe***, nó cóir fhabhrach, agus tionchar diúltach dá réir a imirt ar a gcostais taistil, ar a saol***, ar*** |

***lánpháirtiú sóisialta agus eacnamaíoch agus ar a neamhspleáchas pearsanta*. *Ina theannta sin, d'fhéadfadh iompar idirdhealaitheach a bheith mar thoradh ar easpa forleathan eolais ar bheartais inrochtaineachta síceasóisialta, chognaíocha, fhisiceacha nó chéadfacha.***

[48] Findings from Final Report based on Survey targeted at EU-level CSOs [Torthaí ón Tuarascáil Deiridh bunaithe ar Shuirbhé a dhírítear ar ESSanna ar leibhéal an Aontais]; Shaw agus Coles, 'Disability, holiday making and the tourism industry in the UK: a preliminary survey' [Míchumas, saoire agus tionscal na turasóireachta sa Ríocht Aontaithe: réamhshuirbhé], 25(3) Tourism Management (2004) 397-403; Eugénia Lima Devile agus Andreia Antunes Moura (2021), Travel by People With Physical Disabilities: Constraints and Influences in the Decision-Making Process [Daoine faoi Mhíchumas agus Iad ag Taisteal: Srianta agus Tionchair ar an bPróiseas Cinnteoireachta].

[49] McKercher agus Darcy (2018), Re-conceptualizing barriers to travel by people with disabilities, Tourism Management Perspectives, 59-66.

[48] Findings from Final Report based on Survey targeted at EU-level CSOs [Torthaí ón Tuarascáil Deiridh bunaithe ar Shuirbhé a dhírítear ar ESSanna ar leibhéal an Aontais]; Shaw agus Coles, 'Disability, holiday making and the tourism industry in the UK: a preliminary survey' [Míchumas, saoire agus tionscal na turasóireachta sa Ríocht Aontaithe: réamhshuirbhé], 25(3) Tourism Management (2004) 397-403; Eugénia Lima Devile agus Andreia Antunes Moura (2021), Travel by People With Physical Disabilities: Constraints and Influences in the Decision-Making Process [Daoine faoi Mhíchumas agus Iad ag Taisteal: Srianta agus Tionchair ar an bPróiseas Cinnteoireachta].

[49] McKercher agus Darcy (2018), Re-conceptualizing barriers to travel by people with disabilities, Tourism Management Perspectives, 59-66.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ***D'fhéadfadh*** cóir fhabhrach (amhail cúnamh pearsanta, rochtain tosaíochta, etc.) a chuirtear ar fáil le luach saothair nó gan luach saothair a bheith tábhachtach do dhaoine faoi mhíchumas le bheith ábalta rochtain a fháil ar sheirbhísí, ar ghníomhaíochtaí nó ar shaoráidí éagsúla agus ***eispéireas níos fearr*** a bheith acu leo. Mar gheall ar easpa aitheantas a stádais | (16) ***Is minic*** a bhíonn tábhacht ag baint le cóir fhabhrach (amhail cúnamh pearsanta, rochtain tosaíochta, etc.) a chuirtear ar fáil le luach saothair nó gan luach saothair do dhaoine faoi mhíchumas chun a bheith ábalta rochtain a fháil ar sheirbhísí, ar ghníomhaíochtaí nó ar shaoráidí éagsúla agus ***tairbhiú go hiomlán*** díobh. Mar gheall ar easpa |

míchumais sa Bhallstát ar a dtugann siad cuairt nó a dtaistealaíonn siad chuige agus na ndoiciméad foirmiúil lena n-aithnítear an stádas sin a eisítear i mBallstáit eile, áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh daoine faoi mhíchumas ábalta leas a bhaint as na coinníollacha speisialta nó as an gcóir fhabhrach a thairgeann oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí sa Bhallstát sin do shealbhóirí deimhnithe míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear a stádas míchumais a eisítear ansin.

aitheantas ***frithpháirteach*** a stádais míchumais sa Bhallstát ar a dtugann siad cuairt nó a dtaistealaíonn siad chuige agus na ndoiciméad foirmiúil lena n-aithnítear an stádas sin a eisítear i mBallstáit eile, áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh daoine faoi mhíchumas ábalta leas a bhaint as na coinníollacha speisialta nó as an gcóir fhabhrach a thairgeann oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí sa Bhallstát sin do shealbhóirí deimhnithe míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear a stádas míchumais a eisítear ansin.

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Léiríodh leis an Treoirthionscadal maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach a seoladh in 2016 agus a rinneadh in ocht mBallstát, ***na*** tairbhí do dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí i réimsí an chultúir, na fóillíochta, an spóirt, agus i gcásanna áirithe an iompair, agus maidir le tacú lena ngluaiseacht trasteorann san Aontas ar feadh tréimhse ghearr[50] . Ina theannta sin, áiríodh leis samplaí eile de sheirbhísí, de ghníomhaíochtaí agus de shaoráidí lena gcuirtear coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. | (17) ***Cé gur de chineál deonach é agus go bhfuil sé teoranta ó thaobh raon feidhme de,*** léiríodh leis an Treoirthionscadal maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach a seoladh in 2016 agus a rinneadh in ocht mBallstát, go raibh buntáistí ***ag baint le haitheantas frithpháirteach maidir le stádas míchumais a éascú idir na Ballstáit*** do dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ***ar shocair agus*** ar sheirbhísí i réimsí an chultúir, na fóillíochta, an spóirt, agus i gcásanna áirithe an iompair, agus maidir le tacú lena ngluaiseacht trasteorann san Aontas ar feadh tréimhse ghearr [50] ***agus léirítear go bhfuil cuspóirí an chárta fós ábhartha do riachtanais reatha na ndaoine faoi mhíchumas***. Ina theannta sin, áiríodh leis samplaí eile de sheirbhísí, de ghníomhaíochtaí agus de shaoráidí lena gcuirtear coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. |

[50] Féach freisin an tuarascáil dar teideal

[50] Féach freisin an tuarascáil dar teideal

Final Report of the Study assessing the implementation of the pilot action on the EU Disability Card and associated benefits [Tuarascáil Deiridh an Staidéir ina ndéantar measúnú ar chur chun feidhme na gníomhaíochta píolótaí ar an gCárta Míchumais AE agus ar na sochair ghaolmhara], a foilsíodh i mí na Bealtaine 2021, https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/4adbe538-0a02-11ec-b5d3-01aa75ed71a1/language-en.

Final Report of the Study assessing the implementation of the pilot action on the EU Disability Card and associated benefits [Tuarascáil Deiridh an Staidéir ina ndéantar measúnú ar chur chun feidhme na gníomhaíochta píolótaí ar an gCárta Míchumais AE agus ar na sochair ghaolmhara], a foilsíodh i mí na Bealtaine 2021, https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/4adbe538-0a02-11ec-b5d3-01aa75ed71a1/language-en.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Le Moladh 98/376/CE[15] ón gComhairle, rinneadh foráil maidir le samhail Eorpach cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, a d’éascaigh aitheantas an chárta páirceála ar fud na mBallstát. Mar sin féin, mar thoradh ar chur chun feidhme agus ar bhreiseanna nó ar dhiallais shonracha náisiúnta ón tsamhail mholta, tá go leor cineálacha cártaí éagsúla ann. Cuirtear bac leis sin ar aitheantas trasteorann na gcártaí ar fud na mBallstát, rud a chuireann bac ar rochtain daoine faoi mhíchumas ar choinníollacha páirceála a chuirtear ar fáil agus ar shaoráidí a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas ar sealbhóirí cárta páirceála iad i mBallstáit eile. Ina theannta sin, níor tugadh an Moladh ón gComhairle cothrom le dáta chun forbairtí leanúnacha teicneolaíochta agus digitithe a léiriú. ***Bíonn*** fadhbanna ag na Ballstáit freisin maidir le calaois agus brionnú na gcártaí, toisc go bhfuil an fhormáid measartha simplí agus gur féidir í a bhrionnú go héasca agus go praiticiúil tá sé difriúil i ngach Ballstát, rud a fhágann go mbíonn sé deacair é a fhíorú. | (19) Le Moladh 98/376/CE[15] ón gComhairle, rinneadh foráil maidir le samhail Eorpach cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, a d’éascaigh aitheantas an chárta páirceála ar fud na mBallstát. Mar sin féin, ***mar gheall ar chineál neamhcheangailteach an Mholta sin,*** tá go leor cineálacha cártaí ***páirceála*** éagsúla ann mar thoradh ar a chur chun feidhme agus ar bhreiseanna nó ar dhiallais shonracha náisiúnta ón tsamhail mholta. Cuirtear bac leis sin ar aitheantas trasteorann na gcártaí ar fud na mBallstát, rud a chuireann bac ar rochtain daoine faoi mhíchumas ar choinníollacha páirceála ***sonracha*** a chuirtear ar fáil agus ar shaoráidí a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas ar sealbhóirí cárta páirceála iad i mBallstáit eile. Ina theannta sin, níor tugadh an Moladh ón gComhairle cothrom le dáta chun forbairtí leanúnacha teicneolaíochta agus digitithe a léiriú. ***Bhí*** fadhbanna ag na Ballstáit freisin maidir le calaois agus brionnú na gcártaí, toisc go bhfuil an fhormáid measartha simplí agus gur féidir í a bhrionnú go héasca agus go praiticiúil tá sé difriúil i ngach Ballstát, rud a fhágann go mbíonn sé deacair é a fhíorú. |

| | |
|---|---|
| [15] Moladh ón gComhairle an 4 Meitheamh 1998 maidir le cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas (IO L 167, 12.6.1998, lch. 25), arna oiriúnú le Moladh ón gComhairle an 3 Márta 2008 mar gheall ar aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice IO L 63/43,7.3.2008. | 15 Moladh ón gComhairle an 4 Meitheamh 1998 maidir le cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas (IO L 167, 12.6.1998, lch. 25), arna oiriúnú le Moladh ón gComhairle an 3 Márta 2008 mar gheall ar aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice IO L 63/43,7.3.2008. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Chun rochtain daoine faoi mhíchumas ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a bhaineann le seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí a éascú, ***lena n-áirítear*** i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, i mBallstáit eile, ba cheart fáil réidh leis na bacainní agus na deacrachtaí atá ann fós maidir le taisteal chuig Ballstát eile nó cuairt a thabhairt ar Bhallstát eile mar gheall ar easpa aitheantas a stádais míchumais agus na ndoiciméad foirmiúil lena n-aithnítear an stádas ***sin*** a eisítear i mBallstáit eile agus ar chearta páirceála. | (20) Chun rochtain daoine faoi mhíchumas ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a bhaineann le seirbhísí, ***lena n-áirítear seirbhísí iompair do phaisinéirí***, gníomhaíochtaí agus saoráidí a éascú, ***agus*** freisin i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, i mBallstáit eile, ba cheart fáil réidh leis na bacainní agus na deacrachtaí atá ann fós maidir le taisteal chuig Ballstát eile nó cuairt a thabhairt ar Bhallstát eile mar gheall ar easpa aitheantas ***frithpháirteach*** maidir lena stádas míchumais agus leis na doiciméid foirmiúla lena n-aithnítear an stádas ***sin*** a eisítear i mBallstáit eile agus ar chearta páirceála. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Dá bhrí sin, d'fhonn go mbeidh daoine faoi mhíchumas, ***agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile nó ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile ar feadh tréimhse ghairid,*** ábalta na cearta chun rochtain a fháil ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a thairgeann oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí gan idirdhealú ar fhorais náisiúntachta a fheidhmiú ar an mbonn céanna le daoine faoi mhíchumas sa Bhallstát sin, agus d'fhonn úsáid as iompar gus tairbhiú de choinníollacha agus de shaoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna leis an mBallstát sin a éascú, is gá an creat, na rialacha agus na coinníollacha coiteanna a bhunú, lena n-áirítear samhail choiteann chaighdeánaithe, le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar stádas míchumais aitheanta agus le haghaidh Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, mar chruthúnas ar a gcearta aitheanta chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas. | (21) Dá bhrí sin, d'fhonn go mbeidh daoine faoi mhíchumas ábalta na cearta chun rochtain a fháil ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a thairgeann oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí***, agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile nó ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile ar feadh tréimhse ghairid,*** a fheidhmiú ar an mbonn céanna le daoine faoi mhíchumas sa Bhallstát sin gan idirdhealú ar fhorais náisiúntachta, agus d'fhonn úsáid ***a bhaint as gach modh*** iompair agus tairbhiú de choinníollacha agus de shaoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna leis an mBallstát sin a éascú, is gá an creat, na rialacha agus na coinníollacha coiteanna a bhunú, lena n-áirítear samhail choiteann chaighdeánaithe, le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar stádas míchumais aitheanta agus le haghaidh Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, mar chruthúnas ar a gcearta aitheanta chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Le haitheantas frithpháirteach don Chárta Míchumais Eorpach agus don Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, ba cheart a éascú agus a ráthú do dhaoine a bhfuil stádas míchumais aitheanta acu i mBallstát, rochtain ar choinníollacha speisialta nó ar chóir | (22) Le haitheantas frithpháirteach don Chárta Míchumais Eorpach agus don Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, ba cheart a éascú agus a ráthú do dhaoine a bhfuil stádas míchumais aitheanta acu i mBallstát, rochtain ar choinníollacha speisialta nó ar chóir |

| | |
|---|---|
| fhabhrach a thairgeann oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí i réimse seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, chomh maith le rochtain ar choinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas, ar théarmaí agus coinníollacha atá comhionann leis na téarmaí agus coinníollacha dá bhforáiltear ar bhonn deimhnithe náisiúnta, cártaí míchumais nó doiciméid fhoirmiúla eile lena n-aithnítear stádas míchumais agus cártaí páirceála do dhaoine faoi mhíchumas arna n-eisiúint ag na húdaráis inniúla sa tír óstach. | fhabhrach a thairgeann oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí ***lena n-áirítear ospidéil, institiúidí cúraim sláinte agus seirbhísí éigeandála*** i réimse seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, chomh maith le rochtain ar choinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas, ***agus, i gcás inarb infheidhme, do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóirí pearsanta***, ar théarmaí agus coinníollacha atá comhionann leis na téarmaí agus coinníollacha dá bhforáiltear ar bhonn deimhnithe náisiúnta, cártaí míchumais nó doiciméid fhoirmiúla eile lena n-aithnítear stádas míchumais agus cártaí páirceála do dhaoine faoi mhíchumas arna n-eisiúint ag na húdaráis inniúla sa tír óstach. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Seachas coinníollacha agus saoráidí páirceála, baineann na seirbhísí, na gníomhaíochtaí agus na saoráidí a chumhdaítear leis an Treoir seo le réimse leathan gníomhaíochtaí a bhíonn ag athrú de shíor, lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach soláthraíonn údaráis phoiblí nó oibreoirí príobháideacha ar luach saothair iad, ar bhonn éigeantach (ar bhonn rialacha náisiúnta/áitiúla nó oibleagáidí dlíthiúla) ach ar bhonn deonach go minic freisin (go háirithe oibreoirí príobháideacha) i réimsí beartais éagsúla, amhail cultúr, fóillíocht, turasóireacht, spóirt, iompar poiblí agus príobháideach, oideachas. | (23) Seachas coinníollacha agus saoráidí páirceála, baineann na seirbhísí, na gníomhaíochtaí agus na saoráidí a chumhdaítear leis an Treoir seo le réimse leathan gníomhaíochtaí a bhíonn ag athrú de shíor, lena n-áirítear gníomhaíochtaí nach soláthraíonn údaráis phoiblí nó oibreoirí príobháideacha ar luach saothair iad, ar bhonn éigeantach (ar bhonn rialacha náisiúnta/áitiúla nó oibleagáidí dlíthiúla) ach ar bhonn deonach go minic freisin (go háirithe oibreoirí príobháideacha) i réimsí beartais éagsúla, amhail cultúr, fóillíocht, turasóireacht, spóirt, iompar poiblí agus príobháideach, oideachas ***agus fostaíocht***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) I measc na samplaí de choinníollacha speisialta nó de chóir fhabhrach tá rochtain saor in aisce, taraifí laghdaithe, táillí nó muirir laghdaithe úsáideoirí ar dhola-bhóithre/droichid/tolláin, rochtain tosaíochta, suíocháin ainmnithe i bpáirceanna agus i limistéir phoiblí eile, suíocháin inrochtana in imeachtaí cultúrtha nó poiblí, cúnamh pearsanta, ainmhithe cúnaimh, cúnamh ar an trá chun dul isteach san uisce, tacaíocht (amhail rochtain ar braille, treoracha fuaime, ateangaireacht teanga comharthaíochta), soláthairtí áiseanna nó cúnamh, iasacht cathaoir rothaí, iasacht cathaoir rothaí ar snámh, faisnéis turasóireachta a fháil i bhformáidí inrochtana, úsáid as scútar soghluaisteachta ar bhóithre nó cathaoir rothaí i lánaí rothar gan fhíneáil, etc. Áirítear leis na coinníollacha agus na háiseanna páirceála páirceáil shínte nó spásanna páirceála coinnithe. Maidir le seirbhísí iompair do phaisinéirí, de bhreis ar na coinníollacha speisialta nó ar an gcóir fhabhrach a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le reachtaíocht nó cleachtais náisiúnta, féadfaidh ainmhithe cúnaimh, cúntóirí pearsanta nó daoine eile a bheidh in éineacht le daoine faoi mhíchumas (a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe) nó a bheidh ag cuidiú leo taisteal saor in aisce nó suíochán a fháil, más féidir in aice leis an duine faoi mhíchumas. | (24) I measc na samplaí de choinníollacha speisialta nó de chóir fhabhrach tá rochtain saor in aisce, taraifí laghdaithe, táillí laghdaithe nó muirir úsáideora laghdaithe ar dhola-bhóithre/dhroichid/tholláin, rochtain tosaíochta, ***rochtain ar chriosanna tráchta agus ar chriosanna do choisithe atá srianta, suíocháin tosaíochta ar chórais iompair phoiblí,*** suíocháin ainmnithe ***a bhfuil rochtain éasca orthu i gcórais iompair phoiblí,*** i bpáirceanna agus i limistéir phoiblí eile, suíocháin inrochtana in imeachtaí cultúrtha nó poiblí, cúnamh pearsanta, ainmhithe cúnaimh, ***amhail madraí treorach nó madraí cuidithe do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear daoine a bhfuil lagú amhairc orthu***, cúnamh ar an trá chun dul isteach san uisce, tacaíocht (amhail rochtain ar braille, treoracha fuaime, ateangaireacht teanga comharthaíochta), soláthairtí áiseanna nó cúnaimh, iasacht cathaoireach rothaí, iasacht cathaoireach rothaí ar snámh, faisnéis turasóireachta a fháil i bhformáidí inrochtana, scútar soghluaisteachta a úsáid ar bhóithre nó cathaoir rothaí a úsáid i lánaí rothar gan fhíneáil, etc. Áirítear le coinníollacha agus saoráidí páirceála páirceáil leathnaithe nó spásanna páirceála coinnithe. Maidir le seirbhísí iompair do phaisinéirí, de bhreis ar na coinníollacha speisialta nó ar an gcóir fhabhrach a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le reachtaíocht nó cleachtais náisiúnta, féadfaidh ainmhithe cúnaimh ***amhail madraí treorach nó madraí cuidithe do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear daoine a bhfuil lagú amhairc orthu***, cúntóirí pearsanta nó daoine eile a bheidh in éineacht le daoine faoi mhíchumas (nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe) nó a bheidh ag cuidiú leo taisteal saor in aisce nó suíochán a fháil, |

más féidir in aice leis an duine faoi mhíchumas. ***Is iad na daoine faoi mhíchumas féin nó a gcaomhnóirí dlíthiúla a ainmníonn na daoine a dhéanann tionlacan ar dhaoine faoi mhíchumas nó a thugann cúnamh dóibh agus féadfar iad a athrú ar bhonn ad hoc ag brath ar riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas.***

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) Déanann cúntóirí pearsanta, gan beann ar a náisiúntacht, daoine faoi mhíchumas a thionlacan nó cúnamh a thabhairt dóibh nó déanann siad gnáthghníomhaíochtaí laethúla más gá faoi chuimsiú caidreamh conarthach, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, agus é mar chuspóir acu neamhspleáchas pearsanta a spreagadh, saol an phobail a éascú agus maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 24 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24b) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí seirbhísí iompair trasteorann do phaisinéirí faisnéis shoiléir ar fáil do thaistealaithe a bhfuil Cárta Míchumais Eorpach ina seilbh acu tráth a gceannaíonn siad ticéad taistil i dtaca leis na coinníollacha speisialta nó an chóir fhabhrach a bhaineann leis na codanna éagsúla de na hoibríochtaí le*** |

| | |
|---|---|
| | ***linn an turais, ionas nach mbeadh taistealaithe a bhfuil an Cárta Míchumais Eorpach ina seilbh acu gan doiciméad taistil bailí agus iad ag dul isteach i mBallstát eile ar an tseirbhís iompair chéanna.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Tá eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas i mBallstát le cinneadh leis an Treoir seo mar aon le nósanna imeachta infheidhme agus inniúlachtaí an Bhallstáit sin chun stádas míchumais agus cearta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a mheasúnú agus a aithint. | (25) Beidh eisiúint***, athnuachan agus tarraingt siar*** an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas i mBallstát le cinneadh leis an Treoir seo agus le ***rialacha,*** nósanna imeachta infheidhme agus inniúlachtaí an Bhallstáit sin chun stádas míchumais agus cearta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a mheasúnú agus a aithint. ***Ba cheart go mbeadh eisiúint agus athnuachan an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas saor in aisce i gcónaí.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Is léir ón taithí a fuarthas, agus Cárta Míchumais Eorpach nó aitheantas náisiúnta comhchosúil ar mhí á chur i láthair acu ar mhíchumas, mar gheall ar easpa feasachta, míthuiscintí nó bacainní cumarsáide, nach i gcónaí a fhaigheann daoine faoi mhíchumas, go háirithe iad siúd faoi mhíchumas dofheicthe, an tacaíocht agus an chóiríocht is oiriúnaí dá míchumas, lena n-áirítear nuair a*** |

***bhíonn siad ag taisteal ar chóras iompair phoiblí nó ag déileáil le húdaráis náisiúnta, agus le linn éigeandálaí. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit an rogha a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas, agus iarratas á dhéanamh acu ar an gCárta Míchumais Eorpach do na húdaráis ábhartha, rogha a dhéanamh siombailí ábhartha a thaispeáint ar an gcárta sin chun a riachtanais chúnaimh a chur in iúl. Ba cheart don Choimisiún treoirlínte a fhorbairt le haghaidh picteagraim a aithnítear go coitianta ina léirítear na cineálacha éagsúla cúnaimh a theastaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas.***

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) De bhreis ar an bhformáid fhisiceach, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le cárta digiteach nuair a bheidh formáid agus sonraíochtaí socraithe trí ghníomhartha tarmligthe agus trí ghníomhartha cur chun feidhme, i ndiaidh togra ón gCoimisiún. Le togra den sórt sin, ba cheart tógáil ar an taithí ar an obair a rinneadh roimhe seo agus ar obair atá ar siúl ar an leibhéal Eorpach maidir le digitiú deimhnithe agus doiciméad, amhail Deimhniú Digiteach COVID an Aontais arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2021/953, agus ba cheart úsáid an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh trí Thiachóga na Céannachta Digití ón Aontas a éascú[52] . Ba cheart ***an rogha a thabhairt*** do dhaoine faoi mhíchumas an cárta digiteach nó ***an cárta*** fisiceach, nó an dá cheann, a úsáid. | (26) De bhreis ar an bhformáid fhisiceach, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le cárta digiteach nuair a bheidh formáid agus sonraíochtaí socraithe trí ghníomhartha tarmligthe agus trí ghníomhartha cur chun feidhme, i ndiaidh togra ón gCoimisiún. Le togra den sórt sin, ba cheart tógáil ar an taithí ar an obair a rinneadh roimhe seo agus ar obair atá ar siúl ar an leibhéal Eorpach maidir le digitiú deimhnithe agus doiciméad, amhail Deimhniú Digiteach COVID an Aontais arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2021/953, agus ba cheart úsáid an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh trí Thiachóga na Céannachta Digití ón Aontas a éascú[52] . Ba cheart daoine faoi mhíchumas ***a chur ar an eolas go cuí faoi na féidearthachtaí sin agus a bheith saor chun cinneadh a dhéanamh*** na ***cártaí*** digiteacha nó fisiciúla nó an dá cheann a úsáid ***ar bhonn comhionann agus gan idirdhealú***. |

[52] COM(2021)0281 final

[52] COM(2021)0281 final

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Lena ráthú gur féidir le hoibrithe faoi mhíchumas a gcearta chun saorghluaiseachta a fheidhmiú go héifeachtúil agus leas a bhaint as seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí a thairgeann na Ballstáit, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, ***ba cheart*** an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ***a bheith ar fáil freisin*** d'oibrithe a thaistealaíonn chuig Ballstát eile nó a thugann cuairt ar Bhallstát eile chun críocha a bhaineann leis an obair. | (29) Lena ráthú gur féidir le hoibrithe ***agus rannpháirtithe i gcláir shoghluaisteachta an Aontais*** atá faoi mhíchumas a gcearta chun saorghluaiseachta a fheidhmiú go hiomlán go héifeachtúil agus leas a bhaint as seirbhísí, ***bonneagar iompair,*** gníomhaíochtaí agus saoráidí a thairgeann na Ballstáit ***do shealbhóirí deimhnithe náisiúnta, cártaí míchumais nó doiciméid fhoirmiúla eile lena n-aithnítear stádas míchumais***, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, ba cheart ***go mbeadh feidhm ag*** an gCárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ***freisin*** maidir le hoibrithe ***lena n-áirítear oibrithe taistil, oibrithe teorann agus oibrithe trasteorann faoi mhíchumas nó rannpháirtithe i gcláir shoghluaisteachta an Aontais faoi mhíchumas*** a thaistealaíonn chuig Ballstát eile nó a thugann cuairt ar Bhallstát eile chun críocha a bhaineann leis ***an oideachas nó*** leis an obair. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Ní thagann an creat atá beartaithe le haghaidh aitheantas frithpháirteach don Chárta Míchumais Eorpach agus don Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi | (30) Ní thagann an creat atá beartaithe le haghaidh aitheantas frithpháirteach don Chárta Míchumais Eorpach agus don Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi |

mhíchumas salach ar inniúlachtaí Ballstáit chun an stádas míchumais a mheasúnú agus a aithint agus chun coinníollacha speisialta a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta. Ní chumhdaítear leis sochair slándála sóisialta, cosaint shóisialta ná cúnamh sóisialta a chumhdaítear le hAirteagal 24(2) de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] .

mhíchumas salach ar inniúlachtaí Ballstáit chun an stádas míchumais a mheasúnú agus a aithint agus chun coinníollacha speisialta a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta. Ní chumhdaítear leis sochair slándála sóisialta, cosaint shóisialta ná cúnamh sóisialta a chumhdaítear le hAirteagal 24(2) de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] . ***Ba cheart go gcumhdófaí na sochair i réimse na slándála sóisialta, na cosanta sóisialta nó na fostaíochta agus an chúnaimh shóisialta i gcásanna áirithe, agus iad ag bogadh go Ballstát eile le haghaidh oibre nó staidéir, go dtí go ndéanfar athmheasúnú ar an stádas míchumais agus go dtí go n-aithneofar go foirmiúil é, nó le linn dóibh a bheith rannpháirteach i gcláir shoghluaisteachta an Aontais chun go bhféadfar aitheantas leanúnach sealadach a thabhairt don stádas míchumais fad atá na daoine faoi mhíchumas ag dul faoin bpróiseas athmheasúnaithe chun go n-aithneoidh Ballstát eile a stádas míchumais. Ba cheart don Bhallstát a d'eisigh an Cárta Míchumais Eorpach a bheith freagrach as na sochair nó an cúnamh a chur ar fáil sna cásanna sin.***

[56] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE, IO L 158, 30.4.2004, lch. 77.

[56] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu gan bhac laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE, IO L 158, 30.4.2004, lch. 77.

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) Is féidir Cárta Míchumais Eorpach a éileamh mar chruthúnas ar stádas míchumais chun an ceart chun rochtain chomhionann ar aon choinníollacha speisialta nó ar aon chóir fhabhrach a fheidhmiú maidir le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, ina dtairgtear iad nó ina gcoinnítear iad do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine atá á dtionlacan nó ag cabhrú leo, lena n-áirítear a gcúntóirí pearsanta dá bhforáiltear leis an Treoir seo. Níor cheart, áfach, go n-éileofaí Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar stádas míchumais ag daoine faoi mhíchumas nó ag daoine atá á dtionlacan nó ag cabhrú leo, lena n-áirítear a gcúntóirí pearsanta nó a n-ainmhithe cúnaimh, chun aon chearta dá bhforáiltear i ndlí eile an Aontais nó sa dlí náisiúnta a rochtain nó a fheidhmiú, lena n-áirítear iad siúd a dheonaíonn sochair shonracha, coinníollacha speisialta, nó cóir fhabhrach.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Chun feasacht a mhúscailt agus rochtain ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a éascú, agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile nó ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile, an fhaisnéis ábhartha go léir maidir leis na coinníollacha, na rialacha, na cleachtais | (31) Chun feasacht a mhúscailt agus rochtain ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a éascú ***do dhaoine faoi mhíchumas***, agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile nó ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile, an fhaisnéis ábhartha go léir maidir leis na coinníollacha, na rialacha, na |

agus na nósanna imeachta is infheidhme chun an Cárta Míchumais Eorpach agus/nó an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas agus a úsáid ina dhiaidh sin, ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas maidir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. Ba cheart d'oibreoirí príobháideacha nó d'údaráis phoiblí a dheonaíonn coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas, an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas maidir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí arna mbunú le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882.

cleachtais agus na nósanna imeachta is infheidhme chun an Cárta Míchumais Eorpach agus/nó an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas agus a úsáid ina dhiaidh sin, ba cheart do ***na Ballstáit*** an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas maidir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. Ba cheart d'oibreoirí príobháideacha nó d'údaráis phoiblí a dheonaíonn coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas, an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear i bhformáidí digiteacha, i dteangacha comharthaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta agus i bhformáidí soléite agus arna iarraidh sin i bhformáidí cúnta arna n-iarraidh sin do dhaoine faoi mhíchumas maidir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí arna mbunú le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. ***Thairis sin, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis ábhartha éasca le rochtain agus le húsáid ag daoine faoi mhíchumas agus ag an bpobal, ba cheart go n-ainmneodh na Ballstáit Pointe Teagmhála Náisiúnta mar 'ionad ilfhreastail' lena soláthrófar faisnéis agus treoraíocht d'úsáideoirí maidir leis na coinníollacha, seirbhísí, saoráidí agus gníomhaíochtaí a áireofar sa Chárta Míchumais Eorpach agus sa Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ina gcríoch.***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) Ba cheart don Choimisiún suíomh gréasáin tiomnaithe aonair de chuid an Aontais a bhunú, a bheidh ar fáil i dteangacha oifigiúla uile institiúidí an Aontais agus i bhformáidí inrochtana, ina gcuirfear faisnéis náisiúnta i dtoll a chéile maidir le Cárta Míchumais Eorpach agus Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a fháil, a eisiúint, a úsáid, a athnuachan agus a tharraingt siar. Chun áisiúlacht agus tionchar an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a neartú, ba cheart faisnéis a bheith ar shuíomh gréasáin sin an Aontais, bunaithe ar fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit, chun daoine faoi mhíchumas a chur ar an eolas faoi na coinníollacha agus na saoráidí páirceála éagsúla a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas i ngach Ballstát agus ina réigiúin, ina chathracha agus ina bhardais. Thairis sin, ba cheart tairseach dhigiteach inrochtana a bheith ar shuíomh gréasáin an Aontais trínar féidir rochtain a fháil ar shuíomhanna gréasáin náisiúnta na mBallstát ar a bhfuil faisnéis faoi choinníollacha speisialta nó faoi chóir fhabhrach a chuireann a n-údaráis phoiblí ar fáil. Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta, lena n-áirítear nuair a tharlaíonn athruithe i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann faisnéis a éascú freisin maidir leis na coinníollacha speisialta nó an chóir fhabhrach a thairgeann oibreoirí príobháideacha ar a suíomhanna gréasáin i gcás ina mbeidh siad ar fáil.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31b) Chun líon na soláthraithe seirbhíse a chuireann coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú, ba cheart do na Ballstáit tacú le hoibreoirí príobháideacha agus le húdaráis phoiblí agus iad a spreagadh trí bhearta ábhartha lena n-áirítear trí fhaisnéis agus malartuithe dea-chleachtais a sholáthar maidir leis na cineálacha éagsúla coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach a d'fhéadfaí a thairiscint chomh maith le hoiliúint a sholáthar maidir le príomhshruthú míchumais agus feasacht ar mhíchumas chun a áirithiú go dtairgfear na coinníollacha speisialta nó an chóir fhabhrach ar bhealach cuimsitheach agus inrochtana. Mar shampla, d'fhéadfadh oiliúint den sórt sin aghaidh a thabhairt ar aitheantas a thabhairt do shiombailí ábhartha i gcás ina dtaispeántar iad ar an gCárta Míchumais Eorpach lena léirítear cineál na cóiríochta réasúnaí a theastaíonn ó dhaoine faoi mhíchumas, na saincheisteanna inrochtaineachta a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas agus an cúnamh ábhartha a theastaíonn uathu, lena n-áirítear míchumais dhofheicthe, riachtanais daoine faoi mhíchumas éagsúla maidir le cumarsáid, bainistiú measúil agus sábháilte trealaimh, cumarsáid bhreisitheach cúnta (AAC) a úsáid agus conas aon tairiscint ar choinníollacha speisialta nó córacha fabhracha a sholáthar agus a phoibliú ar bhealach atá infheicthe ar bhealach inrochtana. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar gach beart den sórt sin i gcomhpháirtíocht le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha chun a áirithiú go bhfuil siad cuimsitheach agus éifeachtach.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ba cheart do na Ballstáit na bearta go léir is gá a dhéanamh chun aon riosca brionnaithe nó calaoise a sheachaint agus an Cárta Míchumais Eorpach nó an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas á eisiúint acu agus ba cheart dóibh úsáid chalaoiseach agus brionnú na gcártaí sin a chomhrac go gníomhach. | (32) Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun aon riosca brionnaithe nó calaoise a sheachaint***, bíodh sé ina riosca aonair nó ina riosca sistéamach,*** agus an Cárta Míchumais Eorpach nó an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas á n-eisiúint acu agus ba cheart dóibh dul i ngleic go gníomhach ***le heisiúint,*** úsáid agus brionnú calaoiseach na gcártaí sin ***agus faisnéis a mhalartú maidir leis na cásanna sin chun muinín fhrithpháirteach a áirithiú idir na Ballstáit ós rud é gurb é an t-aitheantas frithpháirteach do stádas míchumais bunchloch an Chárta Míchumais Eorpaigh***. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gcuirfear cearta daoine faoi mhíchumas san áireamh in aon bhearta a dhéantar chun brionnú nó calaois a chomhrac, agus ní cheart go gcuirfear isteach ar a leasanna dlisteanacha i dtaobh ceachtar de na cártaí a úsáid mar thoradh orthu ná ní eascróidh stiogmatú astu ar bhealach ar bith. Ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar thionchar aon bhirt ar dhaoine faoi mhíchumas agus dul i gcomhairle leo agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha maidir le ceapadh agus cur chun feidhme na mbeart.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Chun cur i bhfeidhm cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a | (33) Chun cur i bhfeidhm cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a |

| | |
|---|---|
| tharmligean chuig an gCoimisiún chun ***an*** treoir a fhorlíonadh chun formáid dhigiteach an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas ***a leagan síos***, agus chun ***Iarscríbhinní*** I agus II a leasú chun gnéithe coiteanna na formáide caighdeánaithe a mhodhnú, chun an fhormáid a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, chun brionnú agus calaois a chosc agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú. | tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir ***seo*** a fhorlíonadh trí fhormáid dhigiteach an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas ***a leagan síos***, agus chun Iarscríbhinní I agus II a leasú chun gnéithe coiteanna na formáide caighdeánaithe ***agus ceanglais inrochtaineachta uilíocha*** a mhodhnú, chun an fhormáid a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, chun brionnú agus calaois a chosc agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú agus ba cheart, dá bhrí sin, leigheasanna iomchuí a bhunú, lena n-áirítear seiceálacha ar chomhlíonadh agus ar nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha, lena ráthú go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas, duine nó daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta, chomh maith le comhlachtaí poiblí nó comhlachais phríobháideacha, eagraíochtaí nó eintitis dhlíthiúla eile a bhfuil leas dlisteanach acu, gníomhaíocht a dhéanamh thar ceann duine faoi mhíchumas faoin dlí náisiúnta. | (35) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú agus ba cheart, dá bhrí sin, leigheasanna iomchuí a bhunú, lena n-áirítear seiceálacha ar chomhlíonadh agus ar nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha, lena ráthú go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas, duine nó daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta, chomh maith le comhlachtaí poiblí amhail comhlachtaí comhionannais nó comhlachais phríobháideacha, eagraíochtaí go háirithe eagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas nó eintitis dhlíthiúla eile a bhfuil leas dlisteanach acu, gníomhaíocht a dhéanamh thar ceann duine faoi mhíchumas faoin dlí náisiúnta. ***Ba cheart ceart chun sásaimh a bheith ag daoine faoi mhíchumas freisin, lena n-áirítear cúiteamh leormhaith, i gcás sáruithe ar a gcearta a eascraíonn as an Treoir seo. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann na forálacha sin prionsabal na cóiríochta réasúnaí do*** |

| | |
|---|---|
| | ***dhaoine faoi mhíchumas i gcomhréir le UNCRPD agus iad á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Sa Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt. Féachtar leis an Treoir seo, go háirithe, lena áirithiú go n-urramófar ina n-iomláine cearta daoine faoi mhíchumas leas a bhaint as bearta a cheaptar lena neamhspleáchas a áirithiú, mar aon le lánpháirtiú sóisialta agus gairmiúil agus rannpháirtíocht i saol an phobail agus cur i bhfeidhm Airteagal 26 den Chairt a chur chun cinn. | (37) Sa Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt ***agus in UNCRPD***. Féachtar leis an Treoir seo, go háirithe, lena áirithiú go n-urramófar ina n-iomláine cearta daoine faoi mhíchumas leas a bhaint as bearta a cheaptar lena neamhspleáchas a áirithiú, mar aon le lánpháirtiú sóisialta***, eacnamaíoch*** agus gairmiúil agus rannpháirtíocht i saol an phobail agus ***le*** cur i bhfeidhm Airteagal 26 den Chairt a chur chun cinn. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, is é sin feabhas a chur ar na deiseanna do dhaoine faoi mhíchumas taisteal chuig Ballstáit eile nó cuairt a thabhairt orthu, a bhaint amach go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta lena mbunaítear creat lena ngabhann rialacha agus coinníollacha coiteanna, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann | (38) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir na Treorach seo, ***eadhon feidhmiú chearta saorghluaiseachta daoine faoi mhíchumas a neartú, agus*** feabhas a chur ar na deiseanna do dhaoine faoi mhíchumas taisteal chuig Ballstáit eile nó cuairt a thabhairt orthu, a bhaint amach go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta lena mbunaítear creat lena ngabhann rialacha agus coinníollacha coiteanna, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas |

an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach, | Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na rialacha lena rialaítear eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas mar chruthúnas ar stádas míchumais nó ar cheart chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas, d’fhonn tréimhsí fanachta gairid daoine faoi mhíchumas i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu a éascú, trí rochtain a thabhairt dóibh ar aon choinníollacha speisialta nó ar aon chóir fhabhrach i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, nó coinníollacha agus saoráidí páirceála a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas nó don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta; | (a) na rialacha lena rialaítear eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas mar chruthúnas ar a stádas míchumais, d’fhonn cearta comhionanna agus saoirse gluaiseachta do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tréimhsí fanachta gairide daoine faoi mhíchumas i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu a éascú, trí rochtain a thabhairt dóibh ar aon choinníoll speisialta nó ar aon chóir fhabhrach i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, ina dtairgtear iad nó ina gcoinnítear iad do dhaoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí sa Bhallstát sin agus, i gcás inarb infheidhme, do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóirí pearsanta; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) na rialacha lena rialaítear eisiúint an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas mar chruthúnas ar cheart chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas, d’fhonn cearta comhionanna*** |

***agus saoirse gluaiseachta do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tréimhsí fanachta gairide daoine faoi mhíchumas i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu a éascú, trí rochtain a thabhairt dóibh ar aon choinníoll agus saoráid pháirceála a thairgtear nó a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas agus, i gcás inarb infheidhme, do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóirí pearsanta;***

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. De mhaolú ar mhír 2, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na sochair agus leis an gcúnamh sóisialta dá dtagraítear i mír 2, pointí (b) agus (c), sna cásanna seo a leanas:*** |
| | ***(a) bogann sealbhóirí Cárta Míchumais Eorpaigh go Ballstát eile chun dul i mbun oibre nó chun clárú in institiúid oideachais go dtí go ndéanfaidh na húdaráis inniúla sa Bhallstát eile athmheasúnú ar a stádas míchumais agus go dtí go n-aithneoidh siad go foirmiúil é; agus*** |
| | ***(b) glacann sealbhóir Cárta Míchumais Eorpaigh páirt i gclár soghluaisteachta AE, ar feadh fad an chláir sin.*** |
| | ***Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an Ballstát a d'eisigh an Cárta Míchumais Eorpach rochtain ar na sochair agus ar an gcúnamh sóisialta dá dtagraítear i mír 2, pointí (b) agus (c), a dheonú do shealbhóirí Cárta Míchumais Eorpaigh sna cásanna dá dtagraítear sa mhír seo.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní thagann an Treoir seo salach ar inniúlachtaí náisiúnta sochair speisialta nó coinníollacha sonracha fabhracha a dheonú nó a cheangal iad a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus, i gcás ina bhforáiltear sin, don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta. | 4. Ní thagann an Treoir seo salach ar inniúlachtaí náisiúnta sochair speisialta nó coinníollacha sonracha fabhracha a dheonú ná a cheangal iad a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus, i gcás ina bhforáiltear sin, don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta, chomh maith le hainmhithe cuidithe amhail madraí treorach agus madraí cuidithe. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh an Treoir seo gan dochar do na cearta a fhéadfaidh daoine faoi mhíchumas nó an duine nó na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta, a fháil ó fhorálacha eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear na cearta sin lena ndeonaítear sochair shonracha, coinníollacha speisialta, nó cóir fhabhrach. | 5. Beidh an Treoir seo gan dochar do na cearta a fhéadfaidh daoine faoi mhíchumas nó an duine nó na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta, nó ainmhithe cuidithe amhail madraí treorach agus madraí cuidithe, a fháil ó fhorálacha eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear na cearta sin lena ndeonaítear sochair shonracha, coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach. ***Ní bheidh gá le Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar mhíchumas chun rochtain a fháil ar aon cheann de na cearta dá dtagraítear sa mhír seo nó chun na cearta sin a fheidhmiú.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) is éard is ‘cúntóir pearsanta’ ann duine a ghabhann le daoine faoi mhíchumas nó a chuidíonn leo agus a aithnítear de réir na reachtaíochta nó na gcleachtas náisiúnta sa cháil sin; | (d) ciallaíonn ‘cúntóir pearsanta’ duine, cibé náisiúntacht atá aige nó aici, a ghabhann le daoine faoi mhíchumas nó a chuidíonn leo, agus a aithnítear de réir na reachtaíochta náisiúnta nó na gcleachtas náisiúnta sa cháil sin; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ciallaíonn ‘coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach’ coinníollacha sonracha, lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le coinníollacha airgeadais, nó cóir dhifreáilte a bhaineann le cúnamh agus le tacaíocht amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, rochtain tosaíochta, a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó, nuair is infheidhme, don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóirí pearsanta nó ainmhithe cúnaimh a aithnítear i gcomhréir leis an reachtaíocht nó leis na cleachtais náisiúnta mar sin, is cuma má sholáthraítear iad ar bhonn deonach nó má fhorchuirtear iad le hoibleagáidí dlíthiúla; | (e) ciallaíonn ‘coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach’ aon choinníoll sonrach, lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le coinníollacha airgeadais, nó aon chóir dhifreáilte a bhaineann le cúnamh agus le tacaíocht amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, rochtain tosaíochta, rochtain ar chriosanna tráchta atá srianta agus ar chriosanna do choisithe, suíocháin tosaíochta ar chórais iompair phoiblí, a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó, nuair is infheidhme, don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta, ateangairí comharthaíochta nó ainmhithe cuidithe amhail madraí treorach nó madraí cuidithe, a aithnítear i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó leis na cleachtais náisiúnta mar sin, is cuma má sholáthraítear iad ar bhonn deonach nó má fhorchuirtear iad le hoibleagáidí dlíthiúla; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) ciallaíonn 'coinníollacha agus saoráidí páirceála' aon spás páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas i gcoitinne chomh maith le tairbhí páirceála gaolmhara do dhaoine faoi mhíchumas, nó coinníollacha fabhracha a thugtar do dhaoine faoi mhíchumas, amhail páirceáil saor in aisce, taraifí laghdaithe, táillí laghdaithe nó muirir úsáideora ar dhola-bhóithre/droichid/tolláin nó spásanna páirceála leathnaithe is cuma má sholáthraítear iad ar bhonn deonach nó má fhorchuirtear iad le hoibleagáidí dlíthiúla. | (f) ciallaíonn 'coinníollacha agus saoráidí páirceála' aon spás páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas nó, i gcás inarb infheidhme, don duine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóirí pearsanta, go heisiach nó go ginearálta, chomh maith le haon tairbhe pháirceála ghaolmhar do dhaoine faoi mhíchumas, nó coinníollacha fabhracha a thugtar do dhaoine faoi mhíchumas, amhail páirceáil saor in aisce, taraifí laghdaithe, táillí nó muirir úsáideora laghdaithe ar dhola-bhóithre/droichid/tolláin nó spásanna páirceála leathnaithe is cuma má sholáthraítear iad ar bhonn deonach nó má fhorchuirtear iad le hoibleagáidí dlíthiúla; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) ciallaíonn 'cóiríocht réasúnach' modhnú agus coigeartuithe is gá agus is iomchuí nach bhforchuireann ualach díréireach nó míchuí, i gcás inar gá i gcás ar leith, chun a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas go bhfuil siad ag tairbhiú de chearta uile an duine, de na saoirsí bunúsacha uile agus de na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo nó go bhfuil na cearta sin agus na saoirsí sin á bhfeidhmiú ar bhonn comhionann le daoine eile;*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) ciallaíonn ‘clár soghluaisteachta AE’ clár de chuid an Aontais lena dtacaítear le daoine nádúrtha a bhogann go Ballstát eile chun críche oideachais, oiliúna, gairmiúla, sibhialta nó cultúrtha nó meascán díobh sin ar feadh tréimhse ama shocraithe.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Saoránaigh den Aontas agus baill teaghlaigh de shaoránaigh den Aontas, a n-aithníonn na húdaráis inniúla sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu a stádas míchumais trí dheimhniú, cárta nó aon doiciméad foirmiúil eile a eisítear i gcomhréir le hinniúlachtaí, cleachtais agus nósanna imeachta náisiúnta, chomh maith, nuair is infheidhme, leis an duine nó na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta, | (a) saoránaigh den Aontas agus baill teaghlaigh de shaoránaigh den Aontas, a n-aithníonn na húdaráis inniúla sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu a stádas míchumais trí dheimhniú, cárta nó aon doiciméad foirmiúil eile a eisítear i gcomhréir le hinniúlachtaí, cleachtais agus nósanna imeachta náisiúnta, agus, nuair is infheidhme, chuig an duine nó na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta nó ateangairí comharthaíochta; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) nuair a áirítear ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo coinníollacha fabhracha don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta nó coinníollacha sonracha d’ainmhithe cúnaimh, deonófar na | (a) nuair a áirítear ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo coinníollacha fabhracha don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta nó coinníollacha sonracha d’ainmhithe cuidithe, deonófar na |

| | |
|---|---|
| coinníollacha fabhracha nó sonracha sin ar théarmaí agus coinníollacha comhionanna don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir(í) pearsanta nó ainmhithe cuidithe de chuid shealbhóir an Chárta Míchumais Eorpaigh; | coinníollacha fabhracha nó sonracha sin ar théarmaí agus coinníollacha comhionanna don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta nó ainmhithe cuidithe amhail madraí treorach agus madraí cuidithe de chuid shealbhóir an Chárta Míchumais Eorpaigh; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh gach Ballstát an Cárta Míchumais Eorpach isteach de réir na formáide caighdeánaithe coitinne a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Tabharfaidh na Ballstáit gnéithe digiteacha i gcártaí fisiceacha isteach trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha lena dtugtar aghaidh ar chosc calaoise mar chuid den Chárta Míchumais Eorpach, a luaithe a leagfaidh an Coimisiún síos na ceanglais maidir leis na gnéithe digiteacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 8. Ní bheidh níos mó sonraí pearsanta sa mhodh stórála digití ná na sonraí a sholáthraítear don Chárta Míchumais Eorpach in Iarscríbhinn I. | 1. Tabharfaidh gach Ballstát an Cárta Míchumais Eorpach isteach de réir na formáide caighdeánaithe coitinne agus na gceanglas inrochtaineachta uilíoch a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Tabharfaidh na Ballstáit gnéithe digiteacha i gcártaí fisiceacha isteach trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha lena dtugtar aghaidh ar chosc calaoise mar chuid den Chárta Míchumais Eorpach, a luaithe a leagfaidh an Coimisiún síos na ceanglais maidir leis na gnéithe digiteacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 8. Ní bheidh níos mó sonraí pearsanta sa mheán stórála digití ná na sonraí a sholáthraítear don Chárta Míchumais Eorpach in Iarscríbhinn I. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar Cártaí Míchumais Eorpacha a eiseoidh Ballstáit a aithint go frithpháirteach sna Ballstáit uile. | 2. Déanfar Cártaí Míchumais Eorpacha arna n-eisiúint ag Ballstáit a aithint go frithpháirteach sna Ballstáit uile agus beidh siad comhoiriúnach le haon |

deimhniú, aon chárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile do dhaoine faoi mhíchumas arna n-eisiúint ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint nó a athnuachan go díreach nó ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. Déanfar é a eisiúint agus a athnuachan laistigh den tréimhse chéanna a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme chun deimhnithe míchumais, cártaí míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear stádas míchumais duine faoi mhíchumas a eisiúint. | 4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint nó a athnuachan go díreach, i gcás ina bhforáiltear dó cheana féin sa nós imeachta náisiúnta um measúnú agus aitheantas míchumais, nó ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. ***Cuirfear daoine faoi mhíchumas ar an eolas go cuí faoin bhféidearthacht iarratas a dhéanamh ar an gCárta Míchumais Eorpach i gcás nach n-eisítear go díreach é.*** Déanfar é a eisiúint agus a athnuachan saor in aisce don tairbhí agus laistigh de 60 lá nó laistigh den tréimhse a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme chun deimhnithe míchumais, cártaí míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear stádas míchumais duine faoi mhíchumas a eisiúint, cibé acu is giorra. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine faoi mhíchumas, nó ionadaithe ainmnithe ag gníomhú thar a gceann agus lena bhformheas nó le formheas a gcaomhnóra dhlíthiúil, in ann achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh ó na húdaráis inniúla maidir le Cárta*** |

| | |
|---|---|
| | ***Míchumais Eorpach a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfar an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint mar chárta fisiceach agus déanfar é a chomhlánú le formáid dhigiteach nuair a ghlacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 7. Tabharfar an rogha do dhaoine faoi mhíchumas an cárta digiteach nó an cárta fisiceach, nó an dá cheann, a úsáid. | 5. Déanfar an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint mar chárta fisiceach agus déanfar é a chomhlánú le formáid dhigiteach nuair a ghlacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 7. Tabharfar an rogha do dhaoine faoi mhíchumas an cárta digiteach nó an cárta fisiceach, nó an dá cheann, a úsáid ar bhonn cothrom. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Is ar feadh na tréimhse céanna ar a laghad a bheidh bailíocht an Chárta Míchumais Eorpaigh arna eisiúint ag Ballstát agus a bheidh ag an deimhniú míchumais, ag an gcárta míchumais nó ag aon doiciméad foirmiúil eile is faide a mhairfidh, lena n-aithnítear a stádas míchumais arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit ina chríoch don duine lena mbaineann. | 6. Is ar feadh na tréimhse céanna ar a laghad a bheidh bailíocht an Chárta Míchumais Eorpaigh arna eisiúint ag Ballstát agus a bheidh ag an deimhniú míchumais náisiúnta, ag an gcárta míchumais náisiúnta nó ag aon doiciméad foirmiúil eile is faide a mhairfidh, lena n-aithnítear a stádas míchumais arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit ina chríoch don duine lena mbaineann. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 6 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun formáid dhigiteach an Chárta Míchumais Eorpaigh a leagan síos agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú, agus chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I chun gnéithe coiteanna na formáide caighdeánaithe a mhodhnú, chun an fhormáid a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, chun gnéithe digiteacha a thabhairt isteach chun brionnú agus calaois a chosc, chun aghaidh a thabhairt ar dhroch-úsáid nó ar mhí-úsáid agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú. | 7. Faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 lena bhforlíontar an Treoir seo trí fhormáid dhigiteach an Chárta Míchumais Eorpaigh a leagan síos agus idir-inoibritheacht a áirithiú. |
| | Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I chun gnéithe coiteanna na formáide caighdeánaithe agus ceanglais inrochtaineachta uilíocha a mhodhnú, an fhormáid a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, gnéithe digiteacha a thabhairt isteach chun brionnú agus calaois a chosc, aghaidh a thabhairt ar dhrochúsáid nó ar mhí-úsáid agus inrochtaineacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh gach Ballstát an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas isteach de réir na formáide caighdeánaithe coitinne a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Tabharfaidh na Ballstáit gnéithe digiteacha i gcártaí fisiceacha isteach trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha lena dtugtar aghaidh ar chosc calaoise mar chuid den Chárta Páirceála | 1. Tabharfaidh gach Ballstát an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas isteach de réir na formáide caighdeánaithe coitinne agus na gceanglas inrochtaineachta uilíoch a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Tabharfaidh na Ballstáit gnéithe digiteacha i gcártaí fisiceacha isteach trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha lena dtugtar aghaidh ar chosc |

| | |
|---|---|
| Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, a luaithe a leagfaidh an Coimisiún síos na ceanglais maidir leis na gnéithe digiteacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 8. Ní bheidh níos mó sonraí pearsanta sa mhodh stórála digití ná na sonraí a sholáthraítear don Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas in Iarscríbhinn II. | calaoise mar chuid den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, a luaithe a leagfaidh an Coimisiún síos na ceanglais maidir leis na gnéithe digiteacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 8. Ní bheidh níos mó sonraí pearsanta sa mheán stórála digití ná na sonraí a sholáthraítear don Chárta Páirceála Eorpach in Iarscríbhinn II. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint nó a athnuachan ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. Déanfar é a eisiúint nó a athnuachan laistigh de thréimhse réasúnach ó dháta an iarratais nach faide ná 60 lá. | 4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint nó a athnuachan ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. Déanfar é a eisiúint nó a athnuachan saor in aisce don tairbhí agus laistigh de thréimhse réasúnta ó dháta an iarratais nach faide ná 30 lá. ***Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas, áfach, a iarraidh go mbeidh an leagan digiteach den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil laistigh de 15 lá tar éis don duine faoi mhíchumas iarratas a dhéanamh.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas, nó ionadaithe ainmnithe ag gníomhú thar a gceann agus lena bhformheas nó le formheas a gcaomhnóra dhlíthiúil, achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh ó na húdaráis inniúla maidir le*** |

| | |
|---|---|
| | ***Cárta Páirceála Eorpach a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas in ionad na gcártaí páirceála bailí uile atá ann cheana, arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le cártaí páirceála do dhaoine faoi mhíchumas[58] ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil ar a dhéanaí faoin ll/mm/bb [dáta chur i bhfeidhm na Treorach seo]. | 5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas in ionad na gcártaí páirceála bailí uile atá ann cheana, arna n-eisiúint i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le cártaí páirceála do dhaoine faoi mhíchumas[58] ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, ar eisiúint an Chárta Páirceála Eorpaigh, agus in aon chás ar a dhéanaí faoin ll/mm/bb [dáta chur i bhfeidhm na Treorach seo]. |
| ___ | ___ |
| [58] Moladh ón gComhairle an 4 Meitheamh 1998 98/376/CE) OJ L 167/25,12.6.1998 arna oiriúnú le Moladh ón gComhairle an 3 Márta 2008 mar gheall ar aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice IO L 63/43,7.3.2008. | [58] Moladh ón gComhairle an 4 Meitheamh 1998 (98/376/CE) IO L 167/25, 12.6.1998, arna oiriúnú le Moladh ón gComhairle an 3 Márta 2008 mar gheall ar aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice, IO L 63/43, 7.3.2008. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfar an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint nó a athnuachan mar chárta fisiceach agus déanfar é a chomhlánú le formáid dhigiteach nuair a ghlacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 7. Tabharfar an rogha do dhaoine faoi mhíchumas an cárta digiteach nó an cárta fisiceach, nó an dá cheann, a úsáid. | 6. Déanfar an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint nó a athnuachan mar chárta fisiceach agus déanfar é a chomhlánú le formáid dhigiteach nuair a ghlacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 7. Tabharfar an rogha do dhaoine faoi mhíchumas an cárta digiteach nó an cárta fisiceach, nó an dá cheann, a úsáid ar bhonn cothrom. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun an Treoir a fhorlíonadh chun formáid dhigiteach an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a leagan síos agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha a fhorbairt agus a úsáid, agus chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn II chun gnéithe coiteanna na formáide caighdeánaithe a mhodhnú, chun an fhormáid a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, chun brionnú agus calaois a chosc, chun aghaidh a thabhairt ar dhroch-úsáid nó ar mhí-úsáid agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú, lena n-áirítear trí fhorbairt agus úsáid uirlisí digiteacha. | 7. Faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 lena bhforlíontar an Treoir trí fhormáid dhigiteach an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a leagan síos agus idir-inoibritheacht a áirithiú, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha a fhorbairt agus a úsáid. |
| | Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn II chun gnéithe coiteanna na formáide caighdeánaithe agus ceanglais inrochtaineachta uilíocha a mhodhnú, an fhormáid a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, brionnú agus calaois a chosc, aghaidh a thabhairt ar dhrochúsáid nó ar mhí-úsáid agus idir-inoibritheacht a |

áirithiú, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha a fhorbairt agus a úsáid.

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Forálacha do shealbhóirí cárta agus a n-áit chónaithe á athrú acu*** |
| | ***1. Maidir le sealbhóirí Cárta Míchumais Eorpaigh nó sealbhóirí Cárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a d'athraigh a mBallstát cónaithe, agus atá ag fanacht le heisiúint cárta míchumais náisiúnta, deimhnithe míchumais náisiúnta nó aon doiciméid fhoirmiúil eile lena n-aithnítear a stádas míchumais ag na húdaráis inniúla sa Bhallstát sin, áiritheoidh na Ballstáit go ráthófar na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo dóibh le linn na tréimhse sin. Beidh an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas arna n-eisiúint ag an mBallstát deiridh ina raibh cónaí orthu bailí go dtí go n-eiseofar an cárta míchumais náisiúnta nua, an deimhniú míchumais náisiúnta nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear stádas míchumais an tsealbhóra.*** |
| | ***2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an próiseas um measúnú agus aitheantas stádas míchumais agus aon eisiúint Cárta Míchumais Eorpaigh nua nó Cárta Páirceála Eorpaigh nua do dhaoine faoi mhíchumas ina dhiaidh sin, laistigh de thréimhse ama réasúnta agus ar bhealach éifeachtúil.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2). | 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2). |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faireachas, comhlíonadh, inrochtaineacht faisnéise agus múscailt feasachta | Faireachas agus comhlíonadh |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***1. Cuirfidh na Ballstáit na coinníollacha agus na rialacha, na cleachtais agus na nósanna imeachta chun Cárta Míchumais Eorpach agus Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar ar fáil go poiblí i bhformáidí inrochtana, lena n-áirítear i bhformáidí digiteacha, agus arna iarraidh sin i bhformáidí cúnta arna n-iarraidh sin do dhaoine faoi mhíchumas.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail agus chun daoine faoi mhíchumas a chur ar an eolas, lena n-áirítear ar bhealaí inrochtana, go bhfuil an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ann agus faoi na coinníollacha maidir leis na cártaí sin a fháil, a úsáid nó a athnuachan.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun an riosca brionnaithe nó calaoise a sheachaint agus déanfaidh siad úsáid chalaoiseach agus brionnú an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a chomhrac go gníomhach. | 3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá chun an riosca brionnaithe nó calaoise a sheachaint agus rachaidh siad i ngleic go gníomhach le heisiúint chalaoiseach, úsáid chalaoiseach agus brionnú an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, déanfaidh siad imscrúdú críochnúil orthu agus, i gcás inarb ábhartha, déanfaidh siad foráil maidir le himeachtaí riaracháin nó breithiúnacha chun aghaidh a thabhairt orthu. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Le haon bheart a dhéantar chun an riosca brionnaithe nó calaoise a sheachaint, urramófar cearta daoine faoi mhíchumas*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus ní bheidh aon chur isteach ar leasanna dlisteanacha daoine faoi mhíchumas i dtaobh rochtain a bheith acu ar cheachtar de na cártaí ná i dtaobh ceachtar de na cártaí a úsáid mar thoradh orthu ná ní eascróidh stiogmatú astu ar bhealach ar bith.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go dtabharfaidh sealbhóirí Cárta Míchumais Eorpaigh nó Cárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a gcártaí ar ais don údarás inniúil a luaithe nach gcomhlíonfar na coinníollacha faoinar eisíodh iad a thuilleadh. | 4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfaidh sealbhóirí Cárta Míchumais Eorpaigh nó Cárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a gcártaí ar ais don údarás inniúil i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha faoinar eisíodh iad a thuilleadh. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina dtagann siad ar chásanna dhroch-úsáid úsáide nó mhí-úsáide na gcártaí arna n-eisiúint ag Ballstát eile ar a gcríoch, go gcuirfear na húdaráis inniúla sa Bhallstát a d’eisigh an Cárta Míchumais Eorpach nó an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ar an eolas. Áiritheoidh an Ballstát eisiúna go ndéanfar obair leantach iomchuí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta. | 5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i gcás ina dtagann siad ar chásanna drochúsáide nó mí-úsáide na gcártaí arna n-eisiúint ag Ballstát eile ar a gcríoch, go gcuirfear na húdaráis inniúla sa Bhallstát a d’eisigh an Cárta Míchumais Eorpach nó an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ar an eolas. Áiritheoidh an Ballstát eisiúna go ndéanfar obair leantach iomchuí i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta. ***Déanfaidh na Ballstáit faisnéis a mhalartú maidir le drochúsáid nó mí-úsáid na gcártaí.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***7. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus 2 den Airteagal seo a chur ar fáil saor in aisce ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus ar bhealach atá inrochtana go héasca, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin oifigiúil na n-oibreoirí príobháideacha nó na n-údarás poiblí i gcás ina mbeidh sé ar fáil, nó ar bhealaí oiriúnacha eile, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 9a*** |
| | ***Inrochtaineacht faisnéise agus múscailt feasachta*** |
| | ***1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le coinníollacha agus rialacha, cleachtais agus nósanna imeachta chun Cárta Míchumais Eorpach agus Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar, a chur ar fáil go poiblí i bhformáidí inrochtana, lena n-áirítear i bhformáidí digiteacha, i dteangacha comharthaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta, in braille agus i bhformáidí soléite agus i gclosfhormáidí, agus i bhformáidí cúnta malartacha eile arna n-iarraidh sin do dhaoine faoi mhíchumas.*** |
| | ***2. Déanfaidh na Ballstáit bearta*** |

***iomchuí chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail, go háirithe maidir le húdaráis phoiblí agus oibreoirí príobháideacha a bhfuil sé d'acmhainn acu coinníollacha speisialta, cóir fhabhrach agus coinníollacha agus saoráidí páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a chur ar fáil de bhun Airteagal 5, agus geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear eagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas, agus cuirfidh siad daoine faoi mhíchumas ar an eolas, ar bhealaí inrochtana, gurb ann don Chárta Míchumais Eorpach agus don Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas agus faoi na coinníollacha chun iad a fháil, a úsáid nó a athnuachan. Tabharfaidh an Coimisiún faoi fheachtas múscailte feasachta Eorpach i gcomhar leis na Ballstáit.***

***3. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chur ar fáil saor in aisce ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus ar bhealach atá inrochtana go héasca, lena n-áirítear trí shuíomhanna gréasáin oifigiúla na n-oibreoirí príobháideacha nó na n-údarás poiblí i gcás ina mbeidh siad ar fáil agus trí Phointí Teagmhála Náisiúnta ainmnithe, nó ar bhealaí oiriúnacha eile, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882.***

***4. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 sothuigthe, gan dul thar leibhéal castachta atá níos airde ná leibhéal B1 (idirmheánach) de Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha de chuid Chomhairle na hEorpa.***

***5. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear cistiú iomchuí ar fáil do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na costais a bhaineann le soláthar faisnéise***

***agus leis na hoibleagáidí múscailte feasachta faoin Airteagal seo agus faoi Airteagal 15.***

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 10a*** |
| | ***Eagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas*** |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le heagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach go fóinteach i bhforbairt, pleanáil, cur chun feidhme an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas araon agus i bhfaireachán agus meastóireacht a dhéanamh orthu.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. | 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha chomh maith le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin. | 1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún agus áiritheoidh sé gur féidir le heagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach go fóinteach. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Forfheidhmiú | Forfheidhmiú agus leigheasanna |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh modhanna leormhaithe éifeachtacha ar fáil chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir seo. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh modhanna leormhaithe éifeachtacha ar fáil chun a áirithiú go gcomhlíonfar agus go bhforfheidhmeofar an Treoir seo. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) forálacha trína bhféadfaidh comhlachtaí poiblí nó comhlachais phríobháideacha, eagraíochtaí príobháideacha nó eintitis dhlíthiúla eile ag | (b) forálacha trína bhféadfaidh comhlachtaí poiblí amhail comhlachtaí comhionannais nó comhlachais phríobháideacha, eagraíochtaí go háirithe |

| | |
|---|---|
| a bhfuil leas dlisteanach i gcomhlíonadh fhorálacha na Treorach seo a áirithiú gníomhaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na nósanna imeachta náisiúnta os comhair na gcúirteanna nó os comhair na gcomhlachtaí inniúla riaracháin thar ceann duine faoi mhíchumas nó chun tacú leis nó léi, lena chead nó lena cead, in aon imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin arna soláthar chun oibleagáidí faoin Treoir seo a fhorfheidhmiú. | eagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas nó eintitis dhlíthiúla eile, ag a bhfuil leas dlisteanach i gcomhlíonadh fhorálacha na Treorach seo a áirithiú, caingean a thabhairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na nósanna imeachta náisiúnta os comhair na gcúirteanna nó os comhair na gcomhlachtaí inniúla riaracháin thar ceann duine faoi mhíchumas nó chun tacú leis, lena fhormheas, in aon imeacht breithiúnach nó riaracháin arna soláthar chun oibleagáidí faoin Treoir seo a fhorfheidhmiú. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) forálacha faoina bhfuil ceart chun sásaimh ag daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear cúiteamh leormhaith, i gcásanna sáruithe ar a gcearta a eascraíonn as an Treoir seo.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh ceapadh agus cur chun feidhme na bhforálacha dá dtagraítear i mír 2 prionsabal na cóiríochta réasúnaí do dhaoine faoi mhíchumas.*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. | 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le húdaráis phoiblí nó oibreoirí príobháideacha i leith sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus glacfaidh siad na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 14 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní mór na pionóis dá bhforálfar a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus ní mór gníomhaíocht feabhais éifeachtach a bheith ag gabháil leo. | 2. Ní mór na pionóis dá bhforálfar a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach agus ní mór gníomhaíocht feabhais éifeachtach a bheith ag gabháil leo i bhfoirm fíneálacha nó cúiteamh leormhaith a íoc. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Bunóidh gach Ballstát suíomh gréasáin tiomnaithe aonair ina gcuirfear na coinníollacha speisialta nó an chóir fhabhrach a thairgeann a n-údaráis phoiblí i dtoll a chéile agus áiritheoidh siad go mbeidh an fhaisnéis sin cothrom le dáta. Féadfaidh na Ballstáit faisnéis faoi na coinníollacha speisialta nó an chóir fhabhrach a thairgeann oibreoirí príobháideacha ar an suíomh gréasáin a éascú freisin, i gcás ina mbeidh sí ar fáil. Beidh an suíomh gréasáin ar fáil i dteangacha oifigiúla na mBallstát, i*** |

***dteangacha comharthaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta le haghaidh inneachar fuaime agus físe, i bhformáidí inrochtana soléite, i mBéarla agus in aon teanga ábhartha eile de réir mar a chinnfidh an Ballstát.***

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inarb infheidhme, go ndéanfaidh oibreoirí seirbhísí iompair trasteorann do phaisinéirí faisnéis shoiléir a sholáthar do phaisinéirí a bhfuil Cárta Míchumais Eorpach acu faoi na coinníollacha speisialta nó an chóir fhabhrach is infheidhme i gcodanna éagsúla de na hoibríochtaí.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Spreagfaidh na Ballstáit oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí chun coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach a sholáthar go deonach do dhaoine faoi mhíchumas. | 2. Tacóidh na Ballstáit le hoibreoirí príobháideacha nó le húdaráis phoiblí agus spreagfaidh siad iad chun coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach a sholáthar go deonach do dhaoine faoi mhíchumas sa réimse is leithne is féidir de sheirbhísí, gníomhaíochtaí eile agus saoráidí eile. |
| | ***Go háirithe, tacóidh na Ballstáit le hoibreoirí príobháideacha agus le húdaráis phoiblí agus spreagfaidh siad iad trí, inter alia, faisnéis a sholáthar agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach a d'fhéadfaí a thairiscint agus trí oiliúint maidir le feasacht ar*** |

***mhíchumas a sholáthar chun ábharthacht, éifeachtacht agus cuimsitheacht aon choinníll speisialta nó aon chóra fabhraí a thairgtear a áirithiú. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na bearta uile sin i gcomhpháirtíocht le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha.***

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chur ar fáil saor in aisce ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus ar bhealach atá inrochtana go héasca, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin oifigiúil na n-oibreoirí príobháideacha nó na n-údarás poiblí i gcás ina mbeidh sé ar fáil, nó ar bhealaí oiriúnacha eile, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. | 3. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i ***míreanna 1 agus 1a*** den Airteagal seo a chur ar fáil saor in aisce ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus ar bhealach atá inrochtana go héasca, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin oifigiúil na n-oibreoirí príobháideacha nó na n-údarás poiblí i gcás ina mbeidh sé ar fáil, nó ar bhealaí oiriúnacha eile, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ***gan dul thar leibhéal castachta atá níos airde ná leibhéal B1 (idirmheánach) de Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha de chuid Chomhairle na hEorpa***. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 15a*** |
| | ***Suíomh gréasáin an Aontais le haghaidh an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine*** |

***faoi mhíchumas***

***1. Faoin ... [x mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cuirfidh an Coimisiún suíomh gréasáin tiomnaithe aonair de chuid an Aontais (suíomh gréasáin an Aontais) ar bun. Beidh an méid seo a leanas ar shuíomh gréasáin an Aontais:***

***(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9a;***

***(b) faisnéis ábhartha a bhaineann leis na coinníollacha agus saoráidí páirceála is infheidhme mar a shainmhínítear ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta i ngach Ballstát;***

***(c) tairseach dhigiteach inrochtana trínar féidir rochtain a fháil ar na suíomhanna gréasáin náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 15(1).***

***Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh na húdaráis phoiblí an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír do shuíomh gréasáin an Aontais agus go ndéanfaidh siad an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá.***

***2. Beidh suíomh gréasáin an Aontais ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais, i dteanga chomharthaíochta idirnáisiúnta agus i dteangacha comharthaíochta náisiúnta na mBallstát agus beidh sé ar fáil i bhformáidí inrochtana soléite, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo sothuigthe, gan dul thar leibhéal castachta atá níos airde ná leibhéal B1 (idirmheánach) de Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha de chuid Chomhairle na hEorpa.***

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin ll/mm/bb [3 bliana i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. | 1. Faoin ll/mm/bb [2 bhliain ó dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar aghaidh sa tuarascáil, inter alia, i bhfianaise forbairtí sóisialta, ar úsáid an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an Treoir seo a athbhreithniú. | 2. Tabharfar aghaidh sa tuarascáil, inter alia, i bhfianaise forbairtí sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíocha agus forbairtí ábhartha eile, ar úsáid an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, ar a mhéid a baineadh amach cuspóirí na Treorach seo lena cur chun feidhme agus ar a idirghníomhú le gníomhartha dlí ábhartha eile de chuid an Aontais d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an Treoir seo a athbhreithniú. ***Áireofar sa tuarascáil measúnú ar úsáid an chárta maidir le hinaistritheacht i réimse na sochar slándála sóisialta, na cosanta sóisialta agus an chúnaimh shóisialta sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 2(2a).***<br>***Áireofar sa tuarascáil freisin anailís ó thaobh gné thrasnach agus comhionannas inscne de ar thionchar na Treorach seo ar shaorghluaiseacht daoine faoi mhíchumas a bhfuil féiniúlachtaí trasnacha acu, go háirithe mná agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***cailíní. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil freisin ar éifeachtacht na mbeart dreasachta arna soláthar ag na Ballstáit do sholáthraithe seirbhíse faoi Airteagal 5(2).*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil ón gCoimisiún dearcthaí daoine atá faoi mhíchumas, páirtithe leasmhara eacnamaíocha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine atá faoi mhíchumas. | 4. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil ón gCoimisiún dearcthaí daoine faoi mhíchumas, eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha, go háirithe eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine faoi mhíchumas chomh maith le geallsealbhóirí eacnamaíocha. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ll/mm/bb [laistigh de 18 mí i ndiaidh theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. | 1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ll/mm/bb [laistigh de 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh siad na forálacha sin i | 2. Cuirfidh siad na forálacha sin i |

| | |
|---|---|
| bhfeidhm ón ll/mm/bb [30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. | bhfeidhm ón ll/mm/bb [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| CÚL Faisnéis náisiúnta sa teanga náisiúnta nó sna teangacha náisiúnta atá le cinneadh ag an mBallstát eisiúna. | CÚL Faisnéis náisiúnta sa teanga náisiúnta nó sna teangacha náisiúnta atá le cinneadh ag an mBallstát eisiúna. ***Tabharfaidh na Ballstáit an rogha do dhaoine faoi mhíchumas, agus iarratas ar an gcárta á dhéanamh acu chuig na húdaráis ábhartha, siombailí ábhartha a thaispeáint ar an gcárta chun cineál na cóiríochta réasúnaí atá ag teastáil uathu a léiriú. Forbróidh an Coimisiún treoirlínte le haghaidh picteagraim chomhchoiteanna lena léirítear cineálacha éagsúla cúnaimh.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – mír 3 – pointe b – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – i gceannlitreacha, na focail 'Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas' i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit a bhfuil an cárta á eisiúint aige; i ndiaidh spás oiriúnach, beidh na focail le feiceáil i gcló beag i dteangacha eile an Aontais Eorpaigh; | – i gceannlitreacha, na focail 'Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas' i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit a bhfuil an cárta á eisiúint aige agus in braille agus úsáid á baint as toisí an chóid Marburg; i ndiaidh spás oiriúnach, beidh na focail le feiceáil i gcló beag i dteangacha eile an Aontais Eorpaigh; |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Le Conarthaí an Aontais Eorpaigh agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, bunaítear an comhionannas mar bhunchloch de dhlí an Aontais. Bunaítear an ceart bunúsach chun saorghluaiseacht daoine le hAirteagal 21 CFAE agus le hAirteagal 45 den Chairt. Is minic, áfach, nach ann d'fheidhmiú an chirt sin i gcás daoine faoi mhíchumas a mbíonn bacainní suntasacha rompu agus iad ag taisteal chuig Ballstáit eile agus ag tabhairt cuairt ar Bhallstáit eile le haghaidh na hoibre, na turasóireachta etc. Fiú nuair a éiríonn leo déanamh amhlaidh, bíonn sé an-deacair rochtain a fháil ar sheirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí iompair do phaisinéirí, agus gníomhaíochtaí, saoráidí agus bonneagar eile, go minic nó bíonn sé dodhéanta rochtain a fháil orthu fiú.

Trí Chárta nua Míchumais Eorpaigh (EDC) agus Cárta Páirceála Eorpach nuashonraithe do dhaoine faoi mhíchumas (EPC) a thabhairt isteach, ba cheart go gcuideofaí le haghaidh a thabhairt ar na bacainní sin agus go mbeadh sé níos éasca do dhaoine faoi mhíchumas taisteal ar fud AE trína áirithiú gur féidir leo, ar bhonn comhionann le náisiúnaigh, rochtain a fháil ar choinníollacha speisialta, ar chóir fhabhrach, agus ar chearta páirceála agus iad ar cuairt i mBallstát eile. Is díol sásaimh go deimhin cineál ceangailteach an togra agus leathnú an raoin feidhme i gcomparáid leis an treoirthionscadal.

Mar sin féin, ar an drochuair, ní thugtar aghaidh ar réimse na sochar sóisialta, an chúnaimh agus na cosanta. Faoi láthair, cailltear rochtain ar an tacaíocht sin nuair a bhogann duine faoi mhíchumas go Ballstát eile chun obair nó staidéar a dhéanamh nó chun páirt a ghlacadh i gclár soghluaisteachta AE agus d'fhéadfadh míonna nó blianta fiú a bheith i gceist leis an tréimhse fanachta chun í a fháil trí athmheasúnú ar stádas míchumais sa Bhallstát nua. Idir an dá linn, bíonn daoine faoi mhíchumas gan tacaíocht a chuidíonn lena gcuimsiú agus a neamhspleáchas pearsanta a áirithiú - prionsabail atá cumhdaithe in UNCRPD, a bhfuil na Ballstáit uile agus an tAontas féin ina bpáirtithe iontu. Cruthaíonn sé sin bac ollmhór do dhaoine faoi mhíchumas a saoirsí bunúsacha a theachtadh i ndáiríre ar bhonn comhionann le daoine eile - go bunúsach, coinnítear na saoirsí sin dóibh siúd nach bhfuil faoi mhíchumas nó dóibh siúd atá saibhir go leor chun na costais bhreise a eascraíonn as a míchumas a chumhdach as a bpóca féin. Ní fíor-chomhionannas é sin agus ní féidir glacadh leis in 'Eoraip Shóisialta'. Dá bhrí sin, áirítear sa dréacht-tuarascáil sochair, cúnamh agus cosaint den sórt sin do shealbhóirí EDC don tréimhse ina bhfuil athmheasúnú á dhéanamh ar a stádas míchumais i gcás ina mbogann siad le haghaidh fostaíochta, oideachais nó chun páirt a ghlacadh i gclár soghluaisteachta AE.

Tá sé mar aidhm leis an dréacht-tuarascáil freisin an togra ón gCoimisiún a neartú trína fhoráil go sainráite, *inter alia*, nach bhféadfar EDC a éileamh riamh mar chruthúnas chun rochtain a fháil ar chearta do dhaoine faoi mhíchumas i ndlí eile de chuid an Aontais nó sa dlí náisiúnta nó chun cearta atá ann cheana a fheidhmiú, trína fhoráil nach mór d'údaráis inniúla a eisíonn nó a dhéanann ceachtar cárta a athnuachan é sin a dhéanamh saor in aisce agus laistigh de thréimhse réasúnta nach faide ná 60 lá, agus tríd an gceart atá ag daoine faoi mhíchumas achomharc a dhéanamh ar chinntí na n-údarás maidir leis na cártaí a áirithiú.

Maidir le EPC, ba cheart don Choimisiún faisnéis a bhailiú, laistigh de bhunachar sonraí de chuid AE, a bheidh le soláthar ag údaráis phoiblí na mBallstát maidir leis na coinníollacha agus na saoráidí éagsúla páirceála a thairgtear i ngach Ballstát ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach

agus náisiúnta. Cabhróidh sé sin go mór le daoine faoi mhíchumas chun an taisteal a bhfuil sé mar aidhm leis na cártaí a spreagadh a phleanáil agus a eagrú.

Maidir le forálacha i ndáil le rioscaí calaoise nó brionnaithe a sheachaint, tá sé tábhachtach nach gcuirfidh aon bhearta a dhéantar chun an aidhm sin a bhaint amach isteach ar chearta agus leasanna daoine faoi mhíchumas agus úsáid á baint acu as an gcárta i gceart ná nach mbeidh stiogmatú mar thoradh orthu ar bhealach ar bith.

Neartaíodh freisin bearta maidir le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht faisnéise, chomh maith le bearta múscailte feasachta, agus áirítear orthu feachtas múscailte feasachta de chuid an Aontais a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún, suíomh gréasáin tiomnaithe an Aontais chun faisnéis a bhailiú maidir leis na coinníollacha agus na rialacha, na cleachtais agus na nósanna imeachta chun na cártaí a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar chomh maith le conas cártaí a fháil, a úsáid agus a athnuachan sna Ballstáit éagsúla. Beidh sé d’oibleagáid ar na Ballstáit freisin suíomhanna gréasáin náisiúnta a bhunú ina leagfar amach na coinníollacha speisialta ábhartha agus an chóir fhabhrach a thairgeann na húdaráis phoiblí ionas go gcuirfear daoine faoi mhíchumas, soláthraithe seirbhíse agus an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis na cártaí.

Ar deireadh, cuireadh síos leasuithe chun forfheidhmiú na treorach a neartú agus chun an ceart chun sásaimh a áirithiú, lena n-áirítear trí chúiteamh leormhaith chomh maith le ról níos fearr a thabhairt d’eagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas i gcur chun feidhme agus i meastóireacht na gcártaí.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an Rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas agus an tuarascáil á hullmhú aici, go dtí go nglacfar sa choiste í;

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| European Disability Forum |
| European Commission |

Rinneadh an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

7.12.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas.
(COM(2023)0512 – C9-0328/2023 – 2023/0311(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Erik Bergkvist(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## RÉASÚNÚ GEARR

Is é is cuspóir don tionscnaimh seo *Cárta Míchumais Eorpach* a chruthú a fheidhmeoidh mar chruthúnas ar stádas míchumais aitheanta. Déantar foráil sa togra **maidir le haitheantas frithpháirteach don Chárta Míchumais Eorpach sna Ballstáit uile,** agus ar an gcaoi sin rochtain a dheonú do shealbhóirí cártaí a thaistealaíonn chuig Ballstát eile, nó a thugann cuairt ar Bhallstát eile, ar théarmaí agus coinníollacha comhionann le téarmaí agus coinníollacha chónaitheoirí an Bhallstáit a bhfuil cuairt á tabhairt air, ar choinníollacha speisialta atá ann cheana nó ar chóir fhabhrach i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí éagsúla.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún, ina dtugtar aghaidh ar **iarraidh sheanbhunaithe ó na gluaiseachtaí míchumais uile** chun a áirithiú go gcuirfear cóir níos fearr ar dhaoine faoi mhíchumas agus go mbeidh siad in ann tairbhiú de choinníollacha speisialta lasmuigh dá dtír dhúchais. Tacaíonn an Rapóirtéir freisin leis an tionscnamh ón gCoimisiún an Cárta Míchumais Eorpach agus an *Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas* a chur le chéile in aon togra amháin.

Bunófar leis an togra seo na príomhrialacha lena rialófar eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh, agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, chomh maith le **samhlacha caighdeánaithe comhchoiteanna don dá chárta**.

Maidir leis an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, tiocfaidh an togra in ionad an chórais a cuireadh i bhfeidhm le Moladh 98/376/CE ón gComhairle ós rud é go bhfuil an t-uafás cártaí difriúla ann mar thoradh ar bhreisithe sonracha náisiúnta ar an tsamhail mholta agus diallais uaithi, agus bac dá réir ar a n-aitheantas trasteorann. Ar an ábhar sin, déantar foráil sa togra reatha maidir le rialacha agus coinníollacha comhchoiteanna lena rialófar eisiúint an chárta agus maidir le teimpléad comhchoiteann a bheidh le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit uile agus a thiocfaidh in ionad an iliomad cártaí páirceála náisiúnta atá ann cheana.

Creideann an Rapóirtéir go leagfar síos leis an togra seo **an bonn don tsaorghluaiseacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas,** ar an leibhéal céanna le haon duine eile. Go deimhin, de bhrí go bhfuil sé de cheart ag saoránaigh uile AE gluaiseacht faoi shaoirse laistigh den Aontas, is minic an ceart sin i mbaol sa chleachtas i gcás daoine faoi mhíchumas, a gcuirtear bac ar a soghluaisteacht sa saol laethúil mar thoradh ar **easpa struchtúrach inrochtaineachta** agus

easpa seirbhísí leormhaithe. Is ábhar práinne é na bacainní sin a shárú agus neamh-idirdhealú agus comhionannas iomlán maidir le rochtain ar sheirbhísí a áirithiú, ionas go mbeidh na cearta céanna ag daoine faoi mhíchumas agus atá ag an gcuid eile den tsochaí, sa chleachtas freisin. Is céim thábhachtach sa treo sin an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach, cárta comhchoiteanna, a chruthú le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Mar sin féin, is féidir an togra ón gCoimisiún a fheabhsú tuilleadh i ndáil leis sin.

Is den tábhacht go mbeidh **rochtain éasca ar na cártaí Eorpacha nua, go mbeidh siad éasca le húsáid agus saor in aisce**. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir go mbunóidh gach Ballstát **Pointe Teagmhála Náisiúnta** mar 'ionad ilfhreastail' lena soláthrófar faisnéis agus treoraíocht d'úsáideoirí maidir leis na coinníollacha agus na seirbhísí a áirítear sna cártaí Eorpacha nua ina gcríoch, chomh maith leis na coinníollacha agus na seirbhísí a dheonaítear faoi chártaí agus deimhnithe náisiúnta ábhartha. Beidh na pointí teagmhála náisiúnta sin nasctha trí **thairseach ghréasáin Eorpach**, mar aon leis na suíomhanna gréasáin oifigiúla i ngach Ballstát, chun a éascú do shealbhóirí na gcártaí faoi seach forléargas soiléir a fháil ar na coinníollacha agus na seirbhísí a chuirfear i bhfeidhm i ngach Ballstát.

Ina theannta sin, tá an Rapóirtéir suite de go soláthróidh **formáid dhigiteach** na gcártaí Eorpacha breisluach suntasach do na sealbhóirí, a luaithe a leagfar amach an fhormáid theicniúil agus na sonraíochtaí teicniúla. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, chun aon mhoill gan údar sa phróiseas sin a sheachaint.

Thairis sin, is gá a áirithiú maidir le sealbhóirí an Chárta Míchumais Eorpaigh **a úsáideann seirbhísí trasteorann do phaisinéirí nach mbeidh tionchar diúltach orthu** i gcásanna ina gcuireann na Ballstáit coinníollacha éagsúla, nó córacha fabhracha, i bhfeidhm. Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir go n-áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh oibreoirí faisnéis shoiléir ar fáil do thaistealaithe tráth an cheannaigh maidir leis na codanna de na hoibríochtaí ina mbeidh feidhm ag na coinníollacha speisialta sin nó ag na córacha fabhracha sin, chun nár bhaol do phaisninéirí a bheidh ag taisteal ó Bhallstát a bheith gan doiciméad taistil bailí agus iad ag dul isteach i mBallstát eile.

Mar sin féin, níor cheart **ualach maorlathais a fhorchur ar na Ballstáit** leis an togra seo agus is ar an gcúis sin a chinn an Rapóirtéir gan an raon feidhme a leasú agus é a fhágáil faoi na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ag brath ar a gcleachtais náisiúnta reatha.

Ar deireadh, chun a áirithiú go mbeidh an Treoir seo oiriúnach i gcónaí dá feidhm agus go mbeidh feidhmiú an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas á fheabhsú i gcónaí, molann an Rapóirtéir **go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú rialta ar cibé ar chomhlíon an Treoir a cuspóirí** agus ar a hidirghníomhú le gníomhartha dlí ábhartha eile de chuid an Aontais, agus, más iomchuí, togra reachtach a dhéanamh chun an Treoir a leasú.

## LEASÚ

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tá an ceart bunúsach ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus leis na bearta a glacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. | (3) Tá an ceart bunúsach ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, ***agus an rochtain is fusa is féidir ar mhodhanna iompair poiblí agus príobháideacha a bheith acu,*** faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus leis na bearta a glacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) De réir Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá sé i gceist go mbeidh saoránacht an Aontais ina stádas bunúsach do náisiúnaigh na mBallstát agus an ceart chun gluaiseacht agus cónaí ar chríoch na mBallstát á fheidhmiú acu, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh siúd a bhíonn sa chás céanna leas a bhaint as an gcóir chéanna sa dlí, laistigh de raon feidhme *ratione materiae* CFAE, gan beann ar a náisiúntacht, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear go sainráite. | (4) De réir Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá sé i gceist go mbeidh saoránacht an Aontais ina stádas bunúsach do náisiúnaigh na mBallstát agus an ceart chun gluaiseacht agus cónaí ar chríoch na mBallstát á fheidhmiú acu, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh siúd a bhíonn sa chás céanna leas a bhaint as an gcóir chéanna sa dlí, laistigh de raon feidhme *ratione materiae* CFAE, gan beann ar a náisiúntacht, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear go sainráite. ***Ba cheart, ar mhaithe le cóir chomhionann, go mbeadh feidhm freisin ag an gceart chun saorghluaiseachta maidir le náisiúnaigh triú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil acu i mBallstát de chuid an Aontais Eorpaigh agus míchumas aitheanta orthu sa Bhallstát sin. Dá bhrí sin, beidh an Treoir seo á comhlánú le gníomh dlí ar leithligh, lena ndúnfar an bhearna dhlí i ndáil leis*** |

***sin idir saoránaigh an Aontais Eorpaigh agus náisiúnaigh triú tír a bhfuil cónaí dlíthiúil acu agus lena bhforálfar do bhreis deimhneachta dlíthiúla.***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is é is cuspóir do UNCRPD tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú, agus meas ar a ndínit bhunúsach a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin a rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile a áirithiú. Aithnítear le UNCRPD freisin an tábhacht a bhaineann leis an ngá atá le bearta iomchuí a dhéanamh chun inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú. | (6) ***Aithnítear in UNCRPD go mbíonn bacainní éagsúla fisiciúla, riaracháin, teicneolaíocha, sóisialta agus bonneagair roimh dhaoine faoi mhíchumas, a bhféadfadh a bheith mar thoradh orthu go gcaithfí go hidirdhealaitheach leis na daoine sin.*** Is é is cuspóir do UNCRPD tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú, agus meas ar a ndínit bhunúsach a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin a rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile a áirithiú. Aithnítear le UNCRPD freisin an tábhacht a bhaineann leis an ngá atá le bearta iomchuí a dhéanamh chun inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú ***agus chun a áirithiú go mbeidh soghluaisteacht phearsanta ag daoine faoi mhíchumas agus go mbeidh an neamhspleáchas is mó is féidir acu***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Foráiltear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d’fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, agus an Coimisiún | (7) Foráiltear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d’fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, agus an Coimisiún |

| | |
|---|---|
| Eorpach in Göteborg an 17 Samhain 2017[40], go bhfuil ceart chun córa comhionainne agus chun deiseanna comhionanna ag gach duine, *inter alia*, gan beann ar mhíchumas, a mhéid a bhaineann***, i measc nithe eile,*** le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal (prionsabal 3). Ina theannta sin, aithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag daoine faoi mhíchumas chun seirbhísí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh páirt a ghlacadh sa tsochaí (prionsabal 17).<br>__________________<br>[40] An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, IO C 428, 13.12.2017, lch. 10. | Eorpach in Göteborg an 17 Samhain 2017[40], go bhfuil ceart chun córa comhionainne agus chun deiseanna comhionanna ag gach duine, *inter alia*, gan beann ar mhíchumas, a mhéid a bhaineann le ***fostaíocht, cosaint shóisialta, oideachas, agus*** rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal ***agus go gcothófar comhionannas deiseanna na ngrúpaí faoi ghannionadaíocht*** (prionsabal 3). Ina theannta sin, aithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag daoine faoi mhíchumas chun seirbhísí lena gcuirtear ar a gcumas dóibh páirt a ghlacadh sa tsochaí ***agus sa gheilleagar agus chun timpeallacht oibre a oireann dá riachtanais*** (prionsabal 17).<br>__________________<br>[40] An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, IO C 428, 13.12.2017, lch. 10. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7 a) Tá an sainordú comhionannais agus neamh-idirdhealaithe atá in Airteagal 5 de CRPD ábhartha maidir leis an Treoir seo, ós rud é go bhfuil sé i gceist leis an gCárta Míchumais Eorpach dlús a chur le comhionannas daoine faoi mhíchumas trí aitheantas uilíoch laistigh den Aontas agus ina Bhallstáit.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8 a) Le Straitéis 2021-2030 maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas tá sé i gceist dul i ngleic leis na dúshláin éagsúla a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas agus dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí uile de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9 a) Bunófar leis an togra seo na rialacha lena rialófar eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh, agus an Chárta Páirceála Eorpaigh le haghaidh daoine faoi mhíchumas, agus an dara ceann díobh le cur go huathoibríoch in áit na gcártaí páirceála náisiúnta coibhéiseacha atá ann faoi láthair. Chun laghdú ar ualaí maorlathais ar údaráis náisiúnta agus, níos tábhachtaí fós, ar dhaoine faoi mhíchumas, ba cheart go nglacfadh an Cárta Míchumais Eorpach áit na gcártaí nó na ndeimhnithe aitheantais míchumais náisiúnta atá ann faoi láthair i gcásanna ina bhfuil raon feidhme agus feidhmiú na gcartaí sin comhionann le raon feidhme agus feidhmiú an Chárta Míchumais Eorpaigh, agus i gcásanna nuair nach bhfuil an raon feidhme agus an feidhmiú comhionann, nuair a eiseofar an cárta nó deimhniú míchumais náisiúnta gheobhaidh na tairbhithe Cárta Míchumais Eorpach freisin go huathoibríoch.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9 b) D'fhonn neartú ar éifeachtúlacht an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus ar a mbreisluach i dtéarmaí saorghluaiseacht sealbhóirí na gcártaí sin a éascú, ba cheart don Choimisiún, mar chuid d'athbhreithniú na Treorach seo, dianmheasúnú a dhéanamh ar na creatchláir náisiúnta a bhaineann le haitheantas do stádas míchumais agus le heisiúint cárta míchumais agus deimhnithe páirceála, chun an sainmhíniú ar mhíchumas a chomhchuibhiú agus chun aitheantas frithpháirteach ar stádas míchumais ar fud na mBallstát a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún measúnú freisin ar aon tionchar de chuid an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas i dtaca le creataí náisiúnta ina mbeadh an chóir fhabhrach do na daoine faoi mhíchumas difriúil bunaithe ar an leibhéal míchumais nó riochtanna eile.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Mar gheall ar an easpa ***aitheantais*** maidir le stádas míchumais idir na Ballstáit, ***d'fhéadfadh*** deacrachtaí sonracha ***a bheith*** roimh dhaoine faoi mhíchumas agus a gcearta bunúsacha saorghluaiseachta á bhfeidhmiú acu. | (10) Mar gheall ar an easpa ***aitheantas frithpháirteach*** maidir le stádas míchumais idir na Ballstáit, ***is minic a bhíonn*** deacrachtaí sonracha ***agus suntasacha*** roimh dhaoine faoi mhíchumas agus a gcearta bunúsacha ***córa comhionainne, neamh-idirdhealaithe agus*** saorghluaiseachta á bhfeidhmiú acu. ***Ina*** |

***theannta sin, mar thoradh ar a theoranta a bhíonn faisnéis ar líne maidir lena gcearta sonracha agus a mbuntáistí, is amhlaidh a dhéantar an fhadhb sin níos measa.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Daoine faoi mhíchumas a bhogann ar feadh tréimhsí níos faide go Ballstáit eile chun críocha fostaíochta, staidéar a dhéanamh nó críocha eile, cé is moite den chás ina bhforáiltear a mhalairt le dlí nó i gcás ina ndearnadh comhaontú i measc na mBallstát, féadfaidh na húdaráis inniúla sa Bhallstát eile a stádas míchumais a mheasúnú agus a aithint go foirmiúil agus féadfaidh siad deimhniú míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear a stádas míchumais a fháil i gcomhréir le rialacha infheidhme an Bhallstáit sin. | (11) Daoine faoi mhíchumas a bhogann ar feadh tréimhsí níos faide go Ballstáit eile chun críocha fostaíochta, staidéar a dhéanamh nó críocha eile, cé is moite den chás ina bhforáiltear a mhalairt le dlí nó i gcás ina ndearnadh comhaontú i measc na mBallstát, féadfaidh na húdaráis inniúla sa Bhallstát eile a stádas míchumais a mheasúnú agus a aithint go foirmiúil agus ***d'fhéadfaí rochtain ar shochair slándála sóisialta, ar chosaint shóisialta agus ar chúnamh sóisialta a dheonú dóibh ansin, ar feadh tréimhse teoranta ama le linn an mheasúnaithe sin, agus*** féadfaidh siad deimhniú míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear a stádas míchumais a fháil i gcomhréir le rialacha infheidhme an Bhallstáit sin. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ***Mar sin féin,*** daoine a bhfuil stádas míchumais aitheanta acu a thaistealaíonn go Ballstát ***nó*** a thugann cuairt ***ar feadh tréimhse ghairid*** ar Bhallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu, ***d'fhéadfadh*** deacrachtaí suntasacha ***a*** | (12) Daoine a bhfuil stádas míchumais aitheanta acu a thaistealaíonn go Ballstát***,*** a thugann cuairt ar Bhallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu, ***a théann ag staidéar nó ag obair ann nó a aistríonn chuige, is minic*** deacrachtaí suntasacha |

| | |
|---|---|
| ***bheith*** acu mura n-aithnítear a stádas míchumais ***sa Bhallstát a dtaistealaíonn siad chuige nó a dtugann siad cuairt air*** agus mura bhfuil deimhniú, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile ina seilbh acu lena n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát aíochta, chun leas a bhaint as coinníollacha speisialta agus/nó as cóir fhabhrach a chuirtear ar fáil ansin. | acu ***agus bacainní rompu,*** mura n-aithnítear a stádas míchumais agus mura bhfuil deimhniú, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile ina seilbh acu lena n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát aíochta, chun leas a bhaint as coinníollacha speisialta agus/nó as cóir fhabhrach a chuirtear ar fáil ansin. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Sa chás sin, daoine faoi mhíchumas a thaistealaíonn chuig Ballstát eile nó a thugann cuairt ar Bhallstát eile, cuirtear faoi mhíbhuntáiste iad agus a gcearta saorghluaiseachta á bhfeidhmiú acu i gcomparáid le daoine faoi mhíchumas a bhfuil deimhniú míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile acu lena n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát ***a dtaistealaíonn siad chuige nó a dtugann siad cuairt air***. | (13) Sa chás sin, daoine faoi mhíchumas a thaistealaíonn chuig Ballstát eile, a thugann cuairt ar Bhallstát eile ***nó a théann ag staidéar nó ag obair ann nó a aistríonn chuige,*** cuirtear faoi mhíbhuntáiste iad agus a gcearta saorghluaiseachta á bhfeidhmiú acu i gcomparáid le daoine ***nach bhfuil faoi mhíchumas agus*** daoine faoi mhíchumas a bhfuil deimhniú míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile acu lena n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát ***sin***. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 a) Nuair is bean atá i gceist déantar difear do gach gné, lena n-áirítear soghluaisteacht agus saorghluaiseacht, agus dá bhrí sin ní mór an scéal a mheas i gcaoi is go rannchuideoidh an reachtaíocht seo le haitheantas a thabhairt do chearta na mban agus na gcailíní faoi mhíchumas, do chearta*** |

***máithreacha agus cúramóirí daoine faoi mhíchumas agus iad a chosaint ar idirdhealú trasnach.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13 b) Dhaingnigh an tAontas Eorpach an Coinbhinsiún chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, Coinbhinsiún Iostanbúl.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ina theannta sin, cruthaítear éiginnteacht dóibh nuair nach eol dóibh an aithneofar a stádas míchumais agus a ndoiciméid fhoirmiúla lena dtugtar aitheantas don stádas sin, agus i gcás ina n-aithneofar, a mhéid a thabharfar aitheantas don stádas agus iad ag taisteal go Ballstát eile ***nó*** ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile. Ar deireadh, d'fhéadfaí daoine faoi mhíchumas a dhíspreagadh óna gcearta chun saorghluaiseachta a fheidhmiú. | (14) Ina theannta sin, cruthaítear éiginnteacht dóibh nuair nach eol dóibh an aithneofar a stádas míchumais agus a ndoiciméid fhoirmiúla lena n-aithnítear an stádas sin, agus i gcás ina n-aithnítear, a mhéid a thabharfar aitheantas don stádas sin agus iad ag taisteal go Ballstát eile***,*** ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile***, ag staidéar nó ag obair i mBallstát eile nó ag aistriú chuige***. Ar deireadh, d'fhéadfaí daoine faoi mhíchumas a dhíspreagadh óna gcearta chun saorghluaiseachta a fheidhmiú ***agus ó bheith lánpháirteach sa tsochaí***. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***(14 a) Ag cur athruithe déimeagrafacha san áireamh amhail pobal ag dul in aois agus an gá lena soghluaisteacht agus a rannphháirtíocht sa tsochaí a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas, ba cheart do na Ballstáit agus do na húdaráis áitiúla gach iarracht a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh inrochtaineacht iompair phoiblí, spásanna poiblí agus na mbonneagar i gcomhréir le riachtanais daoine faoi mhíchumas.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Mar aon le bacainní fisiceacha agus eile maidir le rochtain a fháil ar spásanna poiblí agus príobháideacha araon, bíonn speansais arda ina bpríomhthoisc lena ndíspreagtar go leor daoine faoi mhíchumas ó bheith ag taisteal[48], toisc go mbíonn riachtanais shonracha acu agus go bhféadfadh sé go mbeadh duine nó daoine de dhíth orthu chun dul in éineacht leo nó chun cuidiú leo, lena n-áirítear duine nó daoine a aithnítear mar chúntóir nó mar chúntóirí pearsanta i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó le cleachtais náisiúnta, rud a fhágann costais taistil níos airde acu ná ag daoine nach bhfuil faoi mhíchumas[49]. D'fhéadfadh an easpa aitheantais maidir le stádas míchumais i mBallstáit eile teorainn a chur lena rochtain ar choinníollacha speisialta, amhail saor-rochtain nó taraifí laghdaithe, nó cóir fhabhrach agus ***imrítear*** tionchar ar a gcostais taistil, ar a saol ***agus*** ar a roghanna. | (15) Mar aon le bacainní fisiceacha agus eile maidir le rochtain a fháil ar spásanna poiblí agus príobháideacha araon ***agus ar sheirbhísí***, bíonn speansais arda ina bpríomhthoisc lena ndíspreagtar go leor daoine faoi mhíchumas ó bheith ag taisteal[48], toisc go mbíonn riachtanais shonracha acu agus go bhféadfadh sé go mbeadh duine nó daoine de dhíth orthu chun dul in éineacht leo nó chun cuidiú leo, lena n-áirítear duine nó daoine a aithnítear mar chúntóir nó mar chúntóirí pearsanta i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó le cleachtais náisiúnta, rud a fhágann costais taistil níos airde acu ná ag daoine nach bhfuil faoi mhíchumas[49]. D'fhéadfadh an easpa aitheantais maidir le stádas míchumais i mBallstáit eile teorainn a chur lena rochtain ar choinníollacha speisialta, amhail saor-rochtain nó taraifí laghdaithe, ***ionaid tosaíochta ar iompar poiblí, nó spásanna páirceála sofheicthe nó in áirithe,*** nó cóir fhabhrach***,*** agus tionchar ***diúltach dá réir a imirt*** ar a gcostais taistil, ar a saol***,*** ar a roghanna ***agus ar a*** |

*__neamhspleáchas pearsanta__*.

[48] Findings from Final Report based on Survey targeted at EU-level CSOs [Torthaí ón Tuarascáil Deiridh bunaithe ar Shuirbhé a dhírítear ar ESSanna ar leibhéal an Aontais]; Shaw agus Coles, 'Disability, holiday making and the tourism industry in the UK: a preliminary survey' [Míchumas, saoire agus tionscal na turasóireachta sa Ríocht Aontaithe: réamhshuirbhé], 25(3) Tourism Management (2004) 397-403; Eugénia Lima Devile agus Andreia Antunes Moura (2021), Travel by People With Physical Disabilities: Constraints and Influences in the Decision-Making Process.

[49] McKercher agus Darcy (2018), Re-conceptualizing barriers to travel by people with disabilities, Tourism Management Perspectives, 59-66. [Tuilleadh le haghaidh meamram míniúcháin?]

[48] Findings from Final Report based on Survey targeted at EU-level CSOs [Torthaí ón Tuarascáil Deiridh bunaithe ar Shuirbhé a dhírítear ar ESSanna ar leibhéal an Aontais]; Shaw agus Coles, 'Disability, holiday making and the tourism industry in the UK: a preliminary survey' [Míchumas, saoire agus tionscal na turasóireachta sa Ríocht Aontaithe: réamhshuirbhé], 25(3) Tourism Management (2004) 397-403; Eugénia Lima Devile agus Andreia Antunes Moura (2021), Travel by People With Physical Disabilities: Constraints and Influences in the Decision-Making Process.

[49] McKercher agus Darcy (2018), Re-conceptualizing barriers to travel by people with disabilities, Tourism Management Perspectives, 59-66. [Tuilleadh le haghaidh meamram míniúcháin?]

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ***D'fhéadfadh*** cóir fhabhrach (amhail cúnamh pearsanta, rochtain tosaíochta, etc.) a chuirtear ar fáil le luach saothair nó gan luach saothair ***a bheith tábhachtach*** do dhaoine faoi mhíchumas chun a bheith ábalta rochtain a fháil ar sheirbhísí, ar ghníomhaíochtaí nó ar shaoráidí éagsúla agus eispéireas níos fearr a bheith acu leo. Mar sin féin, mar gheall ar easpa ***aitheantais*** dá stádas míchumais sa Bhallstát a dtugann siad cuairt air ***nó*** a dtaistealaíonn siad chuige agus easpa doiciméid fhoirmiúla lena n-aithnítear an stádas sin arna n-eisiúint i mBallstáit eile, d'fhéadfadh sé nach mbeadh daoine faoi mhíchumas ábalta leas a bhaint as na coinníollacha speisialta nó as an gcóir | (16) ***Is minic a bhíonn tábhacht ag baint le*** cóir fhabhrach (amhail cúnamh pearsanta, rochtain tosaíochta, etc.) a chuirtear ar fáil le luach saothair nó gan luach saothair do dhaoine faoi mhíchumas chun a bheith ábalta rochtain a fháil ar sheirbhísí, ar ghníomhaíochtaí nó ar shaoráidí éagsúla agus eispéireas níos fearr a bheith acu leo. Mar sin féin, mar gheall ar easpa ***aitheantas frithpháirteach*** dá stádas míchumais sa Bhallstát a dtugann siad cuairt air***,*** a dtaistealaíonn siad chuige***, a mbíonn siad ag staidéar nó ag obair ann nó a n-aistríonn siad chuige*** agus easpa doiciméid fhoirmiúla lena n-aithnítear an stádas sin arna n-eisiúint i mBallstáit eile, d'fhéadfadh sé nach mbeadh daoine faoi |

fhabhrach a thairgeann oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí sa Bhallstát sin do shealbhóirí deimhnithe míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile arna eisiúint ansin lena n-aithnítear a stádas míchumais.

mhíchumas ábalta leas a bhaint as na coinníollacha speisialta nó as an gcóir fhabhrach a thairgeann oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí sa Bhallstát sin do shealbhóirí deimhnithe míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile arna eisiúint ansin lena n-aithnítear a stádas míchumais. ***Sin teorannú de facto ar a saoirse gluaiseachta.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (17) Leis an Treoirthionscadal maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach, a seoladh in 2016 agus a rinneadh in ocht mBallstát, léiríodh na tairbhí do dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí i réimsí an chultúir, na fóillíochta, an spóirt, agus i gcásanna áirithe, an iompair, agus maidir le tacú lena ngluaiseacht trasteorann san Aontas ar feadh tréimhse ghairid[50]. Ina theannta sin, áiríodh leis samplaí eile de sheirbhísí, de ghníomhaíochtaí agus de shaoráidí lena gcuirtear coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. | (17) Leis an Treoirthionscadal maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach, a seoladh in 2016 agus a rinneadh in ocht mBallstát, léiríodh na tairbhí do dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí i réimsí an chultúir, na fóillíochta, an spóirt, agus i gcásanna áirithe, an iompair, agus maidir le tacú lena ngluaiseacht trasteorann san Aontas ar feadh tréimhse ghairid[50]. Ina theannta sin, áiríodh leis samplaí eile de sheirbhísí, de ghníomhaíochtaí***, de bhonneagar iompair*** agus de shaoráidí lena gcuirtear coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. |
| [50] Féach freisin an tuarascáil dar teideal Final Report of the Study assessing the implementation of the pilot action on the EU Disability Card and associated benefits [Tuarascáil Deiridh an Staidéir ina ndéantar measúnú ar chur chun feidhme na gníomhaíochta píolótaí ar an gCárta Míchumais AE agus ar na sochair ghaolmhara], a foilsíodh i mí na Bealtaine 2021, https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/4adbe538-0a02-11ec-b5d3-01aa75ed71a1/language-en. | [50] Féach freisin an tuarascáil dar teideal Final Report of the Study assessing the implementation of the pilot action on the EU Disability Card and associated benefits [Tuarascáil Deiridh an Staidéir ina ndéantar measúnú ar chur chun feidhme na gníomhaíochta píolótaí ar an gCárta Míchumais AE agus ar na sochair ghaolmhara], a foilsíodh i mí na Bealtaine 2021, https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/4adbe538-0a02-11ec-b5d3-01aa75ed71a1/language-en. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Le Moladh 98/376/CE ón gComhairle[51], rinneadh foráil maidir le samhail Eorpach de chárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, a d'éascaigh aitheantas an chárta páirceála ar fud na mBallstát. Mar sin féin, mar thoradh ar chur chun feidhme agus ar bhreiseanna nó ar dhiallais shonracha náisiúnta ón tsamhail mholta, tá go leor cineálacha cártaí éagsúla ann. Cuirtear bac leis sin ar aitheantas trasteorann na gcártaí ar fud na mBallstát, rud a chuireann bac ar rochtain daoine faoi mhíchumas ar choinníollacha páirceála a chuirtear ar fáil agus ar shaoráidí a chuitear in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas ar sealbhóirí cárta páirceála iad i mBallstáit eile. Ina theannta sin, níor tugadh an Moladh ón gComhairle cothrom le dáta chun forbairtí leanúnacha teicneolaíochta agus digiteála a léiriú. Bíonn fadhbanna ag na Ballstáit freisin maidir le calaois agus brionnú na gcártaí, toisc go bhfuil an fhormáid measartha simplí agus gur féidir í a bhrionnú go héasca agus go praiticiúil gur formáid dhifriúil a bhíonn i ngach Ballstát, rud a fhágann gur deacair í a fhíorú. | (19) Le Moladh 98/376/CE ón gComhairle[51], rinneadh foráil maidir le samhail Eorpach de chárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas, a d'éascaigh aitheantas an chárta páirceála ar fud na mBallstát. Mar sin féin, mar thoradh ar chur chun feidhme agus ar bhreiseanna nó ar dhiallais shonracha náisiúnta ón tsamhail mholta, tá go leor cineálacha cártaí éagsúla ann. Cuirtear bac leis sin ar aitheantas trasteorann na gcártaí ar fud na mBallstát, rud a chuireann bac ar rochtain daoine faoi mhíchumas ar choinníollacha páirceála a chuirtear ar fáil agus ar shaoráidí a chuitear in áirithe do dhaoine faoi mhíchumas ar sealbhóirí cárta páirceála iad i mBallstáit eile. Ina theannta sin, níor tugadh an Moladh ón gComhairle cothrom le dáta chun forbairtí leanúnacha teicneolaíochta agus digiteála a léiriú. Bíonn fadhbanna ag na Ballstáit freisin maidir le calaois agus brionnú na gcártaí, toisc go bhfuil an fhormáid measartha simplí agus gur féidir í a bhrionnú go héasca agus go praiticiúil gur formáid dhifriúil a bhíonn i ngach Ballstát, rud a fhágann gur deacair í a fhíorú. ***Ba cheart seirbhísí a bheith ar fáil ar an toirt, gan iarratas nua ag teastáil i gcás aistriú go tír eile.*** |
| [51] Moladh ón gComhairle an 4 Meitheamh 1998 maidir le cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas (IO L 167, 12.6.1998, lch. 25), arna oiriúnú leis an Moladh ón gComhairle an 3 Márta 2008 mar gheall ar aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na | [51] Moladh ón gComhairle an 4 Meitheamh 1998 maidir le cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas (IO L 167, 12.6.1998, lch. 25), arna oiriúnú leis an Moladh ón gComhairle an 3 Márta 2008 mar gheall ar aontachas Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na |

Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice IO L 63/43,7.3.2008.

Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, na Rómáine, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice IO L 63/43,7.3.2008.

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Chun rochtain daoine faoi mhíchumas ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a bhaineann le seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí a éascú, lena n-áirítear i gcás nach ar luach saothair a sholáthraítear iad, i mBallstáit eile, ba cheart deireadh a chur leis na bacainní agus na deacrachtaí atá ann fós maidir le taisteal chuig Ballstát eile ***nó*** cuairt a thabhairt ar Bhallstát eile mar gheall ar easpa ***aitheantais*** dá stádas míchumais agus do na doiciméid fhoirmiúla, arna n-eisiúint i mBallstát eile, lena n-aithnítear an stádas sin agus cearta páirceála. | (20) Chun rochtain daoine faoi mhíchumas ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a bhaineann le seirbhísí ***amhail seirbhísí iompair do phaisinéirí***, gníomhaíochtaí***, bonneagar iompair*** agus saoráidí a éascú, lena n-áirítear i gcás nach ar luach saothair a sholáthraítear iad, i mBallstáit eile, ba cheart deireadh a chur leis na bacainní agus na deacrachtaí ***bonneagair, dlíthiúla, eacnamaíocha agus riaracháin*** atá ann fós maidir le taisteal chuig Ballstát eile***,*** cuairt a thabhairt ar Bhallstát eile***, staidéar nó obair a dhéanamh i mBallstát eile nó aistriú chuig Ballstát eile*** mar gheall ar easpa ***aitheantas frithpháirteach*** dá stádais míchumais agus do na doiciméid fhoirmiúla, arna n-eisiúint i mBallstát eile, lena n-aithnítear an stádas sin agus cearta páirceála. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Dá bhrí sin, d'fhonn a éascú do dhaoine faoi mhíchumas, agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile ***nó*** ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile ar feadh tréimhse ghairid, na cearta a fheidhmiú chun | (21) Dá bhrí sin, d'fhonn a éascú do dhaoine faoi mhíchumas, agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile***,*** ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile ar feadh tréimhse ghairid, ***ag staidéar nó ag obair i*** |

| | |
|---|---|
| rochtain ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach arna tairiscint ag oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí gan idirdhealú ar fhorais náisiúntachta a fháil ar an mbonn céanna le daoine faoi mhíchumas sa Bhallstát sin, agus d'fhonn úsáid iompair agus tairbhiú de choinníollacha agus de shaoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna leis an mBallstát sin a éascú, ní mór an creat, na rialacha agus na coinníollacha comhchoiteanna a bhunú, lena n-áirítear samhail chaighdeánaithe chomhchoiteann, le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar stádas míchumais aitheanta agus le haghaidh Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, mar chruthúnas ar a gcearta aitheanta chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas. | ***mBallstát eile nó ag aistriú chuig Ballstát eile,*** na cearta a fheidhmiú chun rochtain ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach arna tairiscint ag oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí gan idirdhealú ar fhorais náisiúntachta a fháil ar an mbonn céanna le daoine faoi mhíchumas sa Bhallstát sin, agus d'fhonn úsáid iompair agus tairbhiú de choinníollacha agus de shaoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna leis an mBallstát sin a éascú, ní mór an creat, na rialacha agus na coinníollacha comhchoiteanna a bhunú, lena n-áirítear samhail chaighdeánaithe chomhchoiteann, le haghaidh Cárta Míchumais Eorpach mar chruthúnas ar stádas míchumais aitheanta agus le haghaidh Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, mar chruthúnas ar a gcearta aitheanta chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22 a) Ionas go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann lántairbhe a bhaint as an gCárta Míchumais Eorpach agus as an gCárta Páirceála Eorpach le haghaidh daoine faoi mhíchumas, ba cheart go mbunódh na Ballstáit suíomhanna gréasáin soiléire, inrochtana agus cothrom le dáta ar a mbeidh an fhaisnéis ábhartha maidir le cearta agus buntáistí sealbhóirí cártaí.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Seachas coinníollacha agus saoráidí páirceála, baineann na seirbhísí, na gníomhaíochtaí agus na saoráidí a chumhdaítear leis an Treoir seo le réimse leathan gníomhaíochtaí a bhíonn ag athrú de shíor, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna soláthar ag údaráis phoiblí nó oibreoirí príobháideacha nach ar luach saothair a sholáthraítear iad, ar bhonn éigeantach (ar bhonn rialacha náisiúnta/áitiúla nó oibleagáidí dlíthiúla) nó ar bhonn deonach go minic freisin (ag oibreoirí príobháideacha go háirithe) i réimsí beartais éagsúla, amhail cultúr, fóillíocht, turasóireacht, spóirt, iompar poiblí agus príobháideach, oideachas. | (23) Seachas coinníollacha***, bonneagar*** agus saoráidí páirceála, baineann na seirbhísí, na gníomhaíochtaí agus na saoráidí a chumhdaítear leis an Treoir seo le réimse leathan gníomhaíochtaí a bhíonn ag athrú de shíor, lena n-áirítear gníomhaíochtaí arna soláthar ag údaráis phoiblí nó oibreoirí príobháideacha nach ar luach saothair a sholáthraítear iad, ar bhonn éigeantach (ar bhonn rialacha náisiúnta/áitiúla nó oibleagáidí dlíthiúla) nó ar bhonn deonach go minic freisin (ag oibreoirí príobháideacha go háirithe) i réimsí beartais éagsúla, amhail cultúr, fóillíocht, turasóireacht, spóirt, iompar poiblí agus príobháideach, oideachas. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) I measc na samplaí de choinníollacha speisialta nó de chóir fhabhrach tá rochtain saor in aisce, taraifí laghdaithe, táillí laghdaithe nó muirir úsáideora laghdaithe ar dhola-bhóithre/dhroichid/tholláin, rochtain tosaíochta, suíocháin ainmnithe i bpáirceanna agus i limistéir phoiblí eile, suíocháin inrochtana in imeachtaí cultúrtha nó poiblí, cúnamh pearsanta, ainmhithe cúnaimh, cúnamh ar an trá chun dul isteach san uisce, tacaíocht (amhail rochtain ar braille, treoracha fuaime, ateangaireacht teanga comharthaíochta), soláthairtí áiseanna nó cúnaimh, iasacht cathaoireach rothaí, iasacht cathaoireach rothaí ar snámh, faisnéis turasóireachta a fháil i bhformáidí inrochtana, scútar soghluaisteachta a úsáid ar bhóithre nó cathaoir rothaí a úsáid i lánaí rothar gan fhíneáil, etc. Áirítear le coinníollacha agus | (24) I measc na samplaí de choinníollacha speisialta nó de chóir fhabhrach tá rochtain saor in aisce, taraifí laghdaithe, táillí laghdaithe nó muirir úsáideora laghdaithe ar dhola-bhóithre/dhroichid/tholláin, rochtain tosaíochta, ***rochtain ar chriosanna tráchta atá srianta agus ar chriosanna do choisithe, suíocháin tosaíochta ar chórais iompair phoiblí,*** suíocháin ainmnithe ***a bhfuil rochtain éasca orthu*** i bpáirceanna agus i limistéir phoiblí eile, suíocháin inrochtana in imeachtaí cultúrtha nó poiblí, cúnamh pearsanta, ainmhithe cúnaimh***, amhail madraí treorach nó madraí cúnaimh a bhíonn an-tábhachtach do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear daoine a bhfuil lagú amhairc orthu***, cúnamh ar an trá chun dul isteach san uisce, tacaíocht (amhail rochtain ar braille, treoracha fuaime, ateangaireacht teanga |

| | |
|---|---|
| saoráidí páirceála páirceáil leathnaithe nó spásanna páirceála in áirithe. Maidir le seirbhísí iompair do phaisinéirí, de bhreis ar na coinníollacha speisialta nó ar an gcóir fhabhrach a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le reachtaíocht nó cleachtais náisiúnta, ***féadfaidh*** ainmhithe cúnaimh, cúntóirí pearsanta nó daoine eile a bheidh in éineacht le daoine faoi mhíchumas (nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu) nó a bheidh ag cuidiú leo taisteal saor in aisce ***nó*** suíochán a fháil in aice leis an duine faoi mhíchumas, más féidir. | comharthaíochta), soláthairtí áiseanna nó cúnaimh, iasacht cathaoireach rothaí, iasacht cathaoireach rothaí ar snámh ***ar ráta úis laghdaithe nó nialasach***, faisnéis turasóireachta a fháil i bhformáidí inrochtana, scútar soghluaisteachta a úsáid ar bhóithre nó cathaoir rothaí a úsáid i lánaí rothar gan fhíneáil, etc. Áirítear le coinníollacha agus saoráidí páirceála páirceáil leathnaithe nó spásanna páirceála in áirithe ***agus rochtain éasca orthu***. Maidir le seirbhísí iompair do phaisinéirí, de bhreis ar na coinníollacha speisialta nó ar an gcóir fhabhrach a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le reachtaíocht nó cleachtais náisiúnta, ***ba cheart go mbeadh*** ainmhithe cúnaimh, cúntóirí pearsanta nó daoine eile a bheidh in éineacht le daoine faoi mhíchumas (nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu) nó a bheidh ag cuidiú leo ***i dteideal*** taisteal saor in aisce ***agus*** suíochán a fháil***,*** in aice leis an duine faoi mhíchumas, más féidir. ***Is iad na daoine faoi mhíchumas féin a ainmníonn na daoine a dhéanann tionlacan ar dhaoine faoi mhíchumas nó a thugann cúnamh dóibh agus féadfar iad a athrú ar bhonn ad hoc ag brath ar a riachtanais.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24 a) I gcásanna ina bhfuil coinníollacha speisialta nó córacha fabhracha i bhfeidhm i mBallstát maidir le hoibríochtaí iompair trasteorann do phaisinéirí faoin gCárta Míchumais Eorpach, ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go soláthróidh oibreoirí na n-oibríochtaí sin faisnéis shoiléir do thaistealaithe tráth an cheannaigh faoi na codanna de na hoibríochtaí ina bhfuil feidhm ag na*** |

***coinníollacha speisialta sin nó ag na córacha fabhracha sin, ionas nach mbeadh an baol ann go mbeadh paisinéirí a bhfuil an Cárta Míchumais Eorpach acu gan doiciméad bailí taistil agus iad ag dul isteach i mBallstát eile áit nach bhfuil an oibríocht paisinéirí chéanna faoi réir na gcoinníollacha speisialta céanna nó na gcóracha fabhracha céanna.***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Beidh eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas i mBallstát le cinneadh leis an Treoir seo agus le nósanna imeachta infheidhme agus inniúlachtaí an Bhallstáit sin chun stádas míchumais agus cearta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a mheasúnú agus a aithint. | (25) Beidh eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas i mBallstát le cinneadh leis an Treoir seo agus le nósanna imeachta infheidhme agus inniúlachtaí an Bhallstáit sin chun stádas míchumais agus cearta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a mheasúnú agus a aithint. ***Ba cheart go mbeadh eisiúint agus athnuachan an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas saor in aisce i gcónaí.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25 a) Ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit go mbeidh an fhaisnéis ábhartha uile ar an gCárta Míchumais Eorpach agus ar an gCárta Páirceála Eorpach ar fáil i mbraille freisin do dhaoine faoi mhíchumas.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Chun an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach a eisiúint do dhaoine faoi mhíchumas beidh próiseáil sonraí pearsanta i gceist, lena n-áirítear go háirithe na sonraí a bhaineann le stádas míchumais shealbhóir an chárta, ar ‘sonraí iad a bhaineann leis an tsláinte’ de réir bhrí Airteagal 4(15) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/679[53] agus ar catagóir speisialta sonraí pearsanta iad de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán sin. Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na Treorach seo a bheith i gcomhréir leis an reachtaíocht cosanta sonraí is infheidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679. Agus an Treoir seo á trasuí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-áireofar sa reachtaíocht náisiúnta coimircí iomchuí is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta, go háirithe catagóirí speisialta sonraí pearsanta. Ba cheart do na Ballstáit slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a bhailítear agus a stóráiltear chun críche na Treorach seo a áirithiú freisin. | (27) Chun an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach a eisiúint do dhaoine faoi mhíchumas beidh próiseáil sonraí pearsanta i gceist, lena n-áirítear go háirithe na sonraí a bhaineann le stádas míchumais shealbhóir an chárta, ar ‘sonraí iad a bhaineann leis an tsláinte’ de réir bhrí Airteagal 4(15) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/679[53] agus ar catagóir speisialta sonraí pearsanta iad de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán sin. Ba cheart aon phróiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs na Treorach seo a bheith i gcomhréir leis an reachtaíocht cosanta sonraí is infheidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]***. Agus an Treoir seo á trasuí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-áireofar sa reachtaíocht náisiúnta coimircí iomchuí is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta, go háirithe catagóirí speisialta sonraí pearsanta. Ba cheart do na Ballstáit slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a bhailítear agus a stóráiltear chun críche na Treorach seo a áirithiú freisin. |
| | ***[1a] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lgh. 37-47).*** |
| [53] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a | [53] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a |

chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (28) Ba cheart gurb é an Ballstát atá freagrach as an gCárta Míchumais Eorpach nó as an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint an Ballstát ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine de réir bhrí Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54] agus (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55] agus ina bhfuair sé nó sí an measúnú ar a stádas míchumais. Ba cheart sealbhóirí Cárta Míchumais Eorpaigh nó Cárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a bheith ábalta na cártaí a úsáid le linn a bhfanachta in aon Bhallstát eile. | (28) Ba cheart gurb é an Ballstát atá freagrach as an gCárta Míchumais Eorpach nó as an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint an Ballstát ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine de réir bhrí Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[54] agus (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55] agus ina bhfuair sé nó sí an measúnú ar a stádas míchumais. Ba cheart sealbhóirí Cárta Míchumais Eorpaigh nó Cárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a bheith ábalta na cártaí***, agus aon mhodh iompair,*** a úsáid le linn a bhfanachta in aon Bhallstát eile. |

[54] Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1)

[55] Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

[54] Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú córas slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1)

[55] Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Lena ráthú gur féidir le hoibrithe faoi mhíchumas a gcearta chun saorghluaiseachta a fheidhmiú go héifeachtúil agus leas a bhaint as seirbhísí, gníomhaíochtaí agus saoráidí arna dtairiscint ag na Ballstáit, lena n-áirítear i gcás nach ar luach saothair a sholáthraítear iad, ba cheart an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a bheith ar fáil freisin d’oibrithe a thaistealaíonn chuig Ballstát eile nó a thugann cuairt ar Bhallstát eile chun críocha a bhaineann leis an obair. | (29) Lena ráthú gur féidir le hoibrithe faoi mhíchumas a gcearta chun saorghluaiseachta a fheidhmiú go héifeachtúil agus leas a bhaint as seirbhísí, ***bonneagar iompair,*** gníomhaíochtaí agus saoráidí arna dtairiscint ag na Ballstáit, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, ba cheart an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a bheith ar fáil freisin d’oibrithe a thaistealaíonn chuig Ballstát eile nó a thugann cuairt ar Bhallstát eile chun críocha a bhaineann leis an obair***, lena n-áirítear oibrithe trasteorann faoi mhíchumas***. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Níl an creat atá beartaithe le haghaidh aitheantas frithpháirteach don Chárta Míchumais Eorpach agus don Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ag teacht salach ar inniúlachtaí Ballstáit chun an stádas míchumais a mheasúnú agus a aithint agus chun coinníollacha speisialta a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta. Ní chumhdaítear leis sochair slándála sóisialta, cosaint shóisialta ná cúnamh sóisialta a chumhdaítear le hAirteagal 24(2) de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint | (30) Níl an creat atá beartaithe le haghaidh aitheantas frithpháirteach ***agus uathoibríoch*** don Chárta Míchumais Eorpach agus don Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ag teacht salach ar inniúlachtaí Ballstáit chun an stádas míchumais a mheasúnú agus a aithint agus chun coinníollacha speisialta a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta. Ní chumhdaítear leis sochair slándála sóisialta, cosaint shóisialta ná cúnamh sóisialta a chumhdaítear le hAirteagal 24(2) de Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón |

| | |
|---|---|
| na hEorpa agus ón gComhairle[56]. | gComhairle[56]. ***Mar sin féin, chun saoirse gluaiseachta agus deiseanna comhionanna a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas, féadfaidh na Ballstáit sochair slándála sóisialta, cosaint shóisialta agus cúnamh sóisialta a chumhdach ar feadh tréimhse a bheidh teoranta ó thaobh ama chun deis a thabhairt le haghaidh aitheantas sealadach stádas míchumais sealbhóra Cárta Míchumais Eorpaigh a aistríonn chuig Ballstát eile chun críocha fostaíochta nó staidéir, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gclár soghluaisteachta AE amhail ERASMUS+, go dtí go mbeidh athmheasúnú an stádais míchumais curtha i gcrích ag an mBallstát nua. I gcásanna den sórt sin, ba cheart na forálacha sin a leathnú chuig baill teaghlaigh sealbhóra cárta freisin.*** |
| [56] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart saoránach den Aontas agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77). | [56] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart saoránach den Aontas agus bhaill a dteaghlaigh aistriú agus cur fúthu faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77). |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Chun feasacht a mhúscailt agus rochtain ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a éascú, agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile ***nó*** ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile, ba cheart an fhaisnéis ábhartha go léir maidir leis na coinníollacha, na rialacha, na cleachtais | (31) Chun feasacht a mhúscailt agus rochtain ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach a éascú ***do dhaoine faoi mhíchumas***, agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile***,*** ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile, ***ag staidéar nó ag obair i mBallstát eile nó ag aistriú chuig Ballstát eile,*** ba |

agus na nósanna imeachta is infheidhme chun an Cárta Míchumais Eorpach agus/nó an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a fháil, agus a úsáid ina dhiaidh sin, a chur ar fáil go poiblí ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas maidir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. Ba cheart d'oibreoirí príobháideacha nó d'údaráis phoiblí a dheonaíonn coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas, an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas maidir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí arna mbunú le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882.

cheart an fhaisnéis ábhartha go léir maidir leis na coinníollacha, na rialacha, na cleachtais agus na nósanna imeachta is infheidhme chun an Cárta Míchumais Eorpach agus/nó an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a fháil, agus a úsáid ina dhiaidh sin, a chur ar fáil go poiblí ***ar thairseach ghréasáin AE*** ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas maidir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ***lena n-áirítear an fhaisnéis uile a chur ar fáil sa teanga nó sna teangacha comharthaíochta náisiúnta***. Ba cheart d'oibreoirí príobháideacha nó d'údaráis phoiblí a dheonaíonn coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas, an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus i bhformáidí inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas maidir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí arna mbunú le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. ***Thairis sin, chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis ábhartha éasca le rochtain agus le húsáid ag an bpobal agus ag daoine faoi mhíchumas, ba cheart go n-ainmneodh na Ballstáit Pointe Teagmhála Náisiúnta mar 'ionad ilfhreastail' lena soláthrófar faisnéis agus treoraíocht d'úsáideoirí maidir leis na coinníollacha agus na seirbhísí a áireofar sa Chárta Míchumais Eorpach agus sa Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ina gcríoch, chomh maith leis na coinníollacha agus na seirbhísí a dheonaítear faoi chártaí agus deimhnithe náisiúnta ábhartha. Chun scaipeadh na faisnéise a éascú tuilleadh agus chun cur le fóntas na gcártaí do dhaoine faoi mhíchumas, ba cheart go mbunódh an Coimisiún bunachar sonraí AE a bheidh inrochtana ag an bpobal lena ndéanfar an fhaisnéis sin ó na***

***Ballstáit a chur ar fáil. Ba cheart maoirseacht leordhóthanach a bheith ag an gCoimisiún ar dhea-fheidhmiú na bPointí Teagmhála Náisiúnta agus ba cheart dul i gcomhairle leis go leordhóthanach.***

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Chun cur i bhfeidhm cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an treoir a fhorlíonadh chun formáid dhigiteach an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a leagan síos, agus chun Iarscríbhinní I agus II a leasú chun gnéithe comhchoiteanna na formáide caighdeánaithe a mhodhnú, chun an fhormáid a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, chun brionnú agus calaois a chosc agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú. | (33) Chun cur i bhfeidhm cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an treoir a fhorlíonadh chun formáid dhigiteach an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a leagan síos, agus chun Iarscríbhinní I agus II a leasú chun gnéithe comhchoiteanna na formáide caighdeánaithe a mhodhnú, chun an fhormáid a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, chun brionnú agus calaois a chosc agus chun idir-inoibritheacht***, slándáil agus tástáil na bhformáidí digiteacha sin*** a áirithiú***, lena n-áirítear gnéithe fíorúcháin agus an idir-inoibritheacht le córais náisiúnta***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú agus ba cheart, dá bhrí sin, leigheasanna iomchuí a bhunú, | (35) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú agus ba cheart, dá bhrí sin, leigheasanna iomchuí a bhunú, |

| | |
|---|---|
| lena n-áirítear seiceálacha ar chomhlíonadh agus ar nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha, lena ráthú go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas, duine nó daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta, chomh maith le comhlachtaí poiblí nó comhlachais phríobháideacha, eagraíochtaí nó eintitis dhlíthiúla eile a bhfuil leas dlisteanach acu, gníomhaíocht a dhéanamh thar ceann duine faoi mhíchumas faoin dlí náisiúnta. | lena n-áirítear seiceálacha ar chomhlíonadh agus ar nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha, lena ráthú go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas, duine nó daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta, chomh maith le comhlachtaí poiblí***, amhail Comhlachtaí Comhionannais i gcás inar bunaiodh iad,*** nó comhlachais phríobháideacha, eagraíochtaí***, go háirithe eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas,*** nó eintitis dhlíthiúla eile a bhfuil leas dlisteanach acu, gníomhaíocht a dhéanamh thar ceann duine faoi mhíchumas faoin dlí náisiúnta. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na rialacha lena rialaítear eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas mar chruthúnas faoi seach ar stádas míchumais nó ar cheart chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas, d'fhonn tréimhsí fanachta ***gairide*** daoine faoi mhíchumas i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu a éascú, ***trí*** rochtain a thabhairt dóibh ar aon choinníollacha speisialta nó ar aon chóir fhabhrach i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, lena n-áirítear i gcás nach ar luach saothair a sholáthraítear iad, nó coinníollacha agus saoráidí páirceála a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas nó a choinnítear dóibh nó don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta; | (a) na rialacha lena rialaítear eisiúint an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas***, a ndearna na húdaráis inniúla sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu a stádas míchumais a mheasúnú agus a aithint,*** mar chruthúnas faoi seach ar stádas míchumais nó ar cheart chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas, d'fhonn tréimhsí fanachta ***agus saorghluaiseacht*** daoine faoi mhíchumas i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu a éascú, ***tríd an*** rochtain ***chéanna*** a thabhairt dóibh ar aon choinníollacha speisialta nó ar aon chóir fhabhrach ***a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas a chónaíonn sa Bhallstát*** i ndáil le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, lena n-áirítear i gcás nach ar luach saothair a sholáthraítear iad, nó coinníollacha agus saoráidí páirceála a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas nó a choinnítear dóibh nó don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo |

lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta;

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) Na coinníollacha is gá chun comhionannas a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas agus chun rannchuidiú lena saorghluaiseacht laistigh den Aontas, gan bacainní ar an tsaorghluaiseacht agus leis na tacaíochtaí aonair atá de dhíth ar gach duine, agus bunsraith bhunúsach an Aontais, saoirse gluaiseachta, a chur chun cinn, dóibh siúd uile atá faoi mhíchumas, a bhfuil míbhuntáistí tromchúiseacha ag cur as dóibh go dtí seo sa réimse sin;*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. D'fhéadfadh Ballstát a chinneadh nach mbeidh feidhm ag na díolúintí a leagtar amach i mír 2 sna cásanna a leanas chun cóir chomhionann agus comhionannas deiseanna a áirithiú idir a shaoránaigh agus saoránaigh eile faoi mhíchumas san Aontas:*** <br><br> ***(a) i gcás ina mbogann sealbhóir Cárta Míchumais Eorpaigh go Ballstát eile chun dul i mbun conradh fostaíochta nó chun clárú in institiúid oideachais go dtí go ndéanfaidh na húdaráis inniúla sa Bhallstát is ceann scríbe athmheasúnú ar an stádas míchumais; nó*** <br><br> ***(b) i gcás ina nglacann sealbhóir Cárta*** |

| | |
|---|---|
| | ***Míchumais Eorpaigh páirt i gclár soghluaisteachta de chuid an Aontais Eorpaigh.*** |
| | ***Beidh feidhm ag na forálacha sa mhír seo freisin maidir le baill teaghlaigh sealbhóra cárta a chomhlíonann na coinníollacha i bpointí (a) agus (b).*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní dhéantar difear leis an Treoir seo d'inniúlacht na mBallstát na coinníollacha a chinneadh maidir le stádas míchumais a mheasúnú agus a aithint, nó maidir leis an gceart chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas a dheonú. Ní dhéantar difear leis d'inniúlacht na mBallstát deimhniú, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile a eisiúint freisin ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil do dhaoine faoi mhíchumas. | 3. Ní dhéantar difear leis an Treoir seo d'inniúlacht na mBallstát na coinníollacha a chinneadh maidir le stádas míchumais a mheasúnú agus a aithint, nó maidir leis an gceart chun coinníollacha agus saoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas a dheonú. ***Gan dochar d'Airteagal 6, mír 2a,*** ní dhéantar difear leis d'inniúlacht na mBallstát deimhniú, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile a eisiúint freisin ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil do dhaoine faoi mhíchumas. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní thagann an Treoir seo salach ar inniúlachtaí náisiúnta sochair speisialta nó coinníollacha sonracha fabhracha a dheonú nó a cheangal iad a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus, i gcás ina bhforáiltear sin, don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóir nó | 4. Ní thagann an Treoir seo salach ar inniúlachtaí náisiúnta sochair speisialta nó coinníollacha sonracha fabhracha a dheonú nó a cheangal iad a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus, i gcás ina bhforáiltear sin, don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta***, agus ainmhithe*** |

| | |
|---|---|
| a gcúntóirí pearsanta. | ***cúnaimh amhail madraí treorach agus madraí cúnaimh***. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh an Treoir seo gan dochar do na cearta a fhéadfaidh daoine faoi mhíchumas nó an duine nó na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta, a fháil ó fhorálacha eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear na cearta sin lena ndeonaítear sochair shonracha, coinníollacha speisialta, nó cóir fhabhrach. | 5. Beidh an Treoir sin gan dochar do na cearta a fhéadfaidh daoine faoi mhíchumas nó an duine nó na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear a gcúntóir nó a gcúntóirí pearsanta ***agus ainmhithe cúnaimh amhail madraí treorach agus madraí cúnaimh,*** a fháil ó fhorálacha eile de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear na cearta sin lena ndeonaítear sochair shonracha, coinníollacha speisialta, nó cóir fhabhrach. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ciallaíonn "daoine faoi mhíchumas" daoine a bhfuil lagú fadtéarmach coirp, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh bac a chur ar a rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile; | (c) ciallaíonn "daoine faoi mhíchumas" daoine a bhfuil lagú fadtéarmach coirp, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh bac a chur ar a rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ***agus sa gheilleagar*** ar bhonn comhionann le daoine eile; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ciallaíonn “coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach” coinníollacha sonracha, lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le coinníollacha airgeadais, nó cóir dhifreáilte a bhaineann le cúnamh agus le tacaíocht amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, rochtain tosaíochta, a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó, nuair is infheidhme, don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta nó ainmhithe cúnaimh a aithnítear i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó leis na cleachtais náisiúnta mar sin, bídís á soláthar ar bhonn deonach nó á bhforchur le hoibleagáidí dlíthiúla; | (e) ciallaíonn “coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach” coinníollacha sonracha, lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le coinníollacha airgeadais, nó cóir dhifreáilte a bhaineann le cúnamh agus le tacaíocht amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe, rochtain tosaíochta, ***rochtain ar chriosanna tráchta atá srianta agus ar chriosanna do choisithe, suíocháin tosaíochta ar chórais iompair phoiblí,*** a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó, nuair is infheidhme, don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta nó ainmhithe cúnaimh ***amhail madraí treorach nó madraí cúnaimh*** a aithnítear i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta nó leis na cleachtais náisiúnta mar sin, bídís á soláthar ar bhonn deonach nó á bhforchur le hoibleagáidí dlíthiúla; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(f a) ciallaíonn “clár soghluaisteachta AE” aon chlár atá sealadach, a mhaireann ar feadh tréimhse ama shocraithe, agus a eagraítear i mBallstát seachas stát cónaithe an duine, i réimse an oideachais, na hoiliúna, nó chun críocha oibre.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Leis an Treoir seo, féadfar stádas míchumais a aithint i gcás gach saoránach faoi mhichumas san Aontas a ghlacann páirt i gclár soghluaisteachta AE a mbaineann tréimhse shocraithe ama leis.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go dtabharfar rochtain do shealbhóirí Cárta Míchumais Eorpaigh, agus iad ag taisteal chuig Ballstát ***nó*** ag tabhairt cuairt ar Bhallstát seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu, ar théarmaí agus coinníollacha atá comhionann leis na téarmaí agus na coinníollacha a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas ar sealbhóirí deimhnithe míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile iad, lena n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát sin, ar aon choinníollacha speisialta nó ar aon chóir fhabhrach a thairgtear i ndáil leis na seirbhísí, na gníomhaíochtaí agus na saoráidí dá dtagraítear in Airteagal 2(1). | 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go dtabharfar rochtain do shealbhóirí Cárta Míchumais Eorpaigh, agus iad ag taisteal chuig Ballstát***,*** ag tabhairt cuairt ar Bhallstát***, ag staidéar nó ag obair i mBallstát nó ag aistriú chuig Ballstát*** seachas an Ballstát ina bhfuil cónaí orthu, ar théarmaí agus coinníollacha atá comhionann leis na téarmaí agus na coinníollacha a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas ar sealbhóirí deimhnithe míchumais, cárta míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile iad, lena n-aithnítear a stádas míchumais sa Bhallstát sin, ar aon choinníollacha speisialta nó ar aon chóir fhabhrach a thairgtear i ndáil leis na seirbhísí, na gníomhaíochtaí agus na saoráidí dá dtagraítear in Airteagal 2(1). |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 3 – pointe a**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (a) nuair a áirítear ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo | (a) nuair a áirítear ar choinníollacha speisialta nó ar chóir fhabhrach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo |

| | |
|---|---|
| coinníollacha fabhracha don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta nó coinníollacha sonracha d'ainmhithe cúnaimh, deonófar na coinníollacha fabhracha nó sonracha sin ar théarmaí agus coinníollacha comhionanna don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóir(í) pearsanta nó ainmhithe cúnaimh de chuid shealbhóir an Chárta Míchumais Eorpaigh; | coinníollacha fabhracha don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta nó coinníollacha sonracha d'ainmhithe cúnaimh, deonófar na coinníollacha fabhracha nó sonracha sin ar théarmaí agus coinníollacha comhionanna don duine nó do na daoine a thionlacann iad nó a chuidíonn leo, lena n-áirítear cúntóir nó cúntóir(í) pearsanta nó ainmhithe cúnaimh, ***amhail madraí treorach agus cúnaimh*** de chuid shealbhóir an Chárta Míchumais Eorpaigh; |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh gach Ballstát an Cárta Míchumais Eorpach a thabhairt isteach de réir na formáide caighdeánaithe comhchoitinne a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Déanfaidh na Ballstáit gnéithe digiteacha i gcártaí fisiceacha a thabhairt isteach trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha lena dtabharfar aghaidh ar chosc calaoise mar chuid den Chárta Míchumais Eorpach, a luaithe a bheidh na ceanglais maidir leis na gnéithe digiteacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I leagtha síos ag an gCoimisiún sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 8. Ní bheidh níos mó sonraí pearsanta sa mheán stórála digití ná na sonraí a sholáthraítear don Chárta Míchumais Eorpach in Iarscríbhinn I. | 1. Déanfaidh gach Ballstát an Cárta Míchumais Eorpach a thabhairt isteach de réir na formáide caighdeánaithe comhchoitinne ***agus inrochtana, agus de réir na gceanglas inrochtaineachta*** a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Déanfaidh na Ballstáit gnéithe digiteacha i gcártaí fisiceacha a thabhairt isteach trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha lena dtabharfar aghaidh ar chosc calaoise mar chuid den Chárta Míchumais Eorpach, a luaithe a bheidh na ceanglais maidir leis na gnéithe digiteacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I leagtha síos ag an gCoimisiún sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 8. Ní bheidh níos mó sonraí pearsanta sa mheán stórála digití ná na sonraí a sholáthraítear don Chárta Míchumais Eorpach in Iarscríbhinn I. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar Cártaí Míchumais Eorpacha arna n-eisiúint ag Ballstáit a aithint go frithpháirteach sna Ballstáit uile. | 2. Déanfar Cártaí Míchumais Eorpacha arna n-eisiúint ag Ballstáit a aithint go frithpháirteach sna Ballstáit uile ***agus i measc institiúidí an Aontais***. ***Gan dochar d'Airteagal 6, mír 2a, beidh an Cárta Míchumais Eorpach comhoiriúnach le haon chárta nó deimhniú náisiúnta aitheanta míchumais.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. I gcásanna ina bhfuil raon feidhme agus feidhmiú an Charta Míchumais Eorpaigh comhionann le raon feidhme agus feidhmiú na gcártaí nó na ndeimhnithe aitheantais míchumais náisiúnta, déanfaidh an Ballstát sin an Cárta Míchumais Eorpach a chur in ionad aon chárta nó deimhniú aitheantais míchumais náisiúnta. I gcásanna nuair nach bhfuil an raon feidhme agus an feidhmiú comhionann, nuair a eiseofar an cárta nó an deimhniú míchumais náisiúnta gheobhaidh na tairbhithe Cárta Míchumais Eorpach go huathoibríoch freisin.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh údaráis inniúla sna Ballstáit an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar i gcomhréir lena rialacha, lena nósanna | 3. Déanfaidh údaráis inniúla sna Ballstáit an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar i gcomhréir lena rialacha, lena nósanna |

| | |
|---|---|
| imeachta agus lena gcleachtais náisiúnta. Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, áiritheoidh na Ballstáit slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a bhailítear agus a stóráiltear chun críche na Treorach seo. Measfar gurb é an t-údarás inniúil atá freagrach as an gCárta Míchumais Eorpach a eisiúint an rialaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 agus beidh sé freagrach as sonraí pearsanta a phróiseáil. Ní eisiafar leis an gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha aon dliteanas ar thaobh Ballstáit a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta i leith sáruithe ar oibleagáidí maidir le sonraí pearsanta. | imeachta agus lena gcleachtais náisiúnta. Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***, áiritheoidh na Ballstáit slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a bhailítear agus a stóráiltear chun críche na Treorach seo. Measfar gurb é an t-údarás inniúil atá freagrach as an gCárta Míchumais Eorpach a eisiúint an rialaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 agus beidh sé freagrach as sonraí pearsanta a phróiseáil. Ní eisiafar leis an gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha aon dliteanas ar thaobh Ballstáit a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta i leith sáruithe ar oibleagáidí maidir le sonraí pearsanta. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint nó a athnuachan go díreach nó ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. Déanfar é a eisiúint agus a athnuachan laistigh den tréimhse chéanna a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme chun deimhnithe míchumais, cártaí míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear stádas míchumais duine faoi mhíchumas a eisiúint. | 4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint nó a athnuachan go díreach ***i gcás inarb é sin an nós imeachta i gcomhréir leis an aitheantas náisiúnta ar stádas míchumais*** nó ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. Déanfar é a eisiúint agus a athnuachan ***saor in aisce don tairbhí agus*** laistigh den tréimhse chéanna a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta is infheidhme chun deimhnithe míchumais, cártaí míchumais nó aon doiciméad foirmiúil eile lena n-aithnítear stádas míchumais duine faoi mhíchumas a eisiúint. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas, nó ionadaithe ainmnithe ag gníomhú thar a gceann agus lena gcead, achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó na húdaráis inniúla maidir le Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint nó a athnuachan.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Mairfidh bailíocht an Chárta Míchumais Eorpaigh arna eisiúint ag Ballstát chomh fada ar a laghad le ré an deimhnithe míchumais, an chárta míchumais nó aon doiciméid fhoirmiúil eile is faide ré lena n-aithnítear a stádas míchumais arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit ina chríoch don duine lena mbaineann. | 6. Mairfidh bailíocht an Chárta Míchumais Eorpaigh arna eisiúint ag Ballstát***, lena n-áirítear i gcásanna ina gcuirtear in ionad an deimhnithe míchumais náisiúnta, an chárta míchumais nó aon doiciméid fhoirmiúil eile é, mar a leagtar síos i mír 2a,*** chomh fada ar a laghad le ré an deimhnithe míchumais, an chárta míchumais nó aon doiciméid fhoirmiúil eile is faide ré lena n-aithnítear a stádas míchumais arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit ina chríoch don duine lena mbaineann. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun formáid dhigiteach | 7. ***Tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le*** |

| | |
|---|---|
| an Chárta Míchumais Eorpaigh a leagan síos agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú, agus chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I chun gnéithe comhchoiteanna na formáide caighdeánaithe a mhodhnú, chun an fhormáid a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, chun gnéithe digiteacha a thabhairt isteach chun brionnú agus calaois a chosc, chun aghaidh a thabhairt ar dhrochúsáid nó ar mhí-úsáid agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú. | ***hAirteagal 11 lena bhforlíontar an Treoir seo trí fhormáid dhigiteach an Chárta Míchumais Eorpaigh a leagan síos agus idir-inoibritheacht a áirithiú.*** Cumhachtaítear an Coimisiún ***freisin*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I chun gnéithe comhchoiteanna na formáide caighdeánaithe a mhodhnú, chun an fhormáid a oiriúnú d'fhorbairtí teicniúla, chun gnéithe digiteacha a thabhairt isteach chun brionnú agus calaois a chosc, chun aghaidh a thabhairt ar dhrochúsáid nó ar mhí-úsáid agus chun idir-inoibritheacht***, inrochtaineacht agus slándáil*** a áirithiú***, lena n-áirítear gnéithe fíoraithe agus an idir-inoibritheacht le córais náisiúnta***. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Is chun críocha na Treorach seo amháin a fhéadfar an Cárta Míchumais Eorpach a cheangal mar chruthúnas míchumais, ach ní leagfar mar oibleagáid ar shealbhóirí an chárta an cárta a thaispeáint mar chruthúnas míchumais i gcomhthéacs cearta a bhunaítear i reachtaíocht eile de chuid an Aontais, mura mbunaítear a mhalairt.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh gach Ballstát an Cárta Páirceála Eorpach a thabhairt isteach do dhaoine faoi mhíchumas de réir na | 1. Déanfaidh gach Ballstát an Cárta Páirceála Eorpach a thabhairt isteach do dhaoine faoi mhíchumas de réir na |

| | |
|---|---|
| formáide caighdeánaithe comhchoitinne a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Déanfaidh na Ballstáit gnéithe digiteacha a thabhairt isteach i gcártaí fisiceacha trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha lena dtabharfar aghaidh ar chosc calaoise mar chuid den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, a luaithe a dhéanfaidh an Coimisiún na ceanglais maidir leis na gnéithe digiteacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a leagan síos sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 8. Ní bheidh níos mó sonraí pearsanta sa mheán stórála digití ná na sonraí dá bhforáiltear don Chárta ***Míchumais*** Eorpach in Iarscríbhinn II. | formáide caighdeánaithe comhchoitinne ***agus de réir na gceanglas inrochtaineachta*** a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Déanfaidh na Ballstáit gnéithe digiteacha a thabhairt isteach i gcártaí fisiceacha trí úsáid a bhaint as modhanna leictreonacha lena dtabharfar aghaidh ar chosc calaoise mar chuid den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, a luaithe a dhéanfaidh an Coimisiún na ceanglais maidir leis na gnéithe digiteacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a leagan síos sna sonraíochtaí teicniúla dá dtagraítear in Airteagal 8. Ní bheidh níos mó sonraí pearsanta sa mheán stórála digití ná na sonraí dá bhforáiltear don Chárta ***Páirceála*** Eorpach in Iarscríbhinn II. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh údaráis inniúla sna Ballstáit an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar i gcomhréir lena rialacha, lena nósanna imeachta agus lena gcleachtais náisiúnta. Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679, áiritheoidh na Ballstáit slándáil, barántúlacht agus rúndacht na sonraí pearsanta a bhailítear agus a stóráiltear chun críche na Treorach seo. Measfar gurb é an t-údarás inniúil atá freagrach as an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint an rialaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 agus beidh sé freagrach as sonraí pearsanta a phróiseáil. Ní eisiafar leis an gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha aon dliteanas ar thaobh Ballstáit a d'fhéadfadh teacht chun cinn faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta i leith sáruithe ar oibleagáidí | 3. Déanfaidh údaráis inniúla sna Ballstáit an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar i gcomhréir lena rialacha, lena nósanna imeachta agus lena gcleachtais náisiúnta. Gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus do Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***, áiritheoidh na Ballstáit slándáil, sláine, barántúlacht agus rúndacht na sonraí a bhailítear agus a stóráiltear chun críche na Treorach seo. Measfar gurb é an t-údarás inniúil atá freagrach as an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint an rialaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2016/679 agus beidh sé freagrach as sonraí pearsanta a phróiseáil. Ní eisiafar leis an gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha aon dliteanas ar thaobh Ballstáit a d'fhéadfadh teacht chun |

| | |
|---|---|
| maidir le sonraí pearsanta. | cinn faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta i leith sáruithe ar oibleagáidí maidir le sonraí pearsanta. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint nó a athnuachan ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. Déanfar é a eisiúint nó a athnuachan laistigh de thréimhse réasúnach ó dháta an iarratais nach faide ná ***60*** lá. | Déanfaidh an Ballstát cónaithe an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint nó a athnuachan ar iarratas ón duine faoi mhíchumas. Déanfar é a eisiúint nó a athnuachan ***saor in aisce don tairbhí*** agus laistigh de thréimhse réasúnach ó dháta an iarratais nach faide ná ***30*** lá. ***Beidh sé de cheart ag daoine faoi mhíchumas, áfach, a iarraidh go mbeidh an leagan digiteach den Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ullamh laistigh de 15 lá.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas, nó ionadaithe ainmnithe ag gníomhú thar a gceann agus lena gcead, achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó na húdaráis inniúla maidir le Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint nó a athnuachan.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ***Cumhachtaítear*** an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 chun an Treoir ***a fhorlíonadh*** chun formáid dhigiteach an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a leagan síos agus chun idir-inoibritheacht a áirithiú, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha a fhorbairt agus a úsáid***, agus*** chun Iarscríbhinn II a leasú chun gnéithe comhchoiteanna na formáide caighdeánaithe a mhodhnú, chun an fhormáid a oiriúnú d’fhorbairtí teicniúla, chun brionnú agus calaois a chosc, chun aghaidh a thabhairt ar dhrochúsáid nó ar mhí-úsáid agus chun ***idir-inoibritheacht*** a áirithiú, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha a fhorbairt agus a úsáid. | 7. ***Tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, déanfaidh*** an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 ***lena bhforlíonfar*** an Treoir ***trí fhormáid*** dhigiteach an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a leagan síos agus idir-inoibritheacht a áirithiú, lena n-áirítear trí uirlisí digiteacha a fhorbairt agus a úsáid. ***Cumhachtaítear an Coimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11*** chun Iarscríbhinn II a leasú chun gnéithe comhchoiteanna na formáide caighdeánaithe a mhodhnú, chun an fhormáid a oiriúnú d’fhorbairtí teicniúla, chun brionnú agus calaois a chosc, chun aghaidh a thabhairt ar dhrochúsáid nó ar mhí-úsáid agus chun ***inrochtaineacht agus slándáil*** a áirithiú, lena n-áirítear ***gnéithe fíorúcháin agus an idir-inoibritheacht le córais náisiúnta*** trí uirlisí digiteacha a fhorbairt agus a úsáid. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 7a*** |
| | ***Forálacha do shealbhóirí cárta nuair a athraíonn a gcónaí*** |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit maidir leis an bpróiseas athmheasúnaithe ar stádas míchumais agus aitheantais dó, agus aon eisiúint Cárta Míchumais Eorpaigh nó Cárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas ina dhiaidh sin, go ndéanfar é laistigh de thréimhse ama réasúnta agus ar bhealach éifeachtúil.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2). | 2. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(2) ***agus laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo***. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na Ballstáit na coinníollacha agus na rialacha, na cleachtais agus na nósanna imeachta chun Cárta Míchumais Eorpach agus Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar ar fáil go poiblí i bhformáidí inrochtana, lena n-áirítear i bhformáidí digiteacha, agus arna iarraidh sin i bhformáidí cúnta arna n-iarraidh sin do dhaoine faoi mhíchumas. | 1. Cuirfidh na Ballstáit na coinníollacha agus na rialacha, na cleachtais agus na nósanna imeachta chun Cárta Míchumais Eorpach agus Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a eisiúint, a athnuachan nó a tharraingt siar ar fáil go poiblí i bhformáidí inrochtana, lena n-áirítear i bhformáidí ***fisiceacha agus*** digiteacha, ***lena n-áirítear braille, an leagan fuaime, i dteangacha comharthaíochta náisiúnta agus i bhformáid atá éasca le léamh,*** agus arna iarraidh sin i bhformáidí cúnta arna n-iarraidh sin do dhaoine faoi mhíchumas. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail agus chun daoine faoi mhíchumas a chur ar an eolas, lena n- | 2. Déanfaidh na Ballstáit***, i gcomhar leis an gCoimisiún,*** bearta iomchuí chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail agus chun daoine faoi mhíchumas a chur ar |

| | |
|---|---|
| áirítear ar bhealaí inrochtana, gurb ann don Chárta Míchumais Eorpach agus don Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas agus faoi na coinníollacha chun na cártaí sin a fháil, a úsáid nó a athnuachan. | an eolas, lena n-áirítear ar bhealaí inrochtana, gurb ann don Chárta Míchumais Eorpach agus don Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas agus faoi na coinníollacha chun na cártaí sin a fháil, a úsáid nó a athnuachan. ***I ndáil leis sin, ainmneoidh gach Ballstát Pointe Teagmhála Náisiúnta ina soláthrófar faisnéis agus treoraíocht don phobal agus do dhaoine faoi mhíchumas maidir leis na coinníollacha agus na seirbhísí a áirítear sa Chárta Míchumais Eorpach agus sa Chárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ar a chríoch, chomh maith leis na coinníollacha agus na seirbhísí a dheonaítear faoi chártaí agus deimhnithe náisiúnta ábhartha.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Mar bheart iomchuí chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail agus chun daoine faoi mhíchumas a chur ar an eolas, mar a leagtar síos sa mhír roimhe seo, ba cheart go bhforbródh an Coimisiún feachtas feasachta uile-Aontais chun faisnéis agus oiliúint maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach a scaipeadh ar shaoránaigh agus ar údaráis phoiblí agus ar oibreoirí príobháideacha a d'fhéadfadh cóir fhabhrach a thairiscint de bhun Airteagal 5, ar bhonn leanúnach.*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 b. Faoi [6 mhí tar éis dháta trasuí na Treorach seo], bunóidh an Coimisiún tairseach ghréasáin dhílsithe cothrom le dáta a bheidh ar fáil don phobal agus ar a mbeidh bunachar sonraí lena soláthrófar faisnéis ábhartha a bhaineann leis na coinníollacha is infheidhme, le bonneagar agus le saoráidí maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach agus leis an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ar chríoch gach Ballstát ar leith. Soláthrófar an fhaisnéis sin ar an tairseach ghréasáin i dteangacha uile an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear teanga comharthaíochta, modhanna cumarsáide éasca le léamh agus breisitheacha.*** |
| | ***Nascfaidh sí ar bhealach soiléir, inrochtana agus trédhearcach, na Pointí Teagmhála Náisiúnta dá dtagraítear i mír 2 agus na suíomhanna gréasáin oifigiúla sna Ballstáit dá dtagraítear i mír 7 den Airteagal seo.*** |
| | ***I gcás inarb iomchuí, déanfar an fhaisnéis a bheidh ar fail a sholáthar ar bhonn áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta i ngach Ballstát.*** |
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údaráis phoiblí an fhaisnéis sin a uaslódáil chuig an mbunachar sonraí agus í a nuashonrú i gcás inar gá.*** |
| | ***Breithneoidh an Coimisiún an gcuimseofar feidhm chomparáide ar an tairseach ghréasáin Eorpach, lena gceadófar d'úsáideoirí rialacháin Ballstáit a chur i gcomparáid le rialacháin Ballstáit eile, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, difríochtaí réigiúnacha agus bardasacha laistigh de na Ballstáit.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Le haon bhearta a dhéantar chun an riosca brionnaithe nó calaoise a sheachaint, tabharfar aird chuí ar chearta daoine faoi mhíchumas agus ní bheidh aon chur isteach ar leasanna dlisteanacha daoine faoi mhíchumas i dtaobh ceachtar de na cártaí a úsáid mar thoradh orthu ná ní eascróidh stiogmatú astu.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh oibreoirí príobháideacha agus údaráis phoiblí na coinníollacha céanna nó an chóir fhabhrach chéanna a chur i bhfeidhm do shealbhóirí Cárta Míchumais Eorpaigh agus Cárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas is atá ag saoránaigh náisiúnta an Bhallstáit ar saoránaigh iad atá faoi mhíchumas aitheanta. Forálfaidh na Ballstát do smachtbhannaí a bheidh infheidhme i gcás ina sárófar an oibleagáid sin.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus 2 den Airteagal seo a chur ar fáil saor in aisce ar bhealach soiléir, | 7. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus 2 den Airteagal seo a chur ar fáil saor in aisce ar bhealach soiléir, |

| | |
|---|---|
| cuimsitheach, soláimhsithe agus ar bhealach atá inrochtana go héasca, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin oifigiúil na n-oibreoirí príobháideacha nó na n-údarás poiblí i gcás ***ina mbeidh sé ar fáil, nó*** ar bhealaí oiriúnacha eile, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. | cuimsitheach, soláimhsithe agus ar bhealach atá inrochtana go héasca, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin oifigiúil na n-oibreoirí príobháideacha nó na n-údarás poiblí ***agus*** i gcás ***inarb iomchuí*** ar bhealaí oiriúnacha eile, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. | 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr***, agus le daoine faoi mhíchumas agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha***. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh modhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha ann chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir seo. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh modhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha ann chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Treoir seo***, agus rannpháirtíocht agus idirphlé a chur chun cinn le comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas***. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) forálacha trína bhféadfaidh comhlachtaí poiblí nó comhlachais phríobháideacha, eagraíochtaí nó eintitis dhlíthiúla eile ag a bhfuil leas dlisteanach i gcomhlíonadh fhorálacha na Treorach seo a áirithiú gníomhaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na nósanna imeachta náisiúnta os comhair na gcúirteanna nó os comhair na gcomhlachtaí inniúla riaracháin thar ceann duine faoi mhíchumas nó chun tacú leis nó léi, lena chead nó lena cead, in aon imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin arna soláthar chun oibleagáidí faoin Treoir seo a fhorfheidhmiú. | (b) forálacha trína bhféadfaidh comhlachtaí poiblí nó comhlachais phríobháideacha***, amhail comhlachtaí comhionannais i gcás inarb infheidhme***, eagraíochtaí***, go háirithe eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas,*** nó eintitis dhlíthiúla eile ag a bhfuil leas dlisteanach i gcomhlíonadh fhorálacha na Treorach seo a áirithiú gníomhaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na nósanna imeachta náisiúnta os comhair na gcúirteanna nó os comhair na gcomhlachtaí inniúla riaracháin thar ceann duine faoi mhíchumas nó chun tacú leis nó léi, lena chead nó lena cead, in aon imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin arna soláthar chun oibleagáidí faoin Treoir seo a fhorfheidhmiú. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme as sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. | 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme ***maidir le hoibreoirí poiblí agus príobháideacha agus maidir le soláthraithe seirbhíse*** as sáruithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo a leagan síos agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí faisnéis faoi aon choinníoll speisialta nó aon chóir fhabhrach de bhun Airteagal 5 ar fáil don phobal i bhformáidí inrochtana. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí faisnéis faoi aon choinníoll speisialta nó aon chóir fhabhrach de bhun Airteagal 5 ar fáil don phobal i bhformáidí ***fisiciúla agus digiteacha soiléire, cuimsitheacha agus*** inrochtana***, lena n-áirítear braille, cló mór, an leagan fuaime***. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inarb infheidhme, go ndéanfaidh oibreoirí seirbhísí iompair trasteorann do phaisinéirí faisnéis shoiléir a sholáthar do phaisinéirí a bhfuil Cárta Míchumais Eorpach acu maidir leis na codanna de na hoibríochtaí ina bhfuil coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach i bhfeidhm.*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Spreagfaidh na Ballstáit oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí chun coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach a sholáthar go deonach do dhaoine faoi mhíchumas. | 2. Spreagfaidh na Ballstáit oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí***, agus féadfaidh siad tacaíocht a thabhairt dóibh*** chun coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach a sholáthar go deonach do dhaoine faoi mhíchumas. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i ***mír 1 agus 2*** den Airteagal seo a chur ar fáil saor in aisce ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus a bheidh inrochtana go héasca, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin oifigiúil na n-oibreoirí príobháideacha nó na n-údarás poiblí i gcás ina mbeidh sé ar fáil, nó ar bhealaí oiriúnacha eile, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. | 3. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i ***míreanna 1 agus 1a*** den Airteagal seo a chur ar fáil saor in aisce ar bhealach soiléir, cuimsitheach, soláimhsithe agus a bheidh inrochtana go héasca, lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin oifigiúil na n-oibreoirí príobháideacha nó na n-údarás poiblí i gcás ina mbeidh sé ar fáil, nó ar bhealaí oiriúnacha eile, i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta ábhartha le haghaidh seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin ll/mm/bb [***3 bliana*** tar éis dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. | 1. Faoin ll/mm/bb [***2 bhliain*** tar éis dháta chur i bhfeidhm na Treorach seo], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm na Treorach seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Beidh measúnú tionchair sa tuarascáil ar a úsáidí atá an cárta chun inaistritheacht sochar a fheabhsú i réimse na slándála sóisialta faoi Rialacháin (CE)*** |

***Uimh. 883/2004 agus (CE) Uimh. 987/2009 agus i réimse an chúnaimh shóisialta faoi Airteagal 24(2) de Threoir 2004/38/CE;***

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Beidh measúnú tionchair sa tuarascáil ar chreata náisiúnta, critéir teidlíochta, coinníollacha, nó nósanna imeachta measúnaithe chun stádas míchumais a fháil agus i dtaca le hathnuachan agus tarraingt siar an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, d'fhonn an sainmhíniú ar mhíchumas a chomhchuibhiú agus aitheantas frithpháirteach ar stádas míchumais a áirithiú ar fud na mBallstát agus neamhréireachtaí féideartha idir na Ballstáit a aithint i ndáil leis sin mar aon le haon iarmhairtí diúltacha do shealbhóirí na gcártaí.*** |
| | ***Déanfar meastóireacht sa tuarascáil freisin ar aon iarmhairt a bhaineann leis an gCárta Míchumais Eorpach agus leis an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas i dtaca le creataí náisiúnta faoina dtugtar cóir fhabhrach dhifriúil do dhaoine faoi mhíchumas bunaithe ar leibhéal an mhíchumais nó ar choinníollacha eile.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 b. Mar chuid den tuarascáil sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar a mhéid atá cur chun feidhme na Treorach seo tar éis a cuspóirí a bhaint amach agus ar a hidirghníomhú le gníomhartha dlí ábhartha eile de chuid an Aontais.***<br>***Ar bhonn na tuarascála sin, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach chun an Treoir seo a leasú, i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ll/mm/bb [laistigh de ***18 mí*** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. | Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin ll/mm/bb [laistigh de ***12 mhí*** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ll/mm/bb [***30 mí*** ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. | 2. Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón ll/mm/bb [***24 mhí*** ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Taispeánfar na focail Cárta Míchumais Eorpach agus úsáid á baint as clófhoireann Arial agus in Braille agus úsáid á baint as toisí an chóid Marburg. | 8. Taispeánfar ***an fhaisnéis ábhartha uile, lena n-áirítear*** na focail Cárta Míchumais Eorpach agus úsáid á baint as clófhoireann Arial agus i mbraille agus úsáid á baint as toisí an chóid Marburg. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – pointe 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10 a. Ar an gcárta beidh cód sainithe QR ina mbeidh sonraí uile an chárta i bhformáid inrochtana agus beidh sé marcáilte go cuí le marcanna ardaithe.*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe 3 – pointe a – fleasc 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – i gcás ina mbainfidh an cárta le feithicil, beidh a huimhirphláta le feiceáil. | – i gcás ina mbainfidh an cárta le feithicil ***nó le feicthiclí***, beidh a huimhirphláta ***nó a n-uimhirphlátaí*** le feiceáil. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe 3 – pointe b – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – i gceannlitreacha, na focail 'Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas' i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit a bhfuil an cárta á eisiúint aige; i ndiaidh spás oiriúnach, beidh na focail le | – i gceannlitreacha, na focail 'Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas' i dteanga nó i dteangacha an Bhallstáit a bhfuil an cárta á eisiúint aige ***agus i mbraille ag baint úsáid as toisí an*** |

feiceáil i gcló beag i dteangacha eile an Aontais Eorpaigh;

***chóid Marburg***; i ndiaidh spás oiriúnach, beidh na focail le feiceáil i gcló beag i dteangacha eile an Aontais Eorpaigh;

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn II – pointe 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Ar an gcárta beidh cód sainithe QR ina mbeidh sonraí uile an chárta i bhformáid inrochtana agus beidh sé marcáilte go cuí le marcanna ardaithe.*** |

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA DE NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Fuair an Rapóirtéir ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas nuair a bhí an tuarascáil á hullmhú, go dtí gur glacadh sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| Funktionsrätt Sverige |
| An Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas (EDF) |
| Aontas na nDall san Eoraip (EBU) |

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Bunú an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas |
| **Tagairtí** | COM(2023)0512 – C9-0328/2023 – 2023/0311(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL<br>19.10.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>19.10.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 19.10.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Erik Bergkvist<br>19.10.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 30.11.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 7.12.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Marco Campomenosi, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Mario Furore, Isabel García Muñoz, Jens Gieseke, Bogusław Liberadzki, Peter Lundgren, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Tilly Metz, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Tomasz Piotr Poręba, Bergur Løkke Rasmussen, Dominique Riquet, Thomas Rudner, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Achille Variati, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Tom Berendsen, Sara Cerdas, Maria Grapini, Ljudmila Novak, Dorien Rookmaker, Nicolae Ştefănuță, Kathleen Van Brempt |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Karolin Braunsberger-Reinhold, Andreas Glück, Ondřej Kovařík, Erik Marquardt, Andżelika Anna Możdżanowska, Wolfram Pirchner, Eugen Tomac |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 39 | + |
|---|---|
| ECR | Peter Lundgren, Andżelika Anna Możdżanowska, Tomasz Piotr Poręba, Dorien Rookmaker, Kosma Złotowski |
| ID | Marco Campomenosi |
| NI | Mario Furore |
| PPE | Tom Berendsen, Karolin Braunsberger-Reinhold, Jens Gieseke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Cláudia Monteiro de Aguiar, Ljudmila Novak, Wolfram Pirchner, Barbara Thaler, Eugen Tomac, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo |
| Renew | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Andreas Glück, Ondřej Kovařík, Caroline Nagtegaal, Bergur Løkke Rasmussen, Dominique Riquet |
| S&D | Sara Cerdas, Isabel García Muñoz, Maria Grapini, Bogusław Liberadzki, Thomas Rudner, Vera Tax, István Ujhelyi, Kathleen Van Brempt, Achille Variati |
| Verts/ALE | Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Erik Marquardt, Tilly Metz, Nicolae Ştefănuță |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

05.12.2023

**LITIR ÓN GCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA**

Dragoş PÎSLARU
Cathaoirleach
An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim i bhfoirm litreach maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas (COM(2023)0512 – C9-0328/2023 – 2023/0311(COD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, iarradh ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Deireadh Fómhair 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 4 Nollaig 2023 agus ghlac sé a thuairim i bhfoirm litreach ag an gcruinniú céanna[1]. Chinn sé a iarraidh ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thuarascáil reachtach.

Is mise, le meas,

Anna CAVAZZINI
Cathaoirleach

[1] Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Andrus Ansip (Leas-Chathaoirleach), Maria Grapini (Leas-Chathaoirleach), Maria-Manuel Leitão-Marques (Leas-Chathaoirleach), Pablo Arias Echeverría, Laura Ballarín Cereza, Biljana Borzan, Markus Buchheit, Maria da Graça Carvalho, Dita Charanzová, Deirdre Clune, Malte Gallée, Sandro Gozi, Eugen Jurzyca, Włodzimierz Karpiński, Morten Løkkegaard, Antonius Manders, Karen Melchior, Anne-Sophie Pelletier, Miroslav Radačovský, René Repasi, Andreas Schwab, Róża Thun und Hohenstein, Kim Van Sparrentak, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann, Marco Zullo, Estrella Durá Ferrandis (de bhun Riail 209(7)), Ska Keller (de bhun Riail 209(7)).

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a chur san áireamh:

1. Is díol sásaimh do Choiste IMCO an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas mar thionscnamh a rabhthas ag súil leis le fada chun freagairt ar na hábhair imní atá ag saoránaigh faoi mhíchumas agus ar a n-iarrataí chun leas iomlán a bhaint as saoirse gluaiseachta agus as rochtain ar sheirbhísí san Aontas. Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le saincheisteanna inrochtaineachta don Choiste sa tuarascáil féintionscnaimh uaidh le déanaí maidir leis an Lárionad 'AccessibleEU'[2]. Sa tuarascáil sin, mheabhraigh Coiste IMCO gur réamhchoinníoll riachtanach í an inrochtaineacht le haghaidh daoine faoi mhíchumas chun go mbeidh siad in ann leas iomlán a bhaint as cearta an duine agus as saoirsí bunúsacha. Tá sé ar cheann de phrionsabail ghinearálta an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, atá ceangailteach ó thaobh dlí ar an Aontas agus ar a Bhallstáit.

2. Meabhraíonn Coiste IMCO freisin go bhfuil an togra bunaithe ar luachanna agus prionsabail an mhargaidh inmheánaigh. Leis an togra, comhlánaítear Treoir 2006/123 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach[3]. Dá bhrí sin, is iad Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 CFAE (maidir le seirbhísí a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair sa mhargadh inmheánach) is bunús dlí don togra, toisc go ndeonófar leis an togra an ceart do shealbhóirí an chárta leas a bhaint as coinníollacha/cóir iomchuí, speisialaithe agus fhabhrach agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí ar bhonn comhionann le daoine faoi mhíchumas sa Bhallstát a mbeidh cuairt á tabhairt acu air.

3. Thairis sin, comhlánaítear leis an togra an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht (Treoir (AE) 2019/882)[4] agus an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin (Treoir (AE) 2016/2102)[5], arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis na bacainní a eascraíonn as ceanglais inrochtaineachta éagsúla sna Ballstáit agus cosc a chur orthu. Mínítear an tábhacht a bhaineann leis an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht mar chúlra don togra in Aithris 8. Is éachtaí tábhachtacha de chuid Choiste IMCO ón reachtas roimhe seo na píosaí reachtaíochta sin, agus ba mhaith leis an gCoiste béim a leagan ar an mbaint atá acu i gcónaí leis an díospóireacht maidir le hinrochtaineacht, agus a thabhairt chun suntais gur réitíodh an bealach leis na héachtaí bunúsacha sin de chuid an mhargaidh inmheánaigh do ghlacadh an togra le haghaidh an Chárta Míchumais.

4. Maidir le prionsabail an mhargaidh inmheánaigh ar a bhfuil an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach fothaithe, meabhraíonn Coiste IMCO an seasamh ón gCoimisiún, mar a leagtar amach in Aithris 22 den togra, gur cheart go n-éascófaí agus go ráthófaí go hiomlán, trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt don Chárta Míchumais Eorpach

---

2 2022/2013(INI).

3 IO L 376, 27.12.2006, lch. 36.

4 Treoir (AE) 2019/882 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, IO L 150, 7.6.2019, lch. 70.

5 Treoir (AE) 2016/2102 maidir le hinrochtaineacht shuíomhanna gréasáin agus fheidhmchlár móibíleach chomhlachtaí na hearnála poiblí.

agus don Chárta Páirceála Eorpach, gur féidir le daoine faoi mhíchumas, agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile nó ag tabhairt cuairt ar Bhallstát eile, a gcearta chun coinníollacha speisialta agus/nó chun cóir fhabhrach a fheidhmiú agus leas a bhaint astu chun rochtain a fháil ar sheirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí iompair do phaisinéirí, ar ghníomhaíochtaí agus ar shaoráidí, ar coinníollacha agus cóir iad a thairgeann oibreoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí, lena n-áirítear i gcás nach soláthraítear iad ar luach saothair, chomh maith le rochtain éasca ar choinníollacha agus ar shaoráidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas, gan idirdhealú a dhéanamh de bhíthin náisiúntachta ná áite cónaithe, ar théarmaí agus coinníollacha atá comhionann leis na téarmaí agus coinníollacha dá bhforáiltear ar bhonn deimhnithe náisiúnta, cártaí míchumais nó doiciméid fhoirmiúla eile lena n-aithnítear a stádas míchumais arna n-eisiúint ag na húdaráis inniúla sa tír óstach.

5. Cuireann Coiste IMCO i bhfios go láidir freisin a thábhachtaí atá sé na modhanna is fearr a aimsiú chun faisnéis a scaipeadh i measc daoine faoi mhíchumas, ionas go mbeidh cuairteoirí ó Bhallstát amháin in ann faisnéis a fháil go héasca maidir leis na cearta agus na hoibleagáidí atá acu sa Bhallstát a bhfuil cuairt á tabhairt air. Is díol sásaimh do Choiste IMCO an tionscnamh ‘AccessibleEU’ agus creideann sé go bhféadfaí faisnéis úsáideach a áireamh ann maidir leis an gCárta Eorpach Míchumais agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas.

6. Beidh an Cárta Míchumais mar bhonn chun feasacht níos mó ar an éagsúlacht a mhúscailt agus chun glacadh le daoine faoi mhíchumas sa tsochaí a chur chun cinn, agus chun an ceart chun saorghluaiseachta atá ag daoine faoi mhíchumas laistigh den Aontas Eorpach a neartú ag an am céanna. Beidh an Cárta Míchumais ina chabhair go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas dofheicthe freisin, a mbíonn bacainní breise dearcaidh rompu go minic.

7. Leis an ionstraim sin, ráthófar neamh-idirdhealú in aghaidh na ndaoine sin agus iad ag taisteal ar fud thíortha AE agus cruthófar cinnteacht agus bainfear bacainní riaracháin do dhaoine faoi mhíchumas agus d’oibreoirí príobháideacha agus poiblí seirbhísí, saoráidí agus gníomhaíochtaí araon. Chun an togra le haghaidh an Chárta Páirceála a neartú agus chun feabhsuithe nithiúla a dhéanamh do dhaoine faoi mhíchumas, ba cheart bunachar sonraí nua a chur ar bun chun daoine faoi mhíchumas a chur ar an eolas faoi na cearta éagsúla páirceála agus na rialacha éagsúla a bhaineann le spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas sna Ballstáit éagsúla agus ina réigiúin, ina gcathracha agus ina mbardasachtaí.

8. Tá bacainní suntasacha ar shaorghluaiseacht roimh dhaoine faoi mhíchumas fós agus iad ag bogadh go Ballstát eile le haghaidh oibre nó staidéir chun cónaí ann go buan. Dá bhrí sin, mholfaí díolúine ó Airteagal 2(2) chun aitheantas sealadach a thabhairt do stádas míchumais an duine le haghaidh na hidirthréimhse agus é nó í ag bogadh thar lear le haghaidh oibre nó staidéir, agus le linn do dhuine a bheith ag dul faoin nós imeachta athmheasúnaithe chun go dtabharfar aitheantas do mhíchumas an duine sa Bhallstát nua. Ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine sin freisin maidir le rannpháirtithe i gCláir Shoghluaisteachta an Aontais, amhail ERASMUS+.

9. Á mheas, chun saorghluaiseacht oibrithe faoi mhíchumas a ráthú agus chun cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa lucht saothair a chur chun cinn, gur cheart an Cárta Míchumais Eorpach a bheith ar fáil freisin do na daoine sin faoi mhíchumas a thaistealaíonn go Ballstáit eile chun críocha a bhaineann leis an obair.

10. I gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún, is é an t-aitheantas frithpháirteach an príomhshásra lena mbainfear amach cuspóirí an togra, ionas nach mbeidh gá le haon ghníomhaíocht bhreise ó shealbhóir an chárta. Tacaíonn Coiste IMCO go láidir leis an modh sin chun cearta daoine faoi mhíchumas a fheabhsú, lena gcuirfear a neamhspleáchas agus a rannpháirtíocht iomlán sa tsochaí chun cinn. Is bealach simplí é sin chun na cuspóirí sin a bhaint amach, atá i gcomhréir go hiomlán leis an gcur chuige a glacadh i reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh.

11. Ag an am céanna, is díol sásaimh do Choiste IMCO an seasamh ón gCoimisiún gur cheart, le deonú na gceart sin do dhaoine faoi mhíchumas, go gcuirfí leis an gcosaint a thugtar cheana féin ar an leibhéal náisiúnta, agus gan an bonn a bhaint uaithi, chun feidhmiú cearta saorghluaiseachta daoine faoi mhíchumas a neartú. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do Choiste IMCO an seasamh a ghlac an Coimisiún, mar a luaitear in Airteagal 2 agus in Aithris 30, nach dtagann an togra salach ar inniúlachtaí Ballstáit measúnú a dhéanamh ar stádas míchumais agus aitheantas a thabhairt dó agus coinníollacha speisialta a dheonú, amhail saor-rochtain, taraifí laghdaithe nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas agus/nó don duine nó do na daoine a ghabhann leo nó a thugann cúnamh dóibh lena n-áirítear cúntóir nó cúntóirí pearsanta. Is tionscnamh comhchuibhithe íosta é an togra, sa mhéid is nach gcuireann sé cosc ar na Ballstáit aitheantas breise a dheonú do dhaoine faoi mhíchumas. Is díol sásaimh do Choiste IMCO an cur chuige sin. Mar sin féin, cuireann sé i bhfios go láidir nár cheart cur chuige an chomhchuibhithe íosta a úsáid mar bhonn cirt chun forálacha níos uaillmhianaí a sheachaint agus, thairis sin, molann sé do na Ballstáit oibriú i ndlúthchomhar le chéile san earnáil sin chun ardleibhéal comhtháthaithe agus cosanta a bhaint amach do shaoránaigh uile na hEorpa atá faoi mhíchumas.

12. Is díol sásaimh do Choiste IMCO an cur chuige measctha a ghlac an Coimisiún i leith fhormáid an Chárta Míchumais agus an Chárta Páirceála Eorpaigh. Is díol sásaimh dó an ghné dhigiteach, atá i gcomhréir go hiomlán leis an gcur chuige nua-aimseartha a glacadh i reachtaíocht eile an mhargaidh inmheánaigh, amhail an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin. Mar sin féin, mar atá i réimsí eile, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh an Cárta Míchumais agus an Cárta Páirceála Eorpach ar fáil go hiomlán agus go héasca agus go mbeidh siad sothuigthe do gach úsáideoir, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil eolach ar theicneolaíochtaí digiteacha agus a mbaineann dúshláin leis na teicneolaíochtaí sin dóibh, chun go mbeidh tuiscint láithreach ag daoine faoi mhíchumas, ach ag daoine a thugann cúnamh dóibh nó a n-iarrtar orthu cúnamh a thabhairt dóibh freisin. Ba cheart go gcuirfí in iúl go soiléir ar an gCárta Míchumais cén cineál cúnaimh a theastaíonn ón duine, sa chás is measa, agus cén míchumas atá ar an duine, sa chás is fearr. Dá bhrí sin, ba cheart faisnéis shoiléir a bheith ar an gCárta, lena n-áirítear picteagraim, lena léirítear an cineál cúnaimh atá ag teastáil.

13. Dá bhrí sin, is díol sásaimh do Choiste IMCO an seasamh soiléir a ghlac an Coimisiún gur cheart cárta fisiceach, ag a bhfuil gnéithe digiteacha is féidir a léamh trí mhodhanna leictreonacha, a bheith ar fáil freisin, agus, mar a luaitear in Airteagail 6(5) agus 7(6) agus in Aithris 26, gur cheart an rogha a thabhairt don úsáideoir i gcónaí idir cárta fisiceach nó cárta digiteach, nó an dá chárta. Tá sé tábhachtach a chur i bhfáth, áfach, cé go n-áirítear braille ar an gCárta Míchumais Eorpach, go bhfuil sé ar lár ar an gCárta Páirceála Eorpach. Ba cheart an Cárta Páirceála Eorpach fisiceach a bheith go hiomlán inrochtana, lena n-áirítear Braille a chur ar an gcárta féin. Ba cheart go mbeadh na focail Cárta Páirceála Eorpach in Braille agus úsáid á baint as toisí an chóid Marburg, rud a éascóidh sainaithint an chárta ag na húsáideoirí.

14. Leagann Coiste IMCO béim ar a thábhachtaí atá sé éifeachtacht an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh a áirithiú trí fheachtas cumarsáide cuí agus trí rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, lena n-áirítear seirbhísí póilíneachta.

15. Cé go ráthaítear sainphribhléidí an Bhallstáit cártaí míchumais náisiúnta a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas, molann Coiste IMCO don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar chártaí míchumais náisiúnta agus Eorpacha a chumasc amach anseo.

16. Ag an am céanna, aithníonn Coiste IMCO tarmligean leathan na cumhachta chuig an gCoimisiún chun formáid chaighdeánaithe an Chárta a leasú, agus creideann sé nár cheart míthuiscint a bheith ar úsáideoirí agus ar údaráis atá freagrach as an gCárta a eisiúint mar thoradh ar athruithe sa chiall sin, rud a bhainfeadh an bonn ó bhaint amach chuspóirí na Treorach.

17. Molann Coiste IMCO go gcuirfí liosta neamh-uileghabhálach de tháscairí feidhmíochta sonracha leis an gclásal a bhaineann le tuairisciú agus athbhreithniú, go sonrach, go gcuirfí táscairí tionchair agus toraidh isteach, lena n-áirítear an tionchar ar an earnáil iompair, ar údaráis phoiblí, ar institiúidí agus ar bhuiséid phoiblí agus ar an tionchar dáileacháin ar fud na mBallstát, chomh maith le táscairí atá dírithe ar aschur amháin – amhail líon na mBallstát a bhfuil an Treoir trasuite acu, líon na gCártaí Míchumais Eorpacha, agus líon na gCártaí Páirceála Eorpacha arna n-eisiúint ag na Ballstáit. Bheadh an fhaisnéis faoi chostais agus tairbhí cainníochtúla na Treorach úsáideach freisin. Is é is aidhm do na nithe sin meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar thrasuí agus ar chur i bhfeidhm na Treorach, rud a chuirfidh le próiseas cinnteoireachta níos láidre lena bhfuil níos mó faisnéise ag baint.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, ina cáil mar Rapóirtéir, faoina freagracht eisiach nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

4.12.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM CHEARTA NA MBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE

chuig an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas
COM(2023)0512 - C9 - 0328/2023

Rapóirtéir don tuairim: Rosa Estaràs Ferragut

## LEASUITHE

Iarann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2 a) De bhrí go dtugtar le chéile le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt'), go háirithe in Airteagail 3, 6, 7, 8, 14, 15, 16, 20, 21, 23, 24, 25, 26, 31, 34, 35, 36, 41, 42, 45, agus 47 di, na saoirsí agus na cearta pearsanta is tábhachtaí, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas,*** |
| | ***(2b) De bhrí go luaitear i rún an 13 Nollaig 2022 dar teideal 'I dtreo cearta comhionanna do dhaoine faoi mhíchumas[1a], an tábhacht agus an gá atá le Cárta Míchumais an Aontais Eorpaigh a bheith ann,*** |

| | |
|---|---|
| | ***(2c) De bhrí, i rún an 4 Deireadh Fómhair 2023 dar teideal 'Cearta daoine a bhfuil uathachas orthu a chomhchuibhiú[2a], go leagtar béim ar thábhacht an togra maidir le cárta míchumais an Aontais Eorpaigh,*** |
| | _________________ |
| | ***[1a] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2022-0435_GA.html*** |
| | ***[2a] https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0343_GA.html*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) De bhrí gur luach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE, agus go luaitear in Airteagal 8 CFAE go mbeidh sé d'aidhm ag an Aontas ina ghníomhaíochtaí uile neamhionannais a dhíothú, lena mbunófar prionsabal an phríomhshruthaithe inscne agus an chomhionannais inscne; de bhrí gur dhaingnigh an tAontas Eorpach Coinbhinsiún Iostanbúl chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, agus, dá bhrí sin, nach mór an chosaint agus an tacaíocht a thugtar faoi Choinbhinsiún Iostanbúl a bheith ar fáil d'aon bhean gan idirdhealú, gan beann ar aon mhíchumas;*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 b) Tá an sainordú comhionannais agus neamh-idirdhealaithe atá in Airteagal 5 de CRPD ábhartha, ós rud é go bhfuil sé i gceist leis an gCárta Míchumais Eorpach dlús a chur le comhionannas daoine faoi mhíchumas trína n-aitheantas frithpháirteach laistigh den Aontas. Is gá dul i ngleic leis an tsoghluaisteacht agus leis an tsaorghluaiseacht ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne de ionas go rannchuideoidh an reachtaíocht sin le haitheantas a thabhairt do chearta na mban agus na gcailíní faoi mhíchumas, do mháithreacha agus do chúramóirí daoine faoi mhíchumas agus cur chuige trasnach a ghlacadh chun iad a chosaint ar idirdhealú. Tá sé ríthábhachtach a aithint go ndéanann an t-idirdhealú difear do mhná agus cailíní faoi mhíchumas in go leor réimsí den saol, lena n-áirítear leithlisiú sóisialta, easpa rochtana ar sheirbhísí pobail, tithíocht ar cháilíocht íseal, institiúidiú agus cúram sláinte neamhleor a chuireann bac orthu rannchuidiú leis an tsochaí agus páirt ghníomhach a ghlacadh inti. Tá 10 n-uaire níos mó seans ann go bhfulaingeoidh mná faoi mhíchumas ionsaí fisiciúil nó gnéasach ná mná nach bhfuil faoi mhíchumas agus, dá bhrí sin, ba cheart faisnéis maidir le rochtain ar sheirbhísí tacaíochta speisialaithe a chur ar fáil do na mná sin atá faoi mhíchumas a d'fhulaing aon chineál foréigin inscnebhunaithe. Ar an iomlán, tá cás na mban agus na gcailíní faoi mhíchumas níos measa ná cás na bhfear agus na mbuachaillí faoi mhíchumas, agus cuirtear leis sin mar shampla i gceantair thuaithe ina bhfuil rochtain ar sheirbhísí agus ar dheiseanna i gcoitinne i bhfad níos teoranta. Ba cheart aitheantas a thabhairt dá stádas míchumais d'aon duine faoi mhíchumas fíorasach, de réir na brí a luaitear in Airteagal 1 de CRPD,*** |

***nuair atá cónaí orthu nó nuair a bhogann siad go dtí Ballstát de chuid an Aontais seachas a mBallstát féin.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Is é is cuspóir do UNCRPD tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú, agus meas ar a ndínit bhunúsach a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin a rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile a áirithiú. Aithnítear le UNCRPD freisin an tábhacht a bhaineann leis an ngá atá le bearta iomchuí a dhéanamh chun inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú. | (6) Is é is cuspóir do UNCRPD tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine agus shaoirsí bunúsacha na ndaoine uile faoi mhíchumas a chur chun cinn, a chosaint agus a áirithiú, agus meas ar a ndínit bhunúsach a chur chun cinn, agus ar an dóigh sin a rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile a áirithiú. ***In Airteagal 6 de UNCRPD, aithnítear go sonrach go bhfuil mná agus cailíní faoi mhíchumas faoi réir il-idirdhealaithe, i mórán cásanna mar gheall ar thrasnú inscne agus míchumais, a mbíonn tionchar aige ar gach réimse dá saol, lena n-áirítear a n-eispéireas soghluaisteachta lena gceanglaítear ar pháirtithe Stáit “bearta a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh cearta uile an duine agus saoirsí bunúsacha á dteachtadh go hiomlán agus go cothrom acu” agus forbairt, dul chun cinn agus cumhachtú iomlán na mban a áirithiú. Is minic a bhíonn cineálacha trasnacha idirdhealaithe roimh mhná faoi mhíchumas, agus, dá bhrí sin, ní mór do reachtaíocht an Aontais cur chuige trasnach a chomhtháthú chun aghaidh a thabhairt i gceart ar eisiamh agus idirdhealú ó dhearcadh cuimsitheach, sistéamach agus struchtúrach; Tá Ballstáit an Aontais faoi cheangal ag UNCRPD, ach tá difríochtaí suntasacha idir cur chun feidhme na dtíortha[1a]. Is gá dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhionannas do dhaoine faoi mhíchumas i ngach tír, mar shampla trí infheistíochtaí i mbonneagar, fothú*** |

***acmhainneachta agus feachtais ardaithe feasachta.*** Aithnítear le UNCRPD freisin a thábhachtaí atá an gá bearta iomchuí a dhéanamh chun inrochtaineacht uilíoch do dhaoine faoi mhíchumas a áirithiú, mar shampla na cinn a bhfuil neamhlitearthacht fheidhmiúil acu a dhéanann difear do mhná den chuid is mó, go háirithe maidir leis an treoir atá ann faoi láthair, agus chun a áirithiú go mbeidh soghluaisteacht phearsanta ag daoine faoi mhíchumas agus an neamhspleáchas is mó is féidir acu.

***(6 a) Is gá a aithint go bhfuil mná agus cailíní faoi mhíchumas i mbaol méadaithe foréigin agus mí-úsáide, lena n-áirítear mí-úsáid ghnéasach, agus go bhfuil leochaileacht níos airde acu mar gheall ar a ngnéas, a n-aois agus a míchumas,***

***(6 b) Léiríonn figiúirí go soiléir gur mná iad formhór mór na gcúramóirí do dhaoine faoi mhíchumas agus mar sin ní mór cur chuige íogair ó thaobh inscne a chur i bhfeidhm freisin nuair a bhíonn taobh an chúramóra á bhreithniú.***

___________________

***[1a] Coinbhinsiún na NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a chur chun feidhme, https://fra.europa.eu/sites/default/files/fra_uploads/fra-2023-uncrpd-human-rights-indicators_en.pdf***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 a) (6 a) De bhrí go léiríonn sonraí ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne[1a] go bhfuil 20 % de mhná faoi mhíchumas i bhfostaíocht lánaimseartha san Aontas, i gcomparáid le 29 % d'fhir faoi mhíchumas agus 48 % de mhná nach bhfuil faoi mhíchumas. Tá 22 % de mhná*** |

***faoi mhíchumas i mbaol na bochtaineachta, i gcomparáid le 20 % d'fhir faoi mhíchumas agus 16 % de mhná nach bhfuil faoi mhíchumas. Baineann 17 % de mhná faoi mhíchumas céim amach san oideachas treasach, i gcomparáid le 18 % d'fhir faoi mhíchumas agus 32 % de mhná nach bhfuil faoi mhíchumas. Tá riachtanais neamhchomhlíonta ag 11% de mhná faoi mhíchumas maidir le scrúdú leighis, i gcomparáid le 10% d'fhir faoi mhíchumas agus 3% do mhná gan mhíchumas; de bhrí go bhfuil thart ar 46 mhilliún bean agus cailín faoi mhíchumas san Aontas, arb ionann iad agus thart ar 16 % dá dhaonra iomlán ban agus arb ionann é agus 60 % de dhaonra foriomlán na ndaoine faoi mhíchumas[1b]; dá bhrí sin, ní mór cur chuige atá íogair ó thaobh inscne de a chur i bhfeidhm agus Cárta Míchumais Eorpach á bhunú, agus de réir na moltaí sonracha a ghlac Coiste CRPD maidir leis an tuarascáil tosaigh ón Aontas in 2015, go háirithe, ní mór príomhshruthú na mban agus na gcailíní faoi mhíchumas a bheith i gcroílár straitéis an Aontais maidir le Comhionannas Inscne, mar aon le beartais agus cláir agus gné na hinscne ina straitéis um míchumas. Mhol an Coiste freisin go bhforbródh an tAontas Eorpach gníomhaíochtaí chun cearta na mban agus na gcailíní faoi mhíchumas a chur chun cinn trí shásra a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun tacú le cistiú a dhéanamh ar bhailiú sonraí agus ar thaighde ar mhná agus ar chailíní faoi mhíchumas[1c]; de bhrí go n-áiritheoidh an Coimisiún Eorpach agus Ballstáit an Aontais go mbaileofar sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de chun measúnú tionchair inscne ar an Treoir a fhorbairt agus chun a hathbhreithniú príomhshruthaithe ó thaobh inscne de a ráthú amach anseo.***

__________________

***[1a] Éagothromaíochtaí trasnacha san Aontas Eorpach in Innéacs Comhionannais Inscne 2023https://eige.europa.eu/gender-equality-index/2022/domain/intersecting-inequalities/disability/work***

***[1b] https://www.edf-feph.org/women-and-gender-equality/***

***[1c] Tuairimí deiridh maidir le tuarascáil tosaigh an Aontais Eorpaigh CRPD/C/AE/CO/1, an Coiste um Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, 2 Deireadh Fómhair 2015.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Foráiltear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, agus an Coimisiún Eorpach in Göteborg an 17 Samhain 2017 40 , go bhfuil ceart chun córa comhionainne agus chun deiseanna comhionanna ag gach duine, inter alia, gan beann ar mhíchumas, a mhéid a bhaineann le fostaíocht, cosaint shóisialta, oideachas, agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal (prionsabal 3). Ina theannta sin, aithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag daoine faoi mhíchumas chun seirbhísí lena gcuirtear ar a gcumas páirt a ghlacadh sa tsochaí (prionsabal 17). | (7) Foráiltear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, agus an Coimisiún Eorpach in Göteborg an 17 Samhain 2017[40], go bhfuil ceart chun córa comhionainne agus chun deiseanna comhionanna ag gach duine, inter alia, gan beann ar mhíchumas, a mhéid a bhaineann le fostaíocht, cosaint shóisialta, oideachas, rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí atá ar fáil don phobal (prionsabal 3)***; agus nach mór cóir chomhionann agus deiseanna comhionanna idir mná agus fir a áirithiú agus a chothú i ngach réimse (prionsabal 2)*** Ina theannta sin, aithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta go bhfuil an ceart ag daoine faoi mhíchumas chun seirbhísí a chuireann ar a gcumas páirt a ghlacadh sa mhargadh saothair agus sa tsochaí, agus timpeallacht oibre atá oiriúnaithe dá riachtanais (prionsabal 17). ***(1) Aithnítear i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta freisin go bhfuil sé de cheart ag gach duine rochtain thráthúil a fháil ar chúram sláinte inacmhainne, coisctheach agus leigheasach ar*** |

***ardchaighdeán (prionsabal 16).***

---

[40] An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.

[40] An Forógra Idirinstitiúideach maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.

**Leasú** 7

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(15 a) De bhrí gur féidir leis an gcúntóir pearsanta cúramóirí neamhfhoirmiúla amhail baill teaghlaigh a áireamh nó a chur san áireamh go bhfuil freagracht dhíréireach ar mhná as cúram neamhíoctha agus íoctha do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear baill teaghlaigh ar mná iad;*** |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(16 a) Is gá aghaidh a thabhairt ar an easpa ollmhór eolais maidir le hinrochtaineacht shíceasóisialta, agus is é sin an fáth nach ndéantar aon bhearta aonair ná struchtúracha chun deireadh a chur leis na bacainní a chuireann bac nó srian air, lena n-áirítear bacainní dearcaidh, riaracháin agus sistéamacha nó siombalacha, chun cuidiú le dul i ngleic leis an stiogma agus na claontachtaí as a n-eascraíonn idirdhealú, foréigean, mí-úsáid, eisiamh sóisialta agus deighilt, ar bacainní iad ar fheidhmiú éifeachtach chearta daoine faoi mhíchumas agus nach bhfuil i bhfabhar urraim a thabhairt dá neamhspleáchas, dá dtoilte ná dá*** |

| | |
|---|---|
| | ***roghanna.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá le cosaint níos láidre do mhná faoi mhíchumas. Ba cheart stádas fabhrach a bheith sa Chárta Eorpach Míchumais do mhná agus do chailíní faoi mhíchumas ar íospartaigh foréigin agus mí-úsáide iad, agus aird phráinneach á tabhairt orthu mar iad siúd is mó atá i mbaol, ionas gur féidir gníomhaíocht choisctheach a dhéanamh.*

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) I measc na samplaí de choinníollacha speisialta nó de chóir fhabhrach tá rochtain saor in aisce, taraifí laghdaithe, táillí nó muirir laghdaithe úsáideoirí ar dhola-bhóithre/droichid/tolláin, rochtain tosaíochta, suíocháin ainmnithe i bpáirceanna agus i limistéir phoiblí eile, suíocháin inrochtana in imeachtaí cultúrtha nó poiblí, cúnamh pearsanta, ainmhithe cúnaimh, cúnamh ar an trá chun dul isteach san uisce, tacaíocht (amhail rochtain ar braille, treoracha fuaime, ateangaireacht teanga comharthaíochta), soláthairtí áiseanna nó cúnamh, iasacht cathaoir rothaí, iasacht cathaoir rothaí ar snámh, faisnéis turasóireachta a fháil i bhformáidí inrochtana, úsáid as scútar soghluaisteachta ar bhóithre nó cathaoir rothaí i lánaí rothar gan fhíneáil, etc. Áirítear leis na coinníollacha agus na háiseanna páirceála páirceáil shínte nó spásanna páirceála coinnithe. Maidir le seirbhísí iompair do phaisinéirí, de bhreis ar na coinníollacha speisialta nó ar an gcóir fhabhrach a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le reachtaíocht nó cleachtais náisiúnta, féadfaidh ainmhithe cúnaimh, cúntóirí pearsanta nó daoine eile a bheidh in éineacht le daoine faoi mhíchumas (nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu) nó a bheidh ag cuidiú leo taisteal saor in aisce | (24) I measc na samplaí de choinníollacha speisialta nó de chóir fhabhrach tá rochtain saor in aisce, taraifí laghdaithe, táillí nó muirir laghdaithe úsáideoirí ar dhola-bhóithre/droichid/tolláin, rochtain tosaíochta, suíocháin ainmnithe i bpáirceanna agus i limistéir phoiblí eile, suíocháin inrochtana in imeachtaí cultúrtha nó poiblí, cúnamh pearsanta, ainmhithe cúnaimh, cúnamh ar an trá chun dul isteach san uisce, tacaíocht (amhail rochtain ar braille, treoracha fuaime, ateangaireacht teanga comharthaíochta), soláthairtí áiseanna nó cúnamh, iasacht cathaoir rothaí, iasacht cathaoir rothaí ar snámh, faisnéis turasóireachta a fháil i bhformáidí inrochtana, úsáid as scútar soghluaisteachta ar bhóithre nó cathaoir rothaí i lánaí rothar gan fhíneáil, etc. Áirítear leis na coinníollacha agus na háiseanna páirceála páirceáil shínte nó spásanna páirceála coinnithe. Maidir le seirbhísí iompair do phaisinéirí, de bhreis ar na coinníollacha speisialta nó ar an gcóir fhabhrach a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le reachtaíocht nó cleachtais náisiúnta, féadfaidh ainmhithe cúnaimh, cúntóirí pearsanta nó daoine eile a bheidh in éineacht le daoine faoi mhíchumas (nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu) nó a bheidh ag cuidiú leo taisteal saor in aisce |

nó suíochán a fháil, más féidir in aice leis an duine faoi mhíchumas.

nó suíochán a fháil, más féidir in aice leis an duine faoi mhíchumas. ***Maidir le bearta éifeachtacha a ghlacadh chun soghluaisteacht a áirithiú, is gá machnamh a dhéanamh ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas ar na modhanna éagsúla iompair phoiblí (traein, eitleán, etc.) agus ar gá dóibh a gcathaoir rothaí féin a úsáid mar gheall ar an speisialtóireacht is gá chun a sábháilteacht a ráthú.***

*Réasúnú*

*Neamh-idirdhealú daoine faoi mhíchumas. Ba cheart na cearta uile a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar an mbonn céanna le daoine eile. Áirítear leis sin a bheith in ann saorghluaiseacht daoine a theachtadh gan bhacainní ar a ngluaiseachtaí agus leis an tacaíocht aonair atá ag teastáil ó gach duine. Inrochtaineacht uilíoch a áirithiú, de réir Airteagal 9 de CRPD, i gcomhréir leis na leasuithe roimhe seo.*

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3a agus 3b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) Seirbhísí faisnéise agus comhairleoireachta do mhná agus do chailíní faoi mhíchumas.*** |
| | ***(3b) seirbhís faisnéise speisialaithe, cúnamh agus tacaíocht do mhná agus do chailíní faoi mhíchumas ar íospartaigh foréigin iad.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun aitheantas a thabhairt do gach duine faoi mhíchumas a bhfuil Cárta*** |

***Míchumais Eorpach acu chun a áirithiú go n-aithnítear an cárta go frithpháirteach mar mhodh cosanta ar idirdhealú ar fhorais mhíchumais, agus an ceart rochtana dá réir sin ar fud an Aontais ar na leigheasanna agus na sásraí a sholáthraítear i gcoinne sáruithe ar chearta agus easpa córa comhionainne éifeachtaí; go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an Cárta Míchumais Eorpach chomh hinrochtana céanna do dhaoine faoi mhíchumas gan beann ar ghnéas, inscne, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfar an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint mar chárta fisiceach agus déanfar é a chomhlánú le formáid dhigiteach nuair a ghlacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 7. Tabharfar an rogha do dhaoine faoi mhíchumas an cárta digiteach nó an cárta fisiceach, nó an dá cheann, a úsáid. | 5. Déanfar an Cárta Míchumais Eorpach a eisiúint mar chárta fisiceach agus déanfar é a chomhlánú le formáid dhigiteach nuair a ghlacfar na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 7. Tabharfar an rogha do dhaoine faoi mhíchumas an cárta digiteach nó an cárta fisiceach, nó an dá cheann, a úsáid. ***Déanfar an próiseas chun Cárta Míchumais Eorpach a iarraidh agus a fháil arna eisiúint ag na Ballstáit a dhearadh ar bhealach simplithe. I gcás na ndaoine faoi mhíchumas a dhéanann iarratas ar an gcárta, d’fhéadfaí, mar shampla, a gceanglais shonracha a liostú ar chúl an chárta. Ar an gcaoi sin, níor cheart aon bhac fisiciúil ná digiteach a bheith ann maidir lena rochtain chomhionann a dheonú ar an gcárta a eisiúint nó a athnuachan saor in aisce. Tá sé tábhachtach a inrochtaineacht iomlán*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus a inúsáidteacht iomlán a ráthú do gach duine faoi mhíchumas, go háirithe ag mná agus cailíní faoi mhíchumas atá i mbaol go háirithe a bheith eisiata go digiteach.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail agus chun daoine faoi mhíchumas a chur ar an eolas, lena n-áirítear ar bhealaí inrochtana, go bhfuil an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas ann agus faoi na coinníollacha maidir leis na cártaí sin a fháil, a úsáid nó a athnuachan. | 2. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun feasacht a mhúscailt i measc an phobail, ***lena n-áirítear d'údaráis phoiblí agus do sholáthraithe seirbhíse príobháideacha a bhfuil sé d'acmhainn acu tacaíocht shaincheaptha a thairiscint de bhun Airteagal 5, maidir leis an gcárta a bheith ann agus maidir le coinníollacha an chárta.*** Cuirfidh na Ballstáit daoine faoi mhíchumas ar an eolas freisin, lena n-áirítear ar bhealaí inrochtana agus cuimsitheacha ó thaobh inscne de, faoin gCárta Míchumais Eorpach agus faoin gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas a bheith ann agus faoi choinníollacha chun iad a fháil, a úsáid nó a athnuachan. ***Ba cheart dóibh freisin comhordú a dhéanamh ar oiliúint chuimsitheach príomhshruthaithe inscne do na gníomhaithe uile lena mbaineann.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 | 4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 |

| | |
|---|---|
| maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. | maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. ***Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle freisin le saineolaithe comhionannais inscne agus iarrfaidh sé sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne ag gach Ballstáit agus Údaráis inniúla an Aontais d'fhonn príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne a fheabhsú i gcás inar gá.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) forálacha trína bhféadfaidh comhlachtaí poiblí nó comhlachais phríobháideacha, eagraíochtaí príobháideacha nó eintitis dhlíthiúla eile ag a bhfuil leas dlisteanach i gcomhlíonadh fhorálacha na Treorach seo a áirithiú gníomhaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na nósanna imeachta náisiúnta os comhair na gcúirteanna nó os comhair na gcomhlachtaí inniúla riaracháin thar ceann duine faoi mhíchumas nó chun tacú leis nó léi, lena chead nó lena cead, in aon imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin arna soláthar chun oibleagáidí faoin Treoir seo a fhorfheidhmiú. | (b) forálacha trína bhféadfaidh comhlachtaí poiblí amhail Comhlachtaí Comhionannais nó comhlachais phríobháideacha, eagraíochtaí nó eintitis dhlíthiúla eile a bhfuil leas dlisteanach acu a áirithiú go gcomhlíontar forálacha na Treorach seo caingean a thabhairt i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis na nósanna imeachta náisiúnta os comhair na gcúirteanna nó os comhair na gcomhlachtaí riaracháin inniúla thar ceann nó chun tacú le duine faoi mhíchumas, lena gcead, in aon imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin dá bhforáiltear chun oibleagáidí faoin Treoir seo a fhorfheidhmiú. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar aghaidh sa tuarascáil, inter alia, i bhfianaise forbairtí sóisialta, ar úsáid an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an Treoir seo a | 2. Tabharfar aghaidh sa tuarascáil, inter alia, ar úsáid an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas i bhfianaise forbairtí sóisialta agus eacnamaíocha sna Ballstáit agus san |

athbhreithniú.

Aontas ina iomláine, d’fhonn measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir seo. ***Áireofar sa tuarascáil anailís inscne, ina ndíreofar ar an gcaoi a raibh tionchar iarbhír agus féideartha ag forálacha na Treorach seo ar shaorghluaiseacht ban agus cailíní faoi mhíchumas. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil freisin ar éifeachtacht na mbeart dreasachta arna soláthar ag na Ballstáit do sholáthraithe seirbhíse. Cuirfear san áireamh ann an t-aiseolas ó dhaoine faoi mhíchumas agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha, go háirithe eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus eagraíochtaí atá ag comhrac ar son an chomhionannais inscne, chomh maith le geallsealbhóirí eacnamaíocha. Cruthóidh an Coimisiún tairseach dhigiteach ar a mbeidh an fhaisnéis go léir maidir leis na tairbhí a bhaineann leis an gCárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach a shealbhú i ngach Ballstát ar bhealach atá cuimsitheach ó thaobh inscne de.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis uile is gá in iúl don Choimisiún, arna iarraidh sin dó agus in am trátha, chun go bhféadfaidh an Coimisiún tuarascáil den sórt sin a tharraingt suas. | 3. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis uile is gá in iúl don Choimisiún, arna iarraidh sin dó agus in am trátha, chun go bhféadfaidh an Coimisiún tuarascáil den sórt sin a tharraingt suas. ***Áireofar san fhaisnéis sin, inter alia, gné shoiléir inscne maidir le cur chun feidhme an Chárta Míchumais. Baileoidh na Ballstáit sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de chun na cineálacha il-idirdhealaithe a mbíonn ar mhná agus cailíní faoi mhíchumas aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint agus coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach á rochtain acu i ndáil*** |

***le seirbhísí, gníomhaíochtaí nó saoráidí, nó dálaí agus saoráidí páirceála a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas nó atá forchoimeádta dóibh nó atá forchoimeádta do dhaoine a ghabhann leo nó a thugann cúnamh dóibh, lena n-áirítear a gcúntóir pearsanta, i gcomhréir leis na hoibleagáidí a eascraíonn as an gCárta Míchumais Eorpach nó as an gCárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, ba cheart na sonraí sin a úsáid chun measúnú tionchair inscne a dhéanamh ar an Treoir agus a ráthú go ndéanfar athbhreithniú príomhshruthaithe inscne uirthi amach anseo.***

## ANNEX: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR FOR THE OPINION HAS RECEIVED INPUT

The following list is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur for the opinion. The rapporteur has received input from the following entities or persons in the preparation of the [draft opinion / opinion, until the adoption thereof in committee]:

| **Entity and/or person** |
|---|
| CERMI- Comité Español de Representantes de Personas con Discapacidad |
| ONCE-Organización Nacional de Ciegos Españoles |
| Asociación Autismo España |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas |
| **Tagairtí** | COM(2023)0512 – C9-0328/2023 – 2023/0311(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | EMPL<br>19.10.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach | FEMM<br>19.10.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Rosa Estaràs Ferragut<br>10.10.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 30.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 22<br>–: 1<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Margarita de la Pisa Carrión, Frances Fitzgerald, Radka Maxová, Johan Nissinen, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Pina Picierno, Maria Veronica Rossi, Christine Schneider |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Marina Kaljurand, Aušra Maldeikienė, Silvia Modig, Susana Solís Pérez, Pernille Weiss, Angelika Winzig |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Jakop G. Dalunde, France Jamet, Grace O'Sullivan, Tomáš Zdechovský |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 22 | + |
|---|---|
| ECR | Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | France Jamet, Maria Veronica Rossi |
| PPE | Isabella Adinolfi, Frances Fitzgerald, Helmut Geuking, Aušra Maldeikienė, Christine Schneider, Pernille Weiss, Angelika Winzig, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Susana Solís Pérez |
| S&D | Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Marina Kaljurand, Radka Maxová, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Pina Picierno |
| The Left | Silvia Modig |
| Na Glasaigh/SCE | Grace O'Sullivan |

| 1 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

29.11.2023

## LITIR ÓN GCOISTE UM ACHAINÍOCHA

An tUasal Dragoș Pîslaru,
A Chathaoirligh
An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar dhréacht-tuarascáil EMPL ar an Togra le haghaidh Treorach lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas (COM(2023)0512 – C9-0328/2023 – (2023/0311(COD))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta thuasluaite, iarradh ar an gCoiste um Achainíocha tuairim a chur faoi bhráid do choiste. Ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Deireadh Fómhair 2023, chinn an coiste an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach. Rinne an coiste breithniú ar an ábhar ag an gcruinniú a bhí aige an 29 Samhain 2023[1] agus ghlac sé an tuairim ag an gcruinniú sin.

Is é an Coiste um Achainíocha an pointe fócasach do na saoránaigh chun dul i dteagmháil agus chun malartú le Parlaimint na hEorpa. Eagraíonn an Coiste um Achainíocha an Cheardlann um Chearta Daoine faoi Mhíchumas sa Pharlaimint gach bliain, is cuid de chlár na Seachtaine Míchumais a eagraíonn do choiste i mbliana, agus is comhalta gníomhach é PETI i gCreat CRPD na Náisiún Aontaithe.

Is díol sásaimh dúinn an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Treorach lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas mar thionscnamh a rabhthas ag súil leis le fada chun freagairt don idirdhealú a fulaingíodh agus d'imní na saoránach faoi mhíchumas. Leis an ionstraim sin, ráthófar neamh-idirdhealú agus gluaiseacht ar fud thíortha AE agus cruthófar cinnteacht agus bainfear bacainní riaracháin do dhaoine faoi mhíchumas agus d'oibreoirí príobháideacha agus poiblí seirbhísí, saoráidí agus gníomhaíochtaí araon.

Go deimhin, léirigh go leor achainíocha na constaicí a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas atá srianta ó thaobh a rochtana comhionainne ar an gceart chun saorghluaiseachta agus inrochtaineachta. Moltar sna hachainíocha sin go dtabharfaí isteach Cárta Míchumais, Cárta Páirceála AE a aithnítear ar fud AE agus aitheantas frithpháirteach do mhéid an mhíchumais ag na Ballstáit, chun an comhionannas in AE a ráthú. Beidh an Cárta Míchumais ina chabhair

[1] Bhí na daoine seo a leanas i láthair don vótáil chríochnaitheach: Dolors Montserrat (Cathaoirleach agus Rapóirtéir), Yana Toom (Leas-Chathaoirleach), Asim Ademov, Andris Ameriks, Marc Angel, Margrete Auken, Petras Auštrevičius, Vasile Blaga, Karolin Braunsberger-Reinhold, Daniel Buda, Maria Angela Danzì, Angel Dzhambazki, Ibán García Del Blanco, Alexis Georgoulis, Vlad Gheorghe, Sylvie Guillaume, Peter Jahr, Virginie Joron, Marina Kaljurand, Radan Kanev, Stelios Kympouropoulos, Cristina Maestre Martín De Almagro, Ana Miranda, Alin Mituța, Andrey Slabakov, Rainer Wieland, Michal Wiezik, Kosma Złotowski, Tatjana Ždanoka

chomh maith do dhaoine faoi mhíchumas dofheicthe, is minic a bhíonn bacainní breise dearcaidh rompu.

Ó tá ábhar an Chárta Míchumais Eorpaigh agus an Chárta Páirceála Eorpaigh tráthúil, chuir an Coiste um Achainíocha an togra le haghaidh Treorach lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach i gcuntas cheana mar atá sa Rún ar chearta daoine a bhfuil uathachas orthu a chomhchuibhiú agus sa Tuarascáil ar dhaoine faoi mhíchumas a chosaint trí achainíocha: ceachtanna a foghlaimíodh. D'iarr an Coiste go n-áireofaí gach cás ina dtairgeann oibritheoirí príobháideacha nó údaráis phoiblí coinníollacha speisialta nó cóir fhabhrach do dhaoine faoi mhíchumas. Ina theannta sin, d'iarr an Coiste um Achainíocha go n-áiritheofaí leis an gcárta seo an ceart chun saorghluaiseachta ar fud AE do dhaoine faoi mhíchumas, trí aitheantas frithpháirteach ar stádas míchumais a dheonú do shealbhóirí cártaí. Ar deireadh, spreag sé na Ballstáit a bheith uaillmhianach maidir le raon feidhme na dteidlíochtaí a bheidh ag úsáideoirí na gcártaí agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfidh gach Ballstát chun feidhme go cuí iad trí reachtaíocht cheangailteach;

Ba cheart go mbeadh an Cárta Míchumais Eorpach deonach, saor in aisce le fáil agus le hathnuachan, gan aon oibleagáid é a thaispeáint do sheirbhísí a dheonaítear faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais. Ba cheart go nglacfaí leis i ngach Ballstát de AE, a chuirfeadh cúnamh leordhóthanach liachta agus sóisialta ar fáil. Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún Eorpach cúnamh teicniúil a sholáthar do na Ballstáit chun treoir EDC a chur chun feidhme agus ní mór dó oiliúint agus treoirlínte sonracha a fhorbairt i gcás earnálacha iolracha chun moilleanna i bhfíorú agus sa chalaois a sheachaint. Ar deireadh, ba cheart gur cheanglas ar aon tír ar mhian léi dul isteach in AE cur chun feidhme na bhforálacha maidir leis an gcárta.

Mar sin, ba mhaith liom iarraidh ort ábhair imní agus dearcthaí sin na saoránach a chur i gcuntas go hiomlán mar a thuairiscítear sna hachainíocha, agus iad a áireamh i dtuarascáil reachtach EMPL ar an Togra le haghaidh Treorach lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas.

Le dea-mhéin,

Dolors Montserrat

# IARSCRÍBHINN: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

The following list is drawn up under the exclusive responsibility of the rapporteur. The rapporteur has received input from the following entities or persons in the preparation of the draft opinion, until the adoption thereof in committee:

| **Entity and/or person** |
|---|
| The rapporteur declares that she did not receive any input from any entity or person |
| |
| |

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | An Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach a bhunú do dhaoine faoi mhíchumas |
| **Tagairtí** | COM(2023)0512 – C9-0328/2023 – 2023/0311(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 7.9.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | EMPL<br>19.10.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO 19.10.2023 ; TRAN 19.10.2023 ; FEMM 19.10.2023 ; PETI 19.10.2023 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>19.10.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Lucia Ďuriš Nicholsonová<br>4.10.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 19.9.2023 ; 7.11.2023 ; 30.11.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 11.1.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Atidzhe Alieva-Veli, Dominique Bilde, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Jordi Cañas, David Casa, Leila Chaibi, Ilan De Basso, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Radan Kanev, Ádám Kósa, Katrin Langensiepen, Elena Lizzi, Sara Matthieu, Jozef Mihál, Max Orville, Dennis Radtke, Antonio Maria Rinaldi, Mounir Satouri, Monica Semedo, Eugen Tomac, Romana Tomc, Nikolaj Villumsen, Maria Walsh |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Catherine Amalric, Romeo Franz, Lina Gálvez Muñoz, José Gusmão, Carina Ohlsson |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria Noichl, Vera Tax |
| **Dáta don chur síos** | 12.1.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 39 | + |
|---|---|
| ECR | Chiara Gemma |
| ID | Dominique Bilde, Elena Lizzi, Antonio Maria Rinaldi |
| NI | Ádám Kósa |
| PPE | David Casa, Jarosław Duda, Cindy Franssen, Radan Kanev, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Abir Al-Sahlani, Catherine Amalric, Jordi Cañas, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Jozef Mihál, Max Orville, Monica Semedo |
| S&D | João Albuquerque, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Estrella Durá Ferrandis, Lina Gálvez Muñoz, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Vera Tax |
| The Left | Leila Chaibi, José Gusmão, Nikolaj Villumsen |
| Verts/ALE | Romeo Franz, Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Mounir Satouri |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh